



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2025
(OR. en)

10274/25
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0163(NLE)

AELE 52
CH 18
MI 395
ESPACE 47

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	13 Meitheamh 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 308 iarscríbhinn
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú, agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 308 - Iarscríbhinn 1.

Encl.: COM(2025) 308 iarscríbhinn



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.6.2025
COM(2025) 308 final

ANNEX 1

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú, agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis

PRÓTACAL LEASAITHEACH
A GHABHANN LEIS AN gCOMHAONTÚ
IDIR AN COMHPHOBAL EORPACH AGUS A BHALSTÁIT,
DE PHÁIRT,
AGUS CÓNAIDHM NA hEILVÉISE, DEN PHÁIRT EILE,
MAIDIR LE SAORGLUAISEACHT DAOINE

TÁ AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear ‘an tAontas’ anseo feasta,

agus

CÓNAIDHM NA hEILVÉISE, dár ngairtear ‘an Eilvéis’ anseo feasta;

AG FÉACHAINT don Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 21 Meitheamh 1999, (dá ngairtear an ‘Comhaontú’ anseo feasta), a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2002;

AG FÉACHAINT don Phrótacal a ghabhann le Comhaontú an 21 Meitheamh 1999 idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine i ndáil le rannpháirtíocht, mar Pháirtithe Conarthacha, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice de bhun a n-aontachais leis an Aontas Eorpach, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 26 Deireadh Fómhair 2004, a tháinig i bhfeidhm an 1 Aibreán 2006;

AG FÉACHAINT don Phrótacal a ghabhann le Comhaontú an 21 Meitheamh 1999 idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine i ndáil le rannpháirtíocht, mar Pháirtithe Conarthacha, Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine de bhun a n-aontachais don Aontas Eorpach, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 27 Bealtaine 2008, a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2009;

AG FÉACHAINT don Phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine, i ndáil le rannpháirtíocht Phoblacht na Cróite mar Pháirtí Conarthach, tar éis a haontachais don Aontas Eorpach, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 4 Márta 2016, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017;

DE BHRÍ GO BHFUIL comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas ina gceangal ar institiúidí an Aontais agus ar a Bhallstáit; dá bhrí sin, tá feidhm ag an bPrótacal seo maidir leis na Páirtithe Conarthacha mar a leagtar amach sa Chomhaontú;

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

AIRTEAGAL 1

Leasuithe ar an gComhaontú

Leasaítear an Comhaontú mar a leanas:

(1) sa bhrollach, cuirtear na haithrisí seo a leanas isteach i ndiaidh an dara haithris:

‘AG AITHINT DÓIBH gur gné thábhachtach den mhargadh inmheánach í an tsaoirse gluaiseachta agus go neartaítear feidhmiú na gcodanna sin den mhargadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach trí cheart náisiúnaigh na bPáirtithe Conarthacha, chomh maith lena mbaill teaghlaigh, teacht isteach agus cónaí sna críocha lena mbaineann a áirithiú, saor ó shrianta gan údar agus lánurraim á tabhairt don cheart chun córa comhionainne;

ÓS FEASACH DÓIBH aonfhoirmeacht a áirithiú sna codanna den mhargadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach, ar an tuiscint go bhfuil an Comhaontú le léirmhíniú i gcomhréir le prionsabal an léirmhínithe aonfhoirmigh a leagtar amach in Airteagal 7 den Phrótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú seo. Caomhnaítear inniúlacht Chúirt Chónaidhme na hEilvéise agus gach cúirte eile de chuid na hEilvéise chomh maith le hinniúlacht chúirteanna Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an Comhaontú seo a léirmhíniú i gcásanna aonair;

AG MEABHRÚ DÓIBH go mbaineann an tsaoirse gluaiseachta agus an ceart chun córa comhionainne le náisiúnaigh Páirtí Chonarthaigh amháin a fheidhmíonn a gcearta saorghluaiseachta nó a fhéachann lena gcearta saorghluaiseachta a fheidhmiú gan bogadh nó gan bogadh chun cónaí i gcríoch Páirtí Chonarthaigh eile go fóill. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh cearta áirithe a bhaineann le feidhmiú na saorghluaiseachta roimhe seo, lena n-áirítear an ceart chun córa comhionainne, leanúint d'fheidhm a bheith acu tar éis don náisiúnach de Pháirtí Conarthach scor de bheith ina chónaí i gcríoch Páirtí Chonarthaigh eile;

AG MEABHRÚ DÓIBH THAIRIS SIN go gcuimsíonn saorghluaiseacht daoine oibrithe, daoine féinfhostaithe agus daoine atá neamhghníomhach go heacnamaíoch, ar choinníoll go gcomhlíonann na daoine sin na ceanglais maidir le cónaí dleathach a leagtar amach sa Chomhaontú seo, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, acmhainní leordhóthanacha a bheith acu agus árachas breoiteachta cuimsitheach a bheith acu, ionas nach mbeidh siad ina n-ualach míréasúnta ar chórais cúnaimh shóisialta na bPáirtithe Conarthacha;

AGUS BÉIM Á LEAGAN ACU ar an gcuspóir comhpháirtíocht chuimsitheach an Aontais agus na hEilvéise a chomhdhlúthú agus a fhorbairt a mhéid is féidir,';

- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

‘AIRTEAGAL 4

Ceart cónaithe agus rochtain ar ghníomhaíocht eacnamaíoch

Déanfar an ceart cónaithe agus rochtain ar ghníomhaíocht eacnamaíoch a ráthú i gcomhréir le hIarscríbhinn I.’;

- (3) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

‘AIRTEAGAL 4a

Ceart bunaíochta

1. Beidh ceart bunaíochta ag náisiúnach de Pháirtí Conarthach i gcríoch Páirtí Chonarthach eile chun gníomhaíocht fhéinfhostaithe a shaothrú.
2. Faoi chuimsiú fhorálacha an Chomhaontaithe seo, toirmiscfear srianta ar shaoirse bhunaíochta náisiúnach de chuid Páirtí Chonarthach i gcríoch Páirtí Chonarthach eile. Beidh feidhm ag an toirmeasc sin freisin maidir le srianta ar bhunú gníomhaireachtaí agus brainsí ag náisiúnaigh d’aon Pháirtí Conarthach atá bunaithe i gcríoch aon Pháirtí Chonarthach.

AIRTEAGAL 4b

Cóir chomhionann daoine féinfhostaithe

1. Maidir le rochtain ar ghníomhaíocht fhéinfhostaithe agus an ghníomhaíocht sin a shaothrú, tabharfar cóir nach lú fabhar do dhuine féinfhostaithe sa tír óstach ná an chóir a thugtar dá náisiúnaigh féin.

2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha Airteagail 7 go 10 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011¹ maidir leis na daoine féinfhostaithe dá dtagraítear sa Chomhaontú seo.’;

(4) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Déanfar na cearta dá dtagraítear san Airteagal seo a ráthú i gcomhréir le hIarscríbhinní I, II agus III.’;

(5) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

‘AIRTEAGAL 5a

Soláthar seirbhísí

Maidir le soláthar seirbhísí, toirmiscfear an méid seo a leanas faoi Airteagal 5 den Chomhaontú seo:

(a) aon srian ar sholáthar trasteorann seirbhísí i gcríoch Páirtí Chonarthaigh nach faide ná 90 lá d’obair iarbhair in aghaidh na bliana féilire;

¹ Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 (IO L 141, 27.5.2011, lch. 1), de réir mar is infheidhme de réir Iarscríbhinn I.

- (b) aon srian ar an gceart iontrála agus cónaithe sna cásanna a chumhdaítear le hAirteagal 5(2) den Chomhaontú seo a bhaineann le fostaithe, nach bhfuil náisiúntacht ceann de na Páirtithe Conarthacha acu, le daoine a sholáthraíonn seirbhísí, ar daoine iad atá imeasctha i ngnáthmhargadh saothair Páirtí Chonarthaigh amháin agus atá ar postú chun seirbhís a sholáthar i gcríoch Páirtí Chonarthaigh eile gan dochar d'Airteagal 7i.

AIRTEAGAL 5b

Cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí

Beidh feidhm ag forálacha Airteagal 5a maidir le cuideachtaí arna bhfoirmiú i gcomhréir le dlí na bPáirtithe Conarthacha agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu i gcríoch Páirtí Chonarthaigh.

AIRTEAGAL 5c

Cóir chomhionann do dhaoine a sholáthraíonn seirbhísí

Duine a sholáthraíonn seirbhísí a bhfuil sé de cheart aige nó ar údaraíodh dó seirbhís a sholáthar, féadfaidh sé, chun críocha a soláthair, a ghníomhaíocht a shaothrú go sealadach sa stát ina soláthraítear an tseirbhís ar na téarmaí céanna leis na téarmaí a fhorchuireann an stát sin ar a náisiúnaigh féin, i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo agus Iarscríbhinní I, II agus III.

AIRTEAGAL 5d

Rialacha maidir le háit chónaithe daoine a sholáthraíonn seirbhísí

1. Daoine a sholáthraíonn seirbhísí ar náisiúnaigh de Bhallstáit an Aontais nó den Eilvéis iad agus atá bunaithe i gcríoch Páirtí Chonarthaigh seachas críoch an duine a fhaigheann na seirbhísí agus fostaithe, gan beann ar a náisiúntacht, na ndaoine a sholáthraíonn seirbhísí, atá imeasctha i ngnáthmhargadh saothair Páirtí Chonarthaigh amháin agus atá ar postú chun seirbhís a sholáthar i gcríoch Páirtí Chonarthaigh eile agus a bhfuil sé de cheart acu, nó ar údaraíodh dóibh, seirbhís a sholáthar ar feadh tréimhse is faide ná 90 lá d'obair iarbhir in aghaidh na bliana féilire, gheobhaidh siad, chun bunús a thabhairt leis an gceart sin, cead cónaithe ar feadh tréimhse atá comhionann leis an tréimhse soláthair seirbhísí is faide ná 90 lá oibre iarbhir in aghaidh na bliana féilire.

2. Chun críocha ceadanna den sórt sin a eisiúint, ní fhéadfaidh na Páirtithe Conarthacha a cheangal ar na daoine dá dtagraítear i mír 1 níos mó ná:

- (a) cárta aitheantais nó pas bailí, gan dochar d'Airteagal 7i;
- (b) fianaise go bhfuil seirbhís á cur ar fáil acu, nó gur mian leo seirbhís a sholáthar.

AIRTEAGAL 5e

Fad an tsoláthair seirbhísí

1. Ní fhéadfaidh fad iomlán an tsoláthair seirbhísí faoi phointe (a) d'Airteagal 5a, bíodh sé leanúnach nó comhdhéanta de thréimhsí leanúnacha soláthair, a bheith níos faide ná 90 lá d'obair iarbhir in aghaidh na bliana féilire.

2. Beidh forálacha mhír 1 gan dochar do chomhlíonadh a oibleagáidí dlíthiúla ag an duine a sholáthraíonn seirbhís faoin ráthaíocht a tugadh don duine a fhaigheann an tseirbhís nó do chúiseanna force majeure.

AIRTEAGAL 5f

Na rialacha is infheidhme maidir le seirbhísí a sholáthar

1. Ní bheidh feidhm ag forálacha Airteagail 5a agus 5c maidir le gníomhaíochtaí lena mbaineann, fiú ar bhonn ócáideach, feidhmiú údaráis phoiblí sa Pháirtí Conarthach lena mbaineann.

2. Ní chuirfidh forálacha Airteagail 5a agus 5c agus bearta arna nglacadh dá mbua bac ar infheidhmeacht dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin lena bhforáiltear do choinníollacha oibre agus fostaíochta a chur i bhfeidhm maidir le daoine fostaithe ar postú chun seirbhís a sholáthar, i gcomhréir le gníomhartha dlí ábhartha an Aontais maidir le hoibrithe a phostú dá dtagraítear in Iarscríbhinn I.

3. Beidh forálacha phointe (a) d’Airteagal 5a agus Airteagal 5c gan dochar d’infheidhmeacht na ndlíthe, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin a bhí i réim sna Páirtithe Conarthacha uile tráth theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo an 1 Meitheamh 2002 maidir leis an méid seo a leanas:

(i) gníomhaíochtaí gníomhaireachtaí fostaíochta sealadaí agus eatramhaí. Go háirithe, ní bheidh de thoradh ar ailíniú dinimiciúil na hEilvéise le Rialachán (AE) 2016/589¹ nach mbeidh an Eilvéis in ann a dlíthe, a rialacháin agus a forálacha riaracháin náisiúnta a chur i bhfeidhm a thuilleadh maidir leis na gníomhaíochtaí sin;

¹ Rialachán (AE) 2016/589 (IO L 107, 22.4.2016, lch. 1), de réir mar is infheidhme de réir Iarscríbhinn I.

- (ii) seirbhísí airgeadais i gcás ina mbeidh an soláthar faoi réir údarú roimh ré i gcríoch Páirtí Chonarthaigh agus ina mbeidh an soláthar faoi réir maoirseachta stuamachta ag údaráis an Pháirtí Chonarthaigh sin.

AIRTEAGAL 5g

Tréimhse réamhfhógra agus rialuithe

1. Beidh an Eilvéis in ann tréimhse réamhfhógra 4 lá oibre ar a mhéad a chur i bhfeidhm in earnálacha sonracha roimh thús an tsoláthair seirbhíse le haghaidh soláthraithe seirbhíse atá féinfhostaithe agus a sholáthraíonn seirbhísí ina críoch agus roimh an bpostú do sholáthraithe seirbhíse a phostálann oibrithe ar a críoch chun rialuithe ar an láthair a dhéanamh.
2. Saineoidh an Eilvéis go huathrialach cainníocht an rialaithe agus an dlús rialaithe, chomh maith leis na hearnálacha agus na limistéir atá le rialú, lena n-áirítear earnálacha agus limistéir nach gcumhdaítear leis an tréimhse réamhfhógra 4 lá oibre ar a mhéad, ar bhonn anailís riosca oibiachtúil, ar bhealach comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, agus é á chur san áireamh go dteorannaíonn an Comhaontú an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar do 90 lá oibre iarbhair in aghaidh na bliana féilire.
3. Déanfar cinneadh na n-earnálacha a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil.

AIRTEAGAL 5h

Ráthaíochtaí airgeadais agus smachtbhannaí airgeadais

I gcás soláthraithe seirbhíse nár chomhlíon a n-oibleagáidí airgeadais i leith údaráis agus comhlachtaí forfheidhmiúcháin dá dtagraítear sa Dearbhú Comhpháirteach maidir le córais rialaithe éifeachtacha lena n-áirítear córas dé-fhorfheidhmiúcháin na hEilvéise maidir le soláthar seirbhísí roimhe sin, beidh an Eilvéis in ann a cheangal go ndéanfar ráthaíocht airgeadais chomhréireach a thaisceadh sula bhféadfaidh siad seirbhísí a sholáthar arís in earnálacha arna gcinneadh ar bhonn anailís riosca uathrialach agus oibiachtúil.

I gcás nach n-íocfar an ráthaíocht airgeadais, beidh an Eilvéis in ann smachtbhannaí comhréireacha a fhorchur suas leis an toirmeasc ar sheirbhísí a sholáthar go dtí go n-íocfar an ráthaíocht.

AIRTEAGAL 5i

Cruthúnas ar fhéinfhostaíocht

Chun feiniméan na féinfhostaíochta bréagaí a chomhrac trí rialuithe éifeachtúla rioscabhunaithe, beidh an Eilvéis in ann a cheangal ar sholáthraithe seirbhíse féinfhostaithe doiciméid a sholáthar lena bhféadfar rialuithe éifeachtacha a dhéanamh faoi chuimsiú rialuithe *ex post* (ar a mhéad: deimhniú clárúcháin, más infheidhme; cruthúnas ar chlárú leis na húdaráis slándála sóisialta mar dhuine féinfhostaithe sa tír chónaithe; cruthúnas ar an gcaidreamh conarthach).

AIRTEAGAL 5j

Neamh-cúlchéimniú

1. Chun an leibhéal cosanta d'oibrithe ar postú a choinneáil mar a comhaontaíodh idir an Eilvéis agus an tAontas sa Chomhaontú seo tráth theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithe, ní dhéanfar leasuithe ar Threoracha 96/71/CE¹ agus 2014/67/AE² nó gníomhartha dlí nua de chuid an Aontais maidir le postú oibrithe, d'ainneoin Airteagal 5 den Phrótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú seo, a chomhtháthú sa Chomhaontú seo a mhéid a bheadh sé d'éifeacht acu leibhéal cosanta na n-oibrithe ar postú a lagú nó a laghdú go fóinteach maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha fostaíochta, go háirithe luach saothair agus liúntais.

2. Chun críocha mhír 1, déanfar aon athrú ar leibhéal cosanta na n-oibrithe ar postú a mheasúnú ina dhomhandacht, agus forálacha ábhartha uile an Chomhaontaithe seo á gcur san áireamh.

AIRTEAGAL 5k

Daoine a fhaigheann seirbhísí

Náisiúnaigh de Bhallstát den Aontas nó den Eilvéis a thagann isteach i gcríoch Páirtí Chonarthaigh chun seirbhísí a fháil, agus chuige sin amháin, féadfar a cheangal orthu clárú i gcomhréir leis na gníomhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I.;

¹ Treoir 96/71/CE (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1), de réir mar is infheidhme de réir Iarscríbhinn I tráth theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithe.

² Treoir 2014/67/AE (IO L 159, 28.5.2014, lch. 11), de réir mar is infheidhme de réir Iarscríbhinn I tráth theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithe.

(6) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

‘AIRTEAGAL 7a

Oibrí teorann

Is náisiúnach de Pháirtí Conarthach é oibrí teorann a ghabhann do ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe i bPáirtí Conarthach agus a bhfuil cónaí air sa Pháirtí Conarthach eile a bhfilleann sé chuige, de ghnáth, gach lá nó uair sa tseachtain ar a laghad.

Féadfaidh údaráis inniúla an Pháirtí Chonarthach ina ngabhaidh an t-oibrí teorann don ghníomhaíocht ar feadh tréimhsí oibre is faide ná 3 mhí in aghaidh na bliana féilire an t-oibrí teorann a chlárú chun críocha dearbhaithe.

Eiseoidh na húdaráis inniúla deimhniú clárúcháin dearbhaitheach don oibrí teorann saor in aisce nó ar mhúirear nach mó ná an méid a fhorchuirtear ar náisiúnaigh as doiciméid chomhchosúla a eisiúint.

Beidh clárú de bhun an Airteagail seo gan dochar do chearta agus d'oibleagáidí na n-oibrithe teorann lena mbaineann dá bhforáiltear sna gníomhartha dá dtagraítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú seo. Maidir le tréimhsí oibre atá níos giorra ná 3 mhí nó suas le 3 mhí, féadfaidh na Páirtithe Conarthacha an nós imeachta um fhógra a thabhairt a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an bhfógra faoi dhul i mbun fostaíochta.

AIRTEAGAL 7b

Mic léinn

Maidir le mac léinn nach bhfuil ceart cónaithe aige nó aici i gcríoch an Pháirtí Chonarthaigh eile ar bhonn aon fhorála eile den Chomhaontú seo, féadfar a cheangal air nó uirthi clárú de réir na ngníomhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I. Ní rialaítear leis an gComhaontú seo rochtain ar ghairmoiliúint ná ar chúnamh cothabhála a thugtar do na mic léinn a chumhdaítear leis an Airteagal seo.

- (a) d'ainneoin na habairte roimhe seo, beidh feidhm ag Airteagal 2, gan beann ar áit chónaithe an mhic léinn, maidir le táillí teagaisc agus gach táille nó muirear eile a bhaineann le staidéir, chomh maith le gach sásra tacaíochta poiblí a bhaineann leis sin, is infheidhme maidir le mic léinn ag:
 - (i) ollscoileanna, institiúidí ollscoile, ollscoileanna eolaíochtaí feidhmeacha, ollscoileanna institiúidí eolaíochtaí feidhmeacha agus institiúidí ardoideachais cleamhnaithe le haon cheann díobh sin san Eilvéis, arna maoiniú den chuid is mó le cistí poiblí, agus
 - (ii) aon institiúid chomhfhreagrach san Aontas;
- (b) faoi réir chaomhnú cháilíocht agus shainiúlachtaí na gcóras oideachais atá ann cheana i ngach Páirtí Conarthach, lena n-áirítear a córais iontrála agus eagrú inniúlachtaí, ní laghdóidh gach Páirtí Conarthach leibhéal foriomlán na mac léinn ina institiúidí a luaitear faoi phointe (a) ar náisiúnaigh de na Páirtithe Conarthacha eile iad agus nach raibh ceart cónaithe acu ina chríoch sular thug siad faoina gcuid staidéar, ó dháta theacht i bhfeidhm na forála seo. Ar mhaithe le soiléireacht, ní thabharfar le tuiscint leis an abairt roimhe seo go bhfuil oibleagáid ar na Páirtithe Conarthacha a gcórais iontrála féin a mhodhnú nó an leibhéal thuasluaite mac léinn a mhéadú nó leibhéal íosta áiteanna a chur in áirithe do mhic léinn ó na Páirtithe Conarthacha eile;

- (c) ní dhéanfaidh na Páirtithe Conarthacha idirdhealú i measc náisiúnaigh na bPáirtithe Conarthacha eile agus pointí (a) agus (b) á gcur i bhfeidhm acu.

AIRTEAGAL 7c

Údarás poiblí a fheidhmiú

1. Féadfar an ceart chun dul i mbun fostaíochta sa tseirbhís phoiblí a dhiúltú do náisiúnach de chuid Páirtí Chonarthaigh a shaothraíonn gníomhaíocht mar dhuine fostaithe, ar fostaíocht í lena mbaineann cumhacht phoiblí a fheidhmiú agus lena mbeartaítear leasanna ginearálta an Stáit nó comhlachtaí poiblí eile a chosaint.
2. Féadfar an ceart a dhiúltú do dhuine féinfhostaithe gníomhaíocht a shaothrú a bhaineann, fiú ar bhonn ócáideach, le feidhmiú údarais phoiblí.

AIRTEAGAL 7d

Beartas poiblí

Ní fhéadfar na cearta a dheonaítear faoi fhorálacha an Chomhaontaithe seo a shrianadh ach amháin trí bhíthin bearta a bhfuil údar leo ar fhorais an bheartais phoiblí, na slándála poiblí nó na sláinte poiblí.

AIRTEAGAL 7e

Buanchónaí

Féadfaidh an Eilvéis agus na Ballstáit a chinneadh an ceart buanchónaithe de bhun Airteagal 16 de Threoir 2004/38/CE¹ a dheonú do shaoránaigh den Aontas agus náisiúnaigh den Eilvéis a chónaigh go dlíthiúil sa Stát óstach ar feadh 5 bliana san iomlán mar oibrithe nó mar dhaoine féinfhostaithe, lena n-áirítear iad siúd a choinníonn an stádas sin i gcomhréir leis an Treoir sin, chomh maith le baill teaghlaigh na ndaoine sin. Ar choinníoll gur cuid de thréimhse cónaithe dhlíthiúil amháin sa Stát óstach iad, ní cheanglófar na tréimhsí atá le cur san áireamh a bheith leanúnach ach féadfar iad a bhriseadh le tréimhsí cónaithe dlíthiúla mar dhaoine atá neamhghníomhach go heacnamaíoch.

Le haghaidh na tréimhsí is gá a ríomh chun an ceart buanchónaithe a fháil i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, féadfaidh an Eilvéis agus na Ballstáit a chinneadh gan tréimhsí 6 mhí nó níos mó a chur san áireamh ina bhfuil an duine ag brath go hiomlán ar chúnamh sóisialta.

Faoi réir an Dearbhaithe Chomhpháirtigh maidir le cúnamh sóisialta a dhiúltú agus cónaí a fhoirceannadh sula bhfaightear buanchónaí agus i gcomhréir le hAirteagal 10(6) den Phrótocal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú seo, leanfaidh na rialacha maidir le cónaí in Airteagal 7 de Threoir 2004/38/CE² de bheith infheidhme maidir le daoine nach gcáilíonn don cheart buanchónaithe.

¹ Treoir 2004/38/CE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77), de réir mar is infheidhme de réir Iarscríbhinn I.

² An Treoir is infheidhme de réir Iarscríbhinn I.

Maoín dhochorraithe a cheannach

1. Náisiúnaigh Páirtí Chonarthaigh a bhfuil ceart cónaithe agus a bpríomháit chónaithe sa stát óstach acu, beidh na cearta céanna acu agus atá ag náisiúnach maidir le maoín dhochorraithe a cheannach. Féadfaidh siad a bpríomháit chónaithe a bhunú sa stát óstach tráth ar bith i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta ábhartha gan beann ar fhad a bhfostaíochta. Ní bheidh aon oibleagáid chun maoín den sórt sin a dhiúscairt mar gheall ar an stát óstach a fhágáil.
2. Náisiúnaigh Páirtí Chonarthaigh a bhfuil ceart cónaithe acu ach nach bhfuil a bpríomháit chónaithe sa stát óstach, beidh na cearta céanna acu agus atá ag náisiúnach maidir le maoín dhochorraithe a cheannach a bhfuil gá léi dá ngníomhaíocht eacnamaíoch. Ní bheidh aon oibleagáid chun maoín den sórt sin a dhiúscairt mar gheall ar an stát óstach a fhágáil. Féadfar iad a údarú freisin chun an dara háit chónaithe nó lóistín saoire a cheannach. Maidir leis an gcatagóir náisiúnach seo, ní dhéanfaidh an Comhaontú seo difear do na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le fíorinfheistíocht chaipitil nó gnó talún agus árasán neamhthógtha.
3. Beidh na cearta céanna ag oibrithe teorann, náisiúnaigh Páirtí Chonarthaigh, agus atá ag náisiúnach maidir le maoín dhochorraithe a cheannach dá ngníomhaíocht eacnamaíoch agus mar áit chónaithe thánaisteach. Ní bheidh aon oibleagáid chun maoín den sórt sin a dhiúscairt mar gheall ar an stát óstach a fhágáil. Féadfar iad a údarú freisin chun cóiríocht saoire a cheannach. Maidir leis an gcatagóir náisiúnach seo, ní dhéanfaidh an Comhaontú seo difear do na rialacha a bhfuil feidhm acu sa stát óstach maidir le fíorinfheistíocht chaipitil nó gnó talún agus árasán neamhthógtha.

AIRTEAGAL 7g

Cártaí aitheantais

Féadfaidh an Eilvéis leanúint de chártaí aitheantais a eisiúint nach bhfuil meán stórála ina bhfuil méarloirg an tsealbhóra iontu. Beidh cártaí aitheantais den sórt sin inaitheanta ó amharc ó chártaí aitheantais a chomhlíonann ceanglais na ngníomhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a bhaineann leis na doiciméid sin. Ní féidir le náisiúnaigh na hEilvéise aon chárta aitheantais den sórt sin a eisítear ó 1 bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithigh a úsáid chun saorghluaiseacht a fheidhmiú.

AIRTEAGAL 7h

Díbirt

A mhéid a bhaineann le srianta ar cheart iontrála agus ar cheart cónaithe ar fhorais an bheartais phoiblí nó na slándála poiblí atá ag náisiúnaigh a chéile, coinneofar ar bun oibleagáidí na hEilvéise agus na mBallstát faoin gComhaontú roimh theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithigh.

Dá bhrí sin, ní bheidh feidhm ag na forbairtí seo a leanas a tugadh isteach le Caibidil VI de Threoir 2004/38/CE¹ a théann thar na hoibleagáidí sin, mar atá cosaint fheabhsaithe ar dhíbirt dá bhforáiltear in Airteagal 28(2) agus (3), chomh maith le cásdlí na Cúirte Breithiúnais a bhaineann leis na forálacha sin. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann le díbirt dá dtagraítear in Airteagal 33(2) den Treoir, féadfaidh an Eilvéis agus na Ballstáit, in ionad na nósanna imeachta a leagtar síos san fhoráil sin a chur i bhfeidhm, a áirithiú go ndéanfar díbirt i gcomhréir leis na ceanglais faoin gComhaontú roimh theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithigh.

¹ An Treoir is infheidhme de réir Iarscríbhinn I.

AIRTEAGAL 7i

Teacht isteach náisiúnach tríú tír

Ní fhéadfaidh na Páirtithe Conarthacha víosa iontrála ná ceanglais choibhéiseacha a cheangal ar oibrithe ar postú nach bhfuil náisiúntacht Páirtí Chonarthaigh acu agus a bhfuil ceart iontrála acu gan na ceanglais sin i gcomhréir le gníomhartha dlí an Aontais arna gcomhtháthú in Iarscríbhinn I nó le haon ionstraim eile atá i bhfeidhm idir na Páirtithe Conarthacha. Maidir leis na hoibrithe sin ar postú a dteastaíonn víosa iontrála uathu nó a mbaineann ceanglais choibhéiseacha leo, deonóidh an Páirtí Conarthach lena mbaineann gach deis do na daoine sin chun aon víosa is gá a fháil.’;

- (7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

‘AIRTEAGAL 10

Athruithe ar bhallraíocht san Aontas Eorpach

Aon síneadh a chuirfear leis an gComhaontú chuig Ballstáit nua, beidh sé faoi réir comhaontú idir na Páirtithe, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha, trí bhíthin prótacail. Mura gcomhaontófar a mhalairt, áireofar sa phrótacal sin bearta idirthréimhseacha, agus aird á tabhairt ar an staid shonrach eacnamaíoch agus shóisialta san Aontas, go háirithe sna Ballstáit nua, agus san Eilvéis, ag féachaint don chleachtas seanbhunaithe maidir le síntí a cuireadh leis an gComhaontú seo roimhe seo.’;

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

‘AIRTEAGAL 14

Comhchoiste

1. Bunaítear Comhchoiste leis seo.

Is ionadaithe ó na Páirtithe Conarthacha a bheidh ar an gComhchoiste.

2. Beidh ionadaí ón Aontas agus ionadaí ón Eilvéis ina gcomhchathaoirligh ar an gComhchoiste.

3. Déanfaidh an Comhchoiste:

- (a) feidhmiú cuí agus riar agus cur i bhfeidhm éifeachtach an Chomhaontaithe seo a áirithiú;
- (b) fóram a sholáthar le haghaidh comhairliúchán frithpháirteach agus malartú leanúnach faisnéise idir na Páirtithe Conarthacha, go háirithe d’fhonn teacht ar réiteach ar aon deacracht a bhaineann le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe nó gnímh dlí de chuid an Aontais dá ndéantar tagairt sa Chomhaontú i gcomhréir le hAirteagal 10 den Phrótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú seo;
- (c) moltaí a chur faoi bhráid na bPáirtithe Conarthacha maidir le hábhair a bhaineann leis an gComhaontú seo;

(d) cinntí a ghlacadh i gcás ina bhforáiltear dó sin sa Chomhaontú seo; agus

(e) aon inniúlacht eile a dheonaítear dó sa Chomhaontú seo a fheidhmiú.

4. Gníomhóidh an Comhchoiste de chomhthoil.

Beidh na cinntí ina gceangal ar na Páirtithe Conarthacha, a dhéanfaidh na bearta uile is gá chun iad a chur chun feidhme.

5. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile uair sa bhliain ar a laghad, sa Bhruiséil agus i mBeirn gach re seach, mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt. Tiocfaidh sé le chéile freisin arna iarraidh sin do cheachtar de na Páirtithe Conarthacha. Féadfaidh na comhchathaoirligh a chomhaontú go dtionólfar cruinniú den Chomhchoiste trí fhíschomhdháil nó trí theileachomhdháil.

6. Glacfaidh an Comhchoiste a rialacha nós imeachta agus tabharfaidh sé cothrom le dáta iad de réir mar is gá.

7. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh aon mheitheal nó aon ghrúpa saineolaithe a bhunú a bheidh in ann cúnamh a thabhairt dó chun a chuid dualgas a chomhlíonadh.’;

(9) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘AIRTEAGAL 14a

Clásail cosanta

1. I gcás deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha nó sóisialta arb é cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo is cúis leo, tiocfaidh an Comhchoiste le chéile, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí Conarthach, chun scrúdú a dhéanamh ar bhearta iomchuí chun an cás a leigheas. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh cé na bearta atá le déanamh laistigh de 60 lá ó dháta na hiarrata. Féadfaidh an Comhchoiste síneadh a chur leis an tréimhse sin.

2. Mura nglacfaidh an Comhchoiste cinneadh laistigh den sprioc-am a leagtar síos i mír 1 maidir le bearta iomchuí nó síneadh ama a chur leis an sprioc-am sin, féadfaidh an Páirtí Conarthach, tar éis dó an iarraidh a dhéanamh, an cás a thabhairt os comhair binse eadrána i gcás deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha. Tabharfaidh an binse eadrána a chinneadh críochnaitheach laistigh de 6 mhí tar éis a bhunaithe.

3. Má chinneann an binse eadrána gur cruthaíodh na deacrachtaí líomhnaithe agus gurb é cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo is cúis leo, féadfaidh an Páirtí Conarthach a rinne an iarraidh bearta iomchuí a ghlacadh chun na deacrachtaí sin a leigheas. Má chruthaíonn na bearta arna nglacadh ag Páirtí Conarthach i gcomhréir leis an mír seo éagothroime idir na cearta agus na hoibleagáidí faoi seach faoin gComhaontú seo, féadfaidh an Páirtí Conarthach eile bearta athchothromúcháin iomchuí a dhéanamh chun an éagothroime sin a leigheas laistigh de raon feidhme an Chomhaontaithe seo.

4. In imthosca eisceachtúla práinne i gcás ina mbeidh Páirtí Conarthach i mbaol díobháil eacnamaíoch an-tromchúiseach a dhéanamh de bharr chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, féadfaidh an Páirtí Conarthach sin an cás a thabhairt os comhair binse eadrána i gcomhréir leis an bhFoscúibhinn má mhainníonn an Comhchoiste cinneadh a ghlacadh laistigh de 30 lá ón iarraidh. Tabharfaidh an binse eadrána a chinneadh críochnaitheach laistigh de 6 mhí tar éis a bhunaithe.
5. In imthosca dá dtagraítear i mír 4, má chinneann an binse eadrána, *prima facie*, go bhfuil na deacrachtaí líomhnaithe comhlíonta, féadfaidh na Páirtithe Conarthacha bearta eatramhacha agus, de réir mar a bheidh, bearta athchothromúcháin eatramhacha a ghlacadh. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal III.10 den Fhoscúibhinn, cé is moite de mhír 4(c).
6. Glacfar na bearta agus na bearta athchothromúcháin dá dtagraítear i míreanna 2 go 5 laistigh de raon feidhme an Chomhaontaithe seo. Ní rachaidh a raon feidhme ná a bhfad thar a bhfuil fíor-riachtanach chun na deacrachtaí nó an éagothroime a dtugann siad aghaidh orthu a leigheas. Tabharfar tús áite do bhearta agus do bhearta athchothromaithe is lú a chuireann isteach ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo.
7. Beidh na bearta agus na bearta athchothromúcháin faoi réir comhairliúchán sa Chomhchoiste gach 3 mhí ón dáta a nglacfar iad d'fhonn iad a dhíothú roimh an dáta éaga atá beartaithe nó a raon feidhme a theorannú don fhíor-riachtanach. Féadfaidh gach Páirtí Conarthach a iarraidh ar an gComhchoiste, tráth ar bith, athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta sin agus ar na bearta athchothromúcháin sin.’;

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

‘AIRTEAGAL 18

Athbhreithniú

Más mian le Páirtí Conarthach go ndéanfaí athbhreithniú ar an gComhaontú seo, cuirfidh sé togra chuige sin faoi bhráid an Chomhchoiste.

Tiocfaidh leasuithe ar an gComhaontú seo i bhfeidhm tar éis nósanna imeachta inmheánacha na bPáirtithe Conarthacha lena mbaineann a bheith curtha i gcrích.’;

(11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 21:

‘AIRTEAGAL 21

Caidreamh le comhaontuithe maidir le cánachas

1. Ní dhéanfaidh forálacha an Chomhaontaithe seo difear d’fhorálacha comhaontuithe déthaobhacha idir an Eilvéis agus Ballstáit an Aontais maidir le cánachas dúbailte. Go háirithe, ní dhéanfaidh forálacha an Chomhaontaithe seo difear do shainmhíniú na gcomhaontuithe um chánachas dúbailte ar ‘oibrithe teorann’.

2. Ní fhéadfar aon fhoráil den Chomhaontú seo a léirmhíniú ar bhealach a chuirfidh cosc ar na Páirtithe Conarthacha idirdhealú a dhéanamh, agus forálacha ábhartha a reachtaíochta cánach á gcur i bhfeidhm acu, idir cáiníocóirí nach bhfuil a gcásanna inchomparáide, go háirithe maidir lena n-áit chónaithe. Mar sin féin, ní modh idirdhealaithe ná srianta ar chearta daoine mar a shainmhínítear faoin gComhaontú seo a bheidh sa mhéid sin.

3. Ní chuirfidh aon fhoráil den Chomhaontú seo cosc ar na Páirtithe Conarthacha bearta a ghlacadh nó a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfar cánacha a fhorchur, a íoc agus a aisghabháil go héifeachtach nó chun teacht roimh sheachaint nó imghabháil cánach faoina reachtaíocht chánach náisiúnta nó faoi aon chomhaontú nó socrú idirnáisiúnta nó déthaobhach eile a bhaineann go hiomlán nó go príomha le cánachas a bhfuil an Eilvéis, an tAontas nó aon Bhallstát ina bpáirtithe ann.’;

(12) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

‘AIRTEAGAL 23a

Bailíocht ceadanna cónaithe agus ceadanna speisialta eile

Maidir le ceadanna cónaithe agus ceadanna speisialta eile arna n-eisiúint ag na Páirtithe Conarthacha roimh theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithigh, leanfaidh siad de bheith bailí agus cuirfear doiciméid dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo ina n-ionad, ar dhul in éag dóibh, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha maidir leis na doiciméid sin a eisiúint.

AIRTEAGAL 23b

Socruithe idirthréimhseacha

1. Maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme Threoir 2004/38/CE¹, beidh feidhm ag na socruithe idirthréimhseacha a leagtar síos sa mhír seo:

- (a) Beidh idirthréimhse ann a thosóidh ar dháta theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithe agus a chríochnóidh 24 mhí tar éis a theacht i bhfeidhm.
- (b) Beidh feidhm ag Airteagail 5k, 7a, 7d, 7e, 7h, 7i agus, chun críocha an Chomhaontaithe seo, ag Treoir 2004/38/CE² ón gcéad lá tar éis dheireadh na hidirthréimhse.
- (c) Déanfar éifeachtaí na bhforálacha seo a leanas den Chomhaontú sa leagan roimh theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithe a choinneáil ar bun le linn na hidirthréimhse:
 - Airteagail 1 go 7 agus Airteagal 16, agus
 - Airteagail 1 go 9, 12 go 15, 17, 19, 20, 23 agus Airteagal 24, seachas an abairt dheireanach d’Airteagal 24(4), d’Iarscríbhinn I.

¹ An Treoir is infheidhme de réir Iarscríbhinn I.

² An Treoir is infheidhme de réir Iarscríbhinn I.

Ní bheidh aon éifeacht ag na forálacha sin maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme gníomhartha eile dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, go háirithe Rialacháin (AE) Uimh. 492/2011¹ agus (AE) 2016/589² dá dtagraítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn I.

2. Maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme Threoir 96/71/CE³ agus Threoir 2014/67/AE⁴, beidh feidhm ag na socruithe idirthréimhseacha a leagtar síos sa mhír seo:

- (a) Beidh idirthréimhse ann a thosóidh ar dháta theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithigh agus a chríochnóidh 36 mhí tar éis a theacht i bhfeidhm.
- (b) Beidh Airteagal 5f(2), Airteagail 5g, 5h, 5i agus, chun críocha an Chomhaontaithe seo, Treoracha 96/71/CE⁵ agus 2014/67/AE⁶ infheidhme ón gcéad lá tar éis dheireadh na hidirthréimhse.
- (c) Déanfar éifeachtaí na bhforálacha seo a leanas den Chomhaontú sa leagan roimh theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithigh a choinneáil ar bun le linn na hidirthréimhse:
 - Airteagal 5(4), agus Airteagal 16, agus
 - Airteagal 22(2), d'Iarscríbhinn I.

Ní bheidh aon éifeacht ag na forálacha sin maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme gníomhartha eile dá dtagraítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn I.';

¹ An Rialachán is infheidhme de réir Iarscríbhinn I.
² An Rialachán is infheidhme de réir Iarscríbhinn I.
³ An Treoir is infheidhme de réir Iarscríbhinn I.
⁴ An Treoir is infheidhme de réir Iarscríbhinn I.
⁵ An Treoir is infheidhme de réir Iarscríbhinn I.
⁶ An Treoir is infheidhme de réir Iarscríbhinn I.

- (13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24:

‘AIRTEAGAL 24

Raon feidhme críochach

Beidh feidhm ag an gComhaontú seo maidir leis an gcríoch ina bhfuil feidhm ag an gConradh ar an Aontas Eorpach agus ag an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear ‘CFAE’ anseo feasta) agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin, de pháirt, agus maidir le críoch na hEilvéise, den pháirt eile.’;

- (14) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I atá i gceangal leis an bPrótacal seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú;
- (15) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II atá i gceangal leis an bPrótacal seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú;
- (16) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn III atá i gceangal leis an bPrótacal seo in ionad Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú;
- (17) cuirtear an téacs sa Phrótacal maidir le háiteanna cónaithe tánaisteacha sa Danmhairg atá i gceangal leis an bPrótacal seo in ionad an Phrótacail maidir le háiteanna cónaithe tánaisteacha sa Danmhairg;
- (18) scriostar Iarscríbhinn I den Phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine i ndáil le rannpháirtíocht, mar Pháirtithe Conarthacha, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice de bhun a n-aontachais don Aontas Eorpach, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 26 Deireadh Fómhair 2004;

- (19) cuirtear téacs an Phrótacail maidir le maoin dhochorraithe a fháil i Málta, atá i gceangal leis an bPrótacal seo isteach mar cheangaltán leis an gComhaontú;
- (20) cuirtear téacs an Phrótacail maidir le Ceadanna Cónaithe Fadtéarmacha, atá i gceangal leis an bPrótacal seo, isteach mar cheangaltán leis an gComhaontú;
- (21) cuirtear na Dearbhuithe Comhpháirteacha agus an Dearbhú Aontaobhach, atá i gceangal leis an bPrótacal seo, leis na Dearbhuithe atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach a ghabhann leis an gComhaontú.

AIRTEAGAL 2

Teacht i bhfeidhm

1. Déanfaidh an tAontas agus an Eilvéis an Prótacal seo a dhaingniú nó a fhormheas i gcomhréir lena nósanna imeachta féin. Tabharfaidh an tAontas agus an Eilvéis fógra dá chéile faoi chur i gcrích na nósanna imeachta inmheánacha is gá do theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo.
2. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an fhógra dheireanaigh maidir leis na hionstraimí seo a leanas:
 - (a) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine;
 - (b) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar;

- (c) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar;
- (d) Prótacal maidir le Státchabhair a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar;
- (e) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar;
- (f) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar;
- (g) Prótacal maidir le Státchabhair a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar;
- (h) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta;
- (i) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta;
- (j) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta;
- (k) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le ranníocaíocht tráthrialta airgeadais na hEilvéise chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta san Aontas Eorpach a laghdú;

- (l) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gclár de chuid an Aontais;
- (m) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis.

Arna dhéanamh [i/in/sa/san ...], an [...], i ndúblach, sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus tá gach téacs díobh barántúil.

Á FHIANÚ SIN, chuir na daoine thíos-sínithe, agus údar cuí acu chuige sin, a lámh leis an bPrótacal seo.

(Bloc na sínithe, amhail an méid seo a leanas, i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais:
'Thar ceann an Aontais Eorpaigh' agus 'Thar ceann Chónaidhm na hEilvéise')

IARSCRÍBHINN I

LEASUITHE AR IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LEIS AN gCOMHAONTÚ

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú:

IARSCRÍBHINN I

SAORGLUAISEACHT DAOINE, CEART BUNAÍOCHTA AGUS SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ

ROINN 1

Chun críocha chur i bhfeidhm Airteagail 2 go 9 den Chomhaontú seo, beidh feidhm ag gníomhartha dlí an Aontais a liostaítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo faoi réir phrionsabal an ailínithe dhinimiciúil dá dtagraítear in Airteagal 5 den Phrótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú seo, agus faoi réir na n-eisceachtaí a liostaítear i mír 7 den Airteagal sin.

Mura bhforáiltear a mhalairt in oiriúnuithe teicniúla, na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear i ngníomhartha dlí an Aontais arna gcomhtháthú san Iarscríbhinn seo le haghaidh Bhallstáit an Aontais, tuigfear go ndéanfar foráil maidir leo don Eilvéis. Cuirfear an méid sin i bhfeidhm agus lánurraim á tabhairt don Phrótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú seo.

Gan dochar d’Airteagal 16 den Phrótacal Institiúideach, agus mura bhforáiltear a mhalairt in oiriúnuithe teicniúla, beidh forálacha na ngníomhartha a liostaítear i Roinn 2 infheidhme maidir leis an Eilvéis, lena gceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis a sholáthar do Bhallstáit eile nó don Choimisiún. I gcás ina mbaineann an fhaisnéis sin le faireachas nó le cur i bhfeidhm, cuirfidh an Eilvéis an fhaisnéis sin in iúl tríd an gComhchoiste.

ROINN 2

GNÍOMHARTHA DÁ dTAGRAÍTEAR:

1. 31977 L 0486: Treoir 77/486/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1977 maidir le hoideachas a chur ar leanaí oibrithe imirceacha (IO L 199, 6.8.1977, lch. 32).
2. 31996 L 0071: Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1), arna leasú le:
 - 32018 L 0957: Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).

Léifear forálacha na Treorach, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) in Airteagal 1(-1a), cuirtear na focail ‘feidhmiú na gceart bunúsach mar a aithnítear sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais’ in ionad na bhfocal ‘feidhmiú na gceart bunúsach mar a aithnítear sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais agus san Eilvéis’;
- (b) in Airteagal 1(3):
 - (i) ní bheidh feidhm ag pointe (c) maidir leis an Eilvéis;
 - (ii) ní bheidh feidhm ag an dara fomhír ná ag an tríú fomhír maidir leis an Eilvéis;
- (c) in Airteagal 3:
 - (i) ní bheidh feidhm ag mír 1b maidir leis an Eilvéis;
 - (ii) i mír 10, cuirtear na focail ‘an Comhaontú’ in ionad na bhfocal ‘na Conarthaí’;
- (d) in Airteagal 4(2):
 - (i) san abairt dheireanach den chéad fhomhír, cuirtear na focail ‘cuirfear an Comhchoiste ar an eolas d’fhonn teacht ar réiteach’ in ionad na bhfocal ‘cuirfear an Coimisiún ar an eolas agus déanfaidh sé bearta iomchuí.’;

- (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Comhoibreoidh an tAontas Eorpach agus an Eilvéis go dlúth laistigh den Chomhchoiste chun scrúdú a dhéanamh ar aon deacracht a d’fhéadfadh teacht chun cinn idir na Páirtithe Conarthacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 3(10)’;

- (e) chun críocha an Chomhaontaithe seo, beidh feidhm ag an Treoir ón gcéad lá tar éis dheireadh na hidirthréimhse a leagtar amach in Airteagal 23b(2) den Chomhaontú.

3. 32004 L 0038: Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77, a ceartaíodh le IO L 229, 29.6.2004, lch. 35, IO L 30, 3.2.2005, lch. 27 agus IO L 197, 28.7.2005, lch. 34).

Léifear forálacha na Treorach, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) tá feidhm ag an gComhaontú maidir le náisiúnaigh na bPáirtithe Conarthacha. Mar sin féin, beidh cearta áirithe ag dul do bhaill dá dteaghlach de réir bhrí na Treorach a bhfuil náisiúntacht tríú tír acu i gcomhréir leis an Treoir;

- (b) cuirtear na téarmaí ‘náisiúnach Ballstáit nó na hEilvéise’ agus ‘náisiúnaigh de chuid na mBallstát agus na hEilvéise’ in ionad na dtéarmaí ‘saoránach den Aontas’ agus ‘saoránaigh den Aontas’ faoi seach;
- (c) léifear Airteagal 16 mar a leanas:

‘1. Náisiúnaigh de Bhallstáit agus den Eilvéis a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil ar bhonn Airteagal 7(1), pointe (a), nó (3) ar feadh 5 bliana san iomlán i gcríoch Páirtí Chonarthaigh eile, beidh ceart buanchónaithe acu ansin. Ní bheidh an ceart seo faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear i gCaibidil III.

2. Ar choinníoll gur cuid de thréimhse aonair chónaithe dhlíthiúil sa Stát óstach iad, ní cheanglófar na tréimhsí atá le cur san áireamh chun éadail buanchónaithe de bhun mhír 1 a ríomh a bheith leanúnach ach féadfar iad a bhriseadh le tréimhsí cónaithe dhlíthiúil nach bhfuil ar bhonn Airteagal 7(1), pointe (a), nó (3).

3. Le haghaidh na tréimhsí is gá a ríomh chun an ceart buanchónaithe a fháil i gcomhréir le mír 1, féadfaidh an Eilvéis agus na Ballstáit a chinneadh gan tréimhsí 6 mhí nó níos mó a chur san áireamh ina bhfuil an duine ag brath go hiomlán ar chúnamh sóisialta.

4. Baill teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu go dleathach le náisiúnach Ballstáit nó leis an Eilvéis sa Stát óstach, gheobhaidh siad an ceart buanchónaithe freisin ar feadh tréimhse leanúnach 5 bliana.

5. Ní dhéanfaidh neamhláithreachtaí sealadacha nach faide ná 6 mhí in aghaidh na bliana san iomlán, nó neamhláithreachtaí ar feadh tréimhse níos faide i gcás seirbhís mhíleata éigeantach, nó neamhláithreacht amháin nach faide ná 12 mhí as a chéile ar chúiseanna tábhachtacha amhail toircheas agus breith clainne, breoiteacht thromchúiseach, staidéar nó gairmoiliúint, nó postú i dtír eile, difear do leanúnachas cónaithe.

6. Nuair a gheofar é, ní chaillfear an ceart buanchónaithe ach amháin trí neamhláithreacht ón Stát óstach ar feadh tréimhse níos faide ná 2 bhliain as a chéile.

7. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit agus an Eilvéis a chinneadh go bhfaighidh náisiúnaigh de chuid na mBallstát agus na hEilvéise a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil ar feadh tréimhse leanúnach 5 bliana i gcríoch Páirtí Chonarthaigh eile an ceart buanchónaithe.’;

(d) in Airteagal 24:

(i) i mír 1, cuirfear na focail ‘sa Chomhaontú’ in ionad na bhfocal ‘sa Chonradh agus sa dlí tánaisteach’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh sé d’oibleagáid ar an Stát óstach teidlíocht ar chúnamh sóisialta a thabhairt le linn na chéad 3 mhí cónaithe nó, i gcás inarb iomchuí, le linn na tréimhse is faide dá bhforáiltear in Airteagal 14(4), pointe (b), ná ní bheidh sé d’oibleagáid air cabhair chothabhála a dheonú le haghaidh staidéir, lena n-áirítear gairmoiliúint, arb é atá ann deontais do mhic léinn nó iasachtaí do mhic léinn do dhaoine seachas oibrithe, daoine féinfhostaithe, daoine a choimeádann an stádas sin agus baill dá dteaghlaigh.’;

- (e) ní bheidh feidhm ag mír 2 ná ag mír 3 d’Airteagal 28;
- (f) in Airteagal 33, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘Féadfaidh an Eilvéis agus na Ballstáit, in ionad na nósanna imeachta a leagtar síos i mír 2 a chur i bhfeidhm, a áirithiú go ndéanfar orduithe díbeartha a fhorfheidhmiú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 3 de Threoir 64/221/CEE*

* Treoir 64/221/CEE ón gComhairle an 25 Feabhra 1964 maidir le comhordú beart speisialta a bhaineann le gluaiseacht agus cónaí náisiúnach coigríche, ar bearta iad a bhfuil údar cuí leo ar fhorais an bheartais phoiblí, na slándála poiblí nó na sláinte poiblí (IO 56, 4.4.1964, lch. 850), de réir mar is infheidhme tráth theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe an 1 Meitheamh 2002’;

- (g) chun críocha an Chomhaontaithe seo, beidh feidhm ag an Treoir ón gcéad lá tar éis dheireadh na hidirthréimhse a leagtar amach in Airteagal 23b(1) den Chomhaontú seo.

- 4. 32006 R 0635: Rialachán (CE) Uimh. 635/2006 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2006 lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1251/70 maidir le ceart oibrithe fanacht i gcóir Ballstáit tar éis dóibh a bheith fostaithe sa Stát sin (IO L 112, 26.4.2006, lch. 9).

5. 32011 R 0492: Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas (IO L 141, 27.5.2011, lch. 1), arna leasú le:
- 32016 R 0589: Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016 (IO L 107, 22.4.2016, lch. 1),
 - 32019 R 1149: Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 21).

Léifear forálacha an Rialacháin, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) Léifear Airteagal 9(1) mar a leanas: ‘Gan dochar d’Airteagal 7f den Chomhaontú, aon oibrí ar náisiúnach de Pháirtí Conarthach é agus atá fostaithe i gcríoch Páirtí Chonarthaigh eile, teachtfaidh sé na cearta agus na sochair uile a thugtar d'oibrithe náisiúnta i gcúrsaí tithíochta, lena n-áirítear úinéireacht ar an tithíocht atá de dhíth air.’;
- (b) in Airteagal 36:
 - (i) ní bheidh feidhm ag mír 1;
 - (ii) i mír 2, léifear an tagairt do ‘bearta arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 48 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh’ mar thagairt do ghníomhartha dlí an Aontais Eorpaigh i réimse na slándála sóisialta arna gcomhtháthú sa Chomhaontú seo.

6. 32012 R 1024: Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún (IO L 316, 14.11.2012, lch. 1), arna leasú le:
- 32013 L 0055: Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 132),
 - 32014 L 0060: Treoir 2014/60/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 (IO L 159, 28.5.2014, lch. 1), a ceartaíodh le IO L 147, 12.6.2015, lch. 24,
 - 32014 L 0067: Treoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 (IO L 159, 28.5.2014, lch. 11),
 - 32016 R 1191: Rialachán (AE) 2016/1191 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 (IO L 200, 26.7.2016, lch. 1),
 - 32016 R 1628: Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 (IO L 252, 16.9.2016, lch. 53), a ceartaíodh le IO L 231, 6.9.2019, lch. 29,
 - 32018 R 1724: Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1),
 - 32020 L 1057: Treoir (AE) 2020/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 (IO L 249, 31.7.2020, lch. 49),

- 32020 R 1055: Rialachán (AE) 2020/1055 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 (IO L 249, 31.7.2020, lch. 17).

Úsáidfidh an Eilvéis Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) mar thrú tír le haghaidh malartuithe faisnéise, lena n-áirítear sonraí pearsanta, le gníomhaithe IMI laistigh den Aontas chun nósanna imeachta um chomhar riaracháin a chur chun feidhme i gcás inarb infheidhme chun críocha an Chomhaontaithe seo.

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, leanann an Coimisiún de bheith den tuairim go dtugann an Eilvéis cosaint leordhóthanach ar shonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 23(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 fad a fhanfaidh Cinneadh 2000/518/CE¹ i bhfeidhm. Chun críocha na hIarscríbhíne seo agus mar a shainítear in Airteagal 4 de Threoir 96/71/CE agus in Airteagail 6, 7, Airteagal 10(3), agus Airteagail 14 go 18 de Threoir 2014/67/AE, úsáidfidh an Eilvéis IMI i gcomhréir le prionsabail agus módúlachtaí na malartuithe a leagtar amach sna hAirteagail sin.

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, measfar gur údaráis inniúla iad *Commissions Paritaires* na hEilvéise de réir bhrí Airteagal 5, an dara mír, pointe (f), de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 agus Airteagal 2, pointe (a), de Threoir 2014/67/AE. Úsáidfidh siad IMI chun comhar a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 96/71/CE agus in Airteagal 6, in Airteagal 7 agus in Airteagal 10(3) de Threoir 2014/67/AE nuair a dhéanfaidh siad, de réir mar a chuireann an Eilvéis de chúram orthu, comhaontuithe comhchoiteanna saothair na hEilvéise agus dlí na hEilvéise maidir le hoibrithe ar postú a fhorghníomhú, i gcomhréir le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE.

¹ Cinneadh 2000/518/CE ón gCoimisiún an 26 Iúil 2000 de bhun Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta arna soláthar san Eilvéis (IO L 215, 25.8.2000, lch. 1), lena n-áirítear aon leasú ina dhiaidh sin.

Léifear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012, chun críocha an Chomhaontaithe, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) sa chéad abairt d'Airteagal 5, tuigfear an tagairt do Threoir 95/46/CE, a mhéid a bhaineann sé leis an Eilvéis, mar thagairt don reachtaíocht náisiúnta ábhartha;
- (b) ní bheidh feidhm ag Airteagal 8(1), pointe (e), maidir leis an Eilvéis;
- (c) in Airteagal 9(5), a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, cuirtear 'dlí an Aontais arna chomhtháthú sa Chomhaontú seo' in ionad na bhfocal 'dlí an Aontais';
- (d) in Airteagal 10(1), a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, cuirtear na focail 'i gcomhréir le reachtaíocht na hEilvéise' in ionad na bhfocal 'i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta nó le reachtaíocht an Aontais';
- (e) in Airteagal 16(1) agus (2), tuigfear gur tagairtí don reachtaíocht náisiúnta ábhartha iad tagairtí do Threoir 95/46/CE, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis;
- (f) in Airteagal 17(4), tuigfear an tagairt do Threoir 95/46/CE, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, mar thagairt don reachtaíocht náisiúnta ábhartha;
- (g) in Airteagal 18(1), tuigfear an tagairt do Threoir 95/46/CE, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, mar thagairt don reachtaíocht náisiúnta ábhartha;
- (h) in Airteagal 20, tuigfear an tagairt do Threoir 95/46/CE, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, mar thagairt don reachtaíocht náisiúnta ábhartha;

(i) in Airteagal 21:

(i) i mír 1, tuigfear an tagairt do Threoir 95/46/CE, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, mar thagairt don reachtaíocht náisiúnta ábhartha;

(ii) ní bheidh feidhm ag mír 3;

(j) ní bheidh feidhm ag Airteagal 25;

(k) léifear Airteagal 26(1) i gcomhréir le hAirteagal 13 den Phrótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú seo;

(l) áireofar an Eilvéis in IMI ar an gcéad lá den seachtú mí is tríocha tar éis theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithe.

7. 32014 L 0054: Treoir 2014/54/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le bearta lena n-éascaítear feidhmiú na gceart a thugtar d'oibrithe i gcomhthéacs na saorghluaiseachta d'oibrithe (IO L 128, 30.4.2014, lch. 8).

Léifear forálacha na Treorach, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) cuirtear an focal 'oibrithe' in ionad na bhfocal 'oibrithe an Aontais';

(b) in Airteagail 1 agus 3, cuirtear na focail 'an Comhaontú' in ionad na bhfocal 'Airteagal 45 CFAE';

- (c) in Airteagal 4, cuirtear na focail ‘na rialacha maidir le saorghluaiseacht oibrithe de bhun an Chomhaontaithe’ in ionad na bhfocal ‘rialacha an Aontais maidir le saorghluaiseacht oibrithe’ agus ní bheidh feidhm ag an bhfocal ‘SOLVIT’;
 - (d) in Airteagal 6, cuirtear na focail ‘leis an gComhaontú’ in ionad na bhfocal ‘le dlí an Aontais’;
 - (e) in Airteagal 7, cuirtear na focail ‘leis an gComhaontú’ in ionad na bhfocal ‘le hAirteagal 21 CFAE agus Treoir 2004/38/CE’;
 - (f) chun críocha an Chomhaontaithe seo, beidh feidhm ag an Treoir ón gcéad lá den chúigiú mí is fiche tar éis theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithigh.
8. 32014 L 0067: Treoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le forfheidhmiú Threoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (‘Rialachán IMI’) (IO L 159, 28.5.2014, lch. 11).

Léifear forálacha na Treorach, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) in Airteagal 1:

- (i) i mír 1, an dara fomhír, in ionad na bhfocal ‘agus feidhmiú na saoirse chun seirbhísí a sholáthar do sholáthraithe seirbhíse á éascú agus iomaíocht chóir á chur chun cinn idir soláthraithe seirbhíse, agus tacaíocht á tabhairt ar an gcaoi sin d’fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh’ is éard a bheidh ann ‘agus feidhmiú na saoirse chun seirbhísí a sholáthar á éascú, a mhéid a fhoráiltear sa Chomhaontú, agus iomaíocht chóir á cur chun cinn idir soláthraithe seirbhíse, a mhéid a fhoráiltear sa Chomhaontú, agus tacaíocht á tabhairt ar an gcaoi sin d’fheidhmiú na réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach’;
- (ii) i mír 2, cuirtear na focail ‘d’fheidhmiú na gceart bunúsach mar a aithnítear iad sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais agus san Eilvéis’ in ionad na bhfocal ‘d’fheidhmiú na gceart bunúsach mar a aithnítear iad sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais’;

(b) in Airteagal 4(3), pointe (c), a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, cuirtear na focail ‘de réir an Choinbhinsiúin maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, arna dhéanamh in Lugano an 30 Deireadh Fómhair 2007’ in ionad na bhfocal ‘de réir Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 (An Róimh I) agus/nó Coinbhinsiún na Róimhe’;

(c) in Airteagal 6:

- (i) sa dara fomhír de mhír 5, cuirtear na focail ‘cuirfear an Comhchoiste ar an eolas d’fhonn teacht ar réiteach’ in ionad ‘glacfaidh an Coimisiún na bearta iomchuí ach é a bheith ar an eolas, i gcás inarb ábhartha trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh’;
- (ii) i mír 10, cuirtear na focail ‘dlí náisiúnta ábhartha agus leis an gComhaontú’ in ionad na bhfocal ‘dlí náisiúnta ábhartha agus le dlí an Aontais’.

(d) in Airteagal 7(6), cuirtear na focail ‘an Chomhaontaithe’ in ionad na bhfocal ‘dhlí an Aontais’.

(e) in Airteagal 9:

- (i) i mír 1:
 - sa chéad fhomhír, cuirtear na focail ‘leis an gComhaontú’ in ionad na bhfocal ‘dlí an Aontais’;
 - sa dara fomhír, pointe (a), i gcás na hEilvéise, in ionad na bhfocal ‘nuair a thosaítear ag soláthar na seirbhíse ar a dhéanaí’ is éard a bheidh ann ‘nuair a thosaítear ag soláthar na seirbhíse ar a dhéanaí, ceithre lá oibre ar a mhéad in earnálacha sonracha roimh an bpostú do sholáthraithe seirbhíse a phostálann oibrithe ar a críoch chun rialuithe ar an láthair a dhéanamh (Saineoidh an Eilvéis go huathrialach na hearnálacha agus na réimsí a chumhdaítear leis an tréimhse réamhfhógra ar bhonn anailís riosca oibiachtúil, ar bhealach comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, agus é á chur san áireamh go dteorannaítear leis an gComhaontú an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar do 90 lá d’obair iarbhair in aghaidh na bliana féilire)’;

(ii) i mír 3, cuirtear na focail ‘as an gComhaontú’ in ionad na bhfocal ‘as reachtaíocht an Aontais’;

(iii) i mír 5, ní bheidh feidhm ag an dara fomhír ná ag an tríú fomhír maidir leis an Eilvéis;

(f) in Airteagal 10(2), cuirtear an abairt seo a leanas leis:

‘Saineoidh an Eilvéis go huathrialach cainníocht an rialaithe agus an dlús rialaithe, chomh maith leis na hearnálacha agus na limistéir atá le rialú, ar bhonn anailís riosca oibiachtúil, ar bhealach comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, agus é á chur san áireamh go dteorannaíonn an Comhaontú an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar do 90 lá oibre iarbhír in aghaidh na bliana féilire’;

(g) in Airteagal 12:

(i) i mír 4, cuirtear na focail ‘leis an gComhaontú’ in ionad na bhfocal ‘le dlí an Aontais’;

(ii) i mír 6, cuirtear na focail ‘leis an gComhaontú agus leis an dlí agus/nó an cleachtas náisiúnta’ in ionad na bhfocal ‘le dlí an Aontais agus dlí agus/nó cleachtas náisiúnta’;

(iii) ní bheidh feidhm ag mír 8 maidir leis an Eilvéis;

(h) in Airteagal 20, cuirtear na habairtí seo a leanas leis:

‘I gcás soláthraithe seirbhíse nár chomhlíon a n-oibleagáidí airgeadais i leith údaráis agus comhlachtaí forfheidhmiúcháin maidir le soláthar seirbhísí roimhe sin, beidh an Eilvéis in ann a cheangal go ndéanfar ráthaíocht airgeadais chomhréireach a thaisceadh sula bhféadfaidh siad seirbhísí a sholáthar arís in earnálacha arna gcinneadh ar bhonn anailís riosca uathrialach agus oibiachtúil. I gcás nach n-íocfar an ráthaíocht airgeadais, beidh an Eilvéis in ann smachtbhannaí comhréireacha a fhorchur suas leis an toirmeasc ar sheirbhísí a sholáthar go dtí go n-íocfar an ráthaíocht.’;

(i) chun críocha an Chomhaontaithe seo, beidh feidhm ag an Treoir ón gcéad lá tar éis dheireadh na hidirthréimhse a leagtar amach in Airteagal 23b(2) den Chomhaontú.

9. 32016 R 0589: Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 107, 22.4.2016, lch. 1), arna leasú le:

– 32019 R 1149: Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 21).

Léifear forálacha an Rialacháin, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) chun críocha an Chomhaontaithe, leanann an Coimisiún de bheith den tuairim go dtugann an Eilvéis cosaint leordhóthanach ar shonraí pearsanta dá dtagraítear faoi Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2016/589 fad a fhanfaidh Cinneadh 2000/518/CE¹ i bhfeidhm;
- (b) cuirtear na focail ‘Airteagal 4 den Chomhaontú’ in ionad na bhfocal ‘Airteagal 45 CFAE’;
- (c) cuirtear na focail ‘náisiúnaigh na mBallstát agus na hEilvéise’ in ionad na bhfocal ‘saoránaigh an Aontais’;
- (d) in Airteagal 6:
 - (i) ní bheidh feidhm ag tagairtí d’Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ná d’Airteagal 145 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
 - (ii) i bpointe (d), cuirtear na focail ‘san Aontas agus san Eilvéis’ in ionad na bhfocal ‘san Aontas’ agus cuirtear na focail ‘i gcomhréir leis an gComhaontú agus leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta’ in ionad na bhfocal ‘i gcomhréir le dlí agus cleachtas an Aontais agus an dlí náisiúnta’;
- (e) in Airteagal 9(4), pointe (c), cuirtear na focail ‘rialacha agus ionstraimí atá ann cheana is infheidhme de bhun an Chomhaontaithe’ in ionad na bhfocal ‘rialacha agus ionstraimí de chuid an Aontais atá ann cheana’;

¹ Cinneadh 2000/518/CE ón gCoimisiún an 26 Iúil 2000 de bhun Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta arna soláthar san Eilvéis, lena n-áirítear aon leasú ina dhiaidh sin.

(f) in Airteagal 34, tuigfear an tagairt do Threoir 95/46/CE, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, mar thagairt don reachtaíocht náisiúnta ábhartha.

10. 32017 D 1255: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1255 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2017 maidir le teimpléad le haghaidh na tuairisce ar chórais agus nósanna imeachta náisiúnta chun eagraíochtaí a ligean isteach le bheith ina gComhaltaí agus ina gComhpháirtithe de chuid EURES (IO L 179, 12.7.2017, lch. 18).
11. 32017 D 1256: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1256 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2017 maidir le teimpléid agus nósanna imeachta chun faisnéis a mhalartú maidir le cláir oibre náisiúnta líonra EURES ar leibhéal an Aontais (IO L 179, 12.7.2017, lch. 24).
12. 32017 D 1257: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1257 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2017 maidir leis na caighdeáin theicniúla agus na formáidí is gá le haghaidh córas aonfhoirmeach chun gur féidir folúntais a mheaitseáil le hiarratais ar phoist agus le CVanna ar thairseach EURES (IO L 179, 12.7.2017, lch. 32).
13. 32018 D 0170: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/170 ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2018 maidir le mionsonraíochtaí aonfhoirmeacha i ndáil le sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú líonra EURES (IO L 31, 3.2.2018, lch. 104).
14. 32018 D 1020: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1020 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2018 maidir le liosta scileanna, inniúlachtaí agus gairmeacha an aicmithe Eorpaigh a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta chun críche meaitseáil uathoibrithe trí ardán coiteann TF EURES (IO L 183, 19.7.2018, lch. 17).

15. 32018 D 1021: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1021 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2018 maidir le glacadh na gcaighdeán teicniúil agus na bhformáidí teicniúla is gá chun an mheaitseáil uathoibrithe a oibriú tríd an ardán coiteann TF trí úsáid a bhaint as an aicmiú Eorpach agus as an idir-inoibritheacht idir na córais náisiúnta agus an t-aicmiú Eorpach (IO L 183, 19.7.2018, lch. 20).
16. 32018 R 1724: Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le tairseach aonair dhigiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1), arna leasú le:
- 32022 R 0868: Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 1),
 - 32024 R 1252: Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 (IO L, 2024/1252, 3.5.2024),
 - 32024 R 1735: Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 (IO L, 2024/1735, 28.6.2024).

Tá roinnt de na réimsí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1724 agus cuid de na nósanna imeachta dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin lasmuigh de raon feidhme an Chomhaontaithe seo. Tá comhtháthú an Rialacháin sin sa Chomhaontú seo gan dochar do raon feidhme an Chomhaontaithe.

Léifear forálacha an Rialacháin, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) in Airteagal 1(1):

(i) i bpointe (a), cuirtear na focail ‘faoi gComhaontú’ in ionad na bhfocal ‘faoi dhlí an Aontais i réimse an mhargaidh inmheánaigh, de réir bhrí Airteagal 26(2) CFAE’;

(ii) i bpointe (b), ní bheidh feidhm ag na tagairtí do Threoracha 2006/123/CE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE;

(b) in Airteagal 13(2), pointe (c), tuigfear an tagairt do Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, mar thagairt don reachtaíocht náisiúnta ábhartha;

(c) in Airteagal 14:

(i) i mír 1, ní bheidh feidhm ag na tagairtí do Threoracha 2006/123/CE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE;

(ii) i mír 5, tuigfear an tagairt do Rialachán (AE) 2016/679, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, mar thagairt don reachtaíocht náisiúnta ábhartha;

(d) in Airteagal 30(1), pointe (b), tuigfear an tagairt do Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, mar thagairt don reachtaíocht náisiúnta ábhartha.

17. 32019 R 1157: Rialachán (AE) 2019/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta (IO L 188, 12.7.2019, lch. 67).

Léifear forálacha an Rialacháin, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) cuirtear na téarmaí ‘náisiúnach Ballstáit nó na hEilvéise’ agus ‘náisiúnaigh de chuid na mBallstát agus na hEilvéise’ in ionad na dtéarmaí ‘saoránach den Aontas’ agus ‘saoránaigh den Aontas’ faoi seach;
- (b) in Airteagal 3:
 - (i) i mír 4, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, ní bheidh feidhm ag na focail ‘agus é clóite droim ar ais i ndronuilleog ghorm agus 12 cheann de réaltaí buí i gciorcal timpeall air’;
 - (ii) i mír 5, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír, i gcás ina n-eiseofar cártaí aitheantais gan meán stórála an-slán ina bhfuil dhá mhéarlorg an tsealbhóra, ní ghlacfar leis na cártaí aitheantais sin chun críocha iontrála agus cónaithe i bPáirtithe Conarthacha eile agus beidh siad inaitheanta ó amharc ó chártaí aitheantais a chomhlíonann ceanglais na chéad fhomhíre.’;

(c) in Airteagal 5:

- (i) i mír 1, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, in ionad na bhfocal ‘faoin 3 Lúnasa 2031’ is éard a bheidh ann ‘aon bhliain déag tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine (“an Prótacal Leasaitheach”);
- (ii) i mír 2, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, cuirfear na focail ‘6 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaitheach’ in ionad na bhfocal ‘faoin 3 Lúnasa 2026’;

(d) in Airteagal 6, pointe (h), a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, ní bheidh feidhm ag na focail ‘clóite droim ar ais i ndronuilleog ghorm agus 12 cheann de réaltaí buí i gciorcal timpeall air’;

(e) in Airteagal 7(2), maidir leis na Ballstáit, cuirfear na focail ‘Ball Teaghlaigh CH’ in ionad ‘Ball Teaghlaigh AE’;

(f) in Airteagal 8:

- (i) i mír 1, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, cuirfear na focail ‘6 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaitheach’ in ionad na bhfocal ‘faoin 3 Lúnasa 2026’;
- (ii) i mír 2, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, cuirfear na focail ‘3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaitheach’ in ionad na bhfocal ‘faoin 3 Lúnasa 2023’;

(g) in Airteagal 10(2), a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, ní bheidh feidhm ag na focail ‘an Chairt’;

(h) in Airteagal 11:

(i) a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, tuigfear tagairtí do Rialachán (AE) 2016/679 mar tagairt don reachtaíocht náisiúnta ábhartha.

(ii) i mír 4, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, in ionad na bhfocal ‘faoi dhlí an Aontais’, is éard a bheidh ann ‘faoi gComhaontú’;

(i) in Airteagal 16, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, in ionad na bhfocal ‘2 Lúnasa 2021’, is éard a bheidh ann ‘1 bhliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithigh’;

18. 32020 R 1121: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1121 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2020 maidir le staidreamh agus aiseolas úsáideora i ndáil le seirbhísí na tairsí aonair digití a bhailiú agus a chomhroinnt i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 245, 30.7.2020, lch. 3).’.

SCÉIMEANNA SLÁNDÁLA SÓISIALTA A CHOMHORDÚ

Leasuithe ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú:

IARSCRÍBHINN II

SCÉIMEANNA SLÁNDÁLA SÓISIALTA A CHOMHORDÚ

I. RÉAMHRÁ

Chun críocha chur i bhfeidhm Airteagail 2 go 9 den Chomhaontú, beidh feidhm ag gníomhartha dlí an Aontais a liostaítear i Roinn II den Iarscríbhinn seo faoi réir phrionsabal an ailínithe dhinimiciúil dá dtagraítear in Airteagal 5 den Phrótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú seo, agus faoi réir na n-eisceachtaí a liostaítear i mír 7 den Airteagal sin.

Mura bhforáiltear a mhalairt in oiriúnuithe teicniúla, na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear i ngníomhartha dlí an Aontais arna gcomhtháthú san Iarscríbhinn seo le haghaidh Bhallstáit an Aontais, tuigfear go ndéanfar foráil maidir leo don Eilvéis. Cuirfear an méid sin i bhfeidhm agus lánurraim á tabhairt don Phrótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú seo.

Gan dochar d'Airteagal 16 den Phrótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú seo, agus mura bhforáiltear a mhalairt in oiriúnuithe teicniúla, beidh forálacha na ngníomhartha a liostaítear i Roinn II, lena gceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis a sholáthar do Bhallstáit eile nó don Choimisiún, infheidhme maidir leis an Eilvéis. I gcás ina mbaineann an fhaisnéis sin le faireachas nó le cur i bhfeidhm, cuirfidh an Eilvéis an fhaisnéis sin in iúl tríd an gComhchoiste.

II. OIRIÚNUITHE EARNÁLA

1. Maidir leis na ngníomhartha a liostaítear san Iarscríbhinn seo, beidh feidhm ag na heisceachtaí seo a leanas a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis:
 - (a) déanfar reachtaíocht cantúin maidir le réamhíocaíochtaí cothabhála a eisiamh ó na rialacha comhordaithe maidir le slándáil shóisialta;
 - (b) ní onnmhaireofar sochair fhorlíontacha agus sochair chomhchosúla dá bhforáiltear faoin reachtaíocht cantúin;
 - (c) ní onnmhaireofar sochair mheasctha neamhranníocacha i gcás dífhostaíochta, dá bhforáiltear le reachtaíocht cantúin;
 - (d) daoine a bhfuil feidhm ag an gComhaontú maidir leo agus a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Eilvéis agus den Aontas, féadfaidh siad dul isteach sa scéim árachais shaorálaigh tráth nach déanaí ná bliain amháin ón dáta a scoir siad de bheith faoi chumhdach árachas seanaoise, cleithiúnaithe marthanacha agus easláine agus tar éis tréimhse leanúnach árachais 5 bliana ar a laghad;

(e) daoine atá ag obair lasmuigh den Eilvéis agus den Aontas d'fhostóir san Eilvéis agus a scoireann de bheith árachaithe faoi árachas seanaoise, cleithiúnaithe marthanacha agus easláine na hEilvéise tar éis tréimhse leanúnach árachais 5 bliana ar a laghad, féadfaidh siad leanúint den árachas, le toiliú an fhostóra, má chuireann siad iarratas isteach laistigh de 6 mhí ón dáta a scoir siad de bheith árachaithe;

(f) ní onnmhaireofar an liúntas anbhainne arna dheonú faoi Dhlí Cónaidhme an 19 Meitheamh 1959 maidir le hárachas easláine agus faoi Dlí Cónaidhme an 20 Nollaig 1946 maidir le hárachas seanaoise agus cleithiúnaithe marthanacha.

2. Is iad seo a leanas na módúlachtaí le haghaidh rannpháirtíocht na hEilvéise sa Choimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta agus sa Choimisiún Teicniúil um Próiseáil Sonraí agus sa Bhord Iniúchóireachta, iad araon i gceangal leis an gCoimisiún Riaracháin:

Féadfaidh an Eilvéis ionadaí, a bheidh i láthair i gcáil chomhairleach (breathnóir), a chur chuig cruinnithe an Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta, a bheidh i gceangal leis an gCoimisiún Eorpach, agus chuig cruinnithe an Choimisiúin Theicniúil um Próiseáil Sonraí agus chuig cruinnithe an Bhoird Iniúchóireachta.

3. Leagtar amach i bPrótacal I, ar cuid dhílis den Iarscríbhinn seo é, forálacha speisialta maidir leis na socruithe idirthréimhseacha a bhaineann le hárachas dífhostaíochta do náisiúnaigh Ballstát áirithe a bhfuil cead cónaithe Eilvéiseach acu atá bailí ar feadh níos lú ná 1 bhliain amháin, maidir le liúntais na hEilvéise do dhaoine anbhanna agus maidir leis an idirthréimhse chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a chur i bhfeidhm maidir leis an scéim pinsin leathnaithe faoi na pleananna sochair ceirde.

4. Leagtar amach i bPrótacal II, ar cuid dhílis den Iarscríbhinn seo é, na socruithe a bhaineann le cosaint na gceart arna bhfáil ag daoine aonair príobháideacha faoin gComhaontú seo mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

A. COMHORDÚ SLÁNDÁLA SÓISIALTA GINEARÁLTA

A.1 GNÍOMHARTHA DÁ dTAGRAÍTEAR

1. 32004 R 0883: Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1), a ceartaíodh le IO L 200, 7.6.2004, lch. 1 agus IO L 204, 4.8.2007, lch. 30, arna leasú le:
 - 32009 R 0988: Rialachán (CE) Uimh. 988/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 (IO L 284, 30.10.2009, lch. 43),
 - 32010 R 1244: Rialachán (AE) Uimh. 1244/2010 ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2010 (IO L 338, 22.12.2010, lch. 35),
 - 32012 R 0465: Rialachán (AE) Uimh. 465/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 (IO L 149, 8.6.2012, lch. 4),
 - 32012 R 1224: Rialachán (AE) Uimh. 1224/2012 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2012 (IO L 349, 19.12.2012, lch. 45),
 - 32013 R 0517: Rialachán (AE) Uimh. 517/2013 ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013 (IO L 158, 10.6.2013, lch. 1),

- 32013 R 1372: Rialachán (AE) Uimh. 1372/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2013 (IO L 346, 20.12.2013, lch. 27), arna leasú le:
- 32014 R 1368: Rialachán (AE) Uimh. 1368/2014 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2014 (IO L 366, 20.12.2014, lch. 15), a ceartaíodh le IO L 288, 22.10.2016, lch. 58,
- 32017 R 0492: Rialachán (AE) 2017/492 ón gCoimisiún an 21 Márta 2017 (IO L 76, 22.3.2017, lch. 13),
- 32019 R 1149: Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 21).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, déanfar Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a oiriúnú mar a leanas:

- (a) cuirtear an téacs seo a leanas le hIarscríbhinn I, Roinn I:

‘An Eilvéis

Reachtaíocht cantúin maidir le réamhíocaíochtaí cothabhála bunaithe ar mhír 1 d’Airteagal 131a agus mír 2 d’Airteagal 293 d’Acht Sibhialta na Cónaidhme an 10 Nollaig 1907.’;

- (b) cuirtear an téacs seo a leanas le hIarscríbhinn I, Roinn II:

‘An Eilvéis

Deontais bhreithe agus deontais uchtála de bhun na reachtaíochta cantúin ábhartha bunaithe ar mhír 2 d’Airteagal 3 de Dhlí Cónaidhme an 24 Márta 2006 maidir le Liúntais Teaghlaigh.’;

- (c) cuirtear an téacs seo a leanas le hIarscríbhinn II:

‘An Ghearmáin-an Eilvéis

- (a) Coinbhinsiún maidir le slándáil shóisialta an 25 Feabhra 1964, arna leasú le Coinbhinsiún Chomhlántacha Uimh. 1 an 9 Meán Fómhair 1975 agus Uimh. 2 an 2 Márta 1989:

- (i) pointe 9b, mír 1, Uimh. 1-4 den Phrótacal Críochnaitheach (reachtaíocht is infheidhme agus teidlíocht ar shochair bhreuiteachta chomhchineáil le haghaidh cónaitheoirí d’eisiach Gearmánach Büsingen);
- (ii) pointe 9e, mír 1(b), an chéad abairt, an dara habairt agus an ceathrú habairt, den Phrótacal Críochnaitheach (rochtain ar árachas breuiteachta saorálach sa Ghearmáin trí athlonnú sa Ghearmáin).

- (b) Coinbhinsiún maidir le hárachas dífhostaíochta an 20 Deireadh Fómhair 1982, arna leasú le Prótacal Breise an 22 Nollaig 1992:

Airteagal 8(5), ranníocfaidh an Ghearmáin (ceantar Büsingen) suim atá comhionann leis an ranníocaíocht cantúin faoi dhlí na hEilvéise le costas áiteanna iarbhír ar bhearta chun fostaíocht a chur chun cinn d'oibrithe faoi réir na forála seo.

An Spáinn-an Eilvéis

Pointe 17 de Phrótacal Críochnaitheach an 13 Deireadh Fómhair 1969, arna leasú le Coinbhinsiún Comhlántach an 11 Meitheamh 1982; daoine atá árachaithe faoi scéim na Spáinne de bhua na forála seo, tá siad díolmhaithe ón gceanglas dul isteach i scéim árachais breoiteachta na hEilvéise.

An Iodáil-an Eilvéis

Airteagal 9(1) de Choinbhinsiún an 14 Nollaig 1962 maidir le slándáil shóisialta, arna leasú le Coinbhinsiún Comhlántach Uimh. 1 an 18 Nollaig 1963, Comhaontú Comhlántach an 4 Iúil 1969, Prótacal Breise an 25 Feabhra 1974 agus Comhaontú Comhlántach Uimh. 2 an 2 Aibreán 1980.';

- (d) cuirtear an téacs seo a leanas le hIarscríbhinn IV:

‘An Eilvéis’;

- (e) cuirtear an téacs seo a leanas le hIarscríbhinn VIII, cuid 1:

‘An Eilvéis

Gach éileamh ar phinsin seanaoise, cleithiúnaithe marthanacha agus easláine faoin mbunscéim (Dlí Cónaidhme an 20 Nollaig 1946 maidir le hárachas seanaoise agus cleithiúnaithe marthanacha agus Dlí Cónaidhme an 19 Meitheamh 1959 maidir le hárachas easláine) agus ar phinsin seanaoise ón scéim pinsin íosta agus ón scéim pinsin leathnaithe faoi na pleananna sochair ceirde reachtúla (Dlí Cónaidhme an 25 Meitheamh 1982 maidir le pleananna sochair ceirde le haghaidh árachas seanaoise, cleithiúnaithe marthanacha agus easláine).’;

- (f) cuirtear an téacs seo a leanas le hIarscríbhinn VIII, cuid 2:

‘An Eilvéis

Pinsin seanaoise, cleithiúnaithe marthanacha agus easláine ón scéim pinsin íosta agus ón scéim pinsin leathnaithe faoi na pleananna sochair ceirde reachtúla (Dlí Cónaidhme an 25 Meitheamh 1982 maidir le pleananna sochair ceirde le haghaidh árachas seanaoise, cleithiúnaithe marthanacha agus easláine).’;

- (g) cuirtear an téacs seo a leanas le hIarscríbhinn IX, cuid II:

‘An Eilvéis

Pinsin cleithiúnaithe marthanacha agus easláine ón scéim pinsin íosta agus ón scéim pinsin leathnaithe faoi na pleananna sochair ceirde reachtúla (Dlí Cónaidhme an 25 Meitheamh 1982 maidir le pleananna sochair ceirde le haghaidh árachas seanaoise, cleithiúnaithe marthanacha agus easláine).’;

(h) cuirfear an téacs seo a leanas le hIarscríbhinn X:

‘An Eilvéis

1. Sochair fhorlíontacha (Dlí Cónaidhme an 6 Deireadh Fómhair 2006 maidir le Sochair Fhorlíontacha) agus sochair chomhchosúla dá bhforáiltear faoi reachtaíocht cantúin.
2. Pinsin i gcás cruatan faoi árachas easláine (Airteagal 28 fomhír 1a de Dhlí Cónaidhme an 19 Meitheamh 1959 maidir le hÁrachas Easláine, arna leasú an 7 Deireadh Fómhair 1994).
3. Sochair mheasctha neamhranníocacha i gcás dífhostaíochta, dá bhforáiltear faoi reachtaíocht cantúin.
4. Pinsin easláine urghnácha neamhranníocacha do dhaoine faoi mhíchumas (Airteagal 39 de Dhlí Cónaidhme an 19 Meitheamh 1959 maidir le hÁrachas Easláine) nach raibh, roimh a n-éagumas chun oibre, faoi réir reachtaíocht na hEilvéise ar bhonn gníomhaíochta mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe.’;

- (i) cuirtear an téacs seo a leanas le hIarscríbhinn XI:

‘An Eilvéis

1. Beidh feidhm ag Airteagal 2 de Dhlí Cónaidhme an 20 Nollaig 1946 maidir le hÁrachas Seanaoise agus Cleithiúnaithe Marthanacha agus ag Airteagal 1b de Dhlí Cónaidhme an 19 Meitheamh 1959 maidir le hÁrachas Easláine, lena rialaítear árachas saorálach sna brainsí árachais sin do náisiúnaigh Eilvéiseacha a bhfuil cónaí orthu i Stáit nach bhfuil faoi réir an Chomhaontaithe seo, maidir le daoine a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Eilvéis agus ar náisiúnaigh iad de na Stáit eile a bhfuil feidhm ag an gComhaontú seo maidir leo, agus maidir le dídeanaithe agus daoine gan stát a bhfuil cónaí orthu i gcóir na Stát sin, i gcás ina dtéann na daoine sin isteach sa scéim árachais shaorálaigh tráth nach déanaí ná 1 bhliain amháin ón dáta ar scoir siad de bheith cumhdaithe ag árachas seanaoise, árachas cleithiúnaithe marthanacha agus árachas easláine tar éis tréimhse leanúnach árachais 5 bliana ar a laghad.
2. I gcás ina scoirfidh duine de bheith árachaithe faoi árachas seanaoise, cleithiúnaithe marthanacha agus easláine na hEilvéise tar éis tréimhse leanúnach árachais 5 bliana ar a laghad, leanfaidh sé de bheith i dteideal árachas a fháil le comhaontú an fhostóra má oibríonn sé i Stát nach bhfuil feidhm ag an gComhaontú seo maidir leis d’fhostóir san Eilvéis agus má chuireann sé iarratas chuige sin isteach laistigh de 6 mhí ón dáta a scoirfidh sé de bheith árachaithe.

3. Árachas éigeantach faoi árachas breoiteachta na hEilvéise agus díolúintí féideartha
- (a) Beidh feidhm ag forálacha dlí na hEilvéise lena rialaítear árachas éigeantach breoiteachta maidir leis na daoine seo a leanas nach bhfuil cónaí orthu san Eilvéis:
- (i) daoine atá faoi réir fhorálacha dlí na hEilvéise faoi Theideal II den Rialachán;
- (ii) daoine a n-íocfaidh an Eilvéis costais na sochar ina leith de réir Airteagail 24, 25 agus 26 den Rialachán;
- (iii) daoine a fhaigheann sochair árachais dífhostaíochta ón Eilvéis;
- (iv) baill teaghlaigh le daoine dá dtagraítear i bpointí (i) agus (ii) nó le duine fostaithe nó féinfhostaithe a bhfuil cónaí air san Eilvéis agus atá árachaithe faoi scéim árachais breoiteachta na hEilvéise, ach amháin má tá cónaí ar na baill teaghlaigh sin i gceann de na Stáit seo a leanas: an Danmhairg, an Spáinn, an Ungáir, an Phortaingéil nó an tSualainn;
- (v) baill teaghlaigh le daoine dá dtagraítear i bpointe (ii) nó le pinsinéir a bhfuil cónaí air san Eilvéis agus atá árachaithe faoi scéim árachais breoiteachta na hEilvéise, ach amháin má tá cónaí ar na baill teaghlaigh sin i gceann de na Stáit seo a leanas: an Danmhairg, an Phortaingéil nó an tSualainn.

Ós rud é go meastar gur baill teaghlaigh iad na daoine sin a shainmhínítear mar bhaill teaghlaigh de réir reachtaíocht an Stáit chónaithe.

- (b) Féadfar daoine dá dtagraítear i bpointe (a), arna iarraidh sin, a dhíolmhú ó árachas éigeantach más rud é go bhfuil cónaí orthu i gceann de na Stáit seo a leanas, agus fad atá cónaí orthu i gceann acu, agus más féidir leo a chruthú go bhfuil siad incháilithe do chumhdach i gcás breoiteachta: an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, an Ostair, agus, a mhéid a bhaineann leis na daoine dá dtagraítear i bpointe (a)(iv) agus (v), an Fhionlainn, agus, maidir leis na daoine dá dtagraítear i bpointe (a)(ii), an Phortaingéil.

Maidir leis an iarraidh dá dtagraítear i bpointe (b):

- (a) cuirfear isteach í laistigh de 3 mhí ón dáta a ghabhfaidh éifeacht leis an oibleagáid árachas a ghlacadh san Eilvéis; más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, go gcuirtear an iarraidh isteach tar éis an sprioc-ama sin, gabhfaidh éifeacht leis an díolúine ó thús na hoibleagáide árachais;
- (b) beidh feidhm aici maidir le gach ball teaghlaigh a chónaíonn sa Stát céanna.

4. I gcás ina mbeidh duine atá faoi réir fhorálacha dlí na hEilvéise faoi Theideal II den Rialachán, agus pointe 3(b) á chur i bhfeidhm, faoi réir fhorálacha dlí Stáit eile a chumhdaítear leis an gComhaontú seo chun críoch árachais breoiteachta, roinnfear costais na sochar comhchineáil sin le haghaidh tionóiscí neamhcheirde go cothrom idir an t-árachóir Eilvéiseach in aghaidh tionóiscí ceirde agus neamhcheirde agus galair cheirde agus an institiúid inniúil um árachas breoiteachta más ann do theidlíocht ar shochair chomhchineáil ón dá chomhlacht. Seasfaidh an t-árachóir Eilvéiseach in aghaidh tionóiscí ceirde agus neamhcheirde agus galair cheirde na costais uile i gcás tionóiscí ceirde, timpistí ar an mbealach chun oibre nó galair cheirde, fiú i gcás ina bhfuil teidlíocht ar shochair ó chomhlacht árachais breoiteachta sa tír chónaithe.
5. Daoine atá ag obair san Eilvéis ach nach bhfuil cónaí orthu san Eilvéis agus a bhfuil cumhdach árachais reachtúil acu ina Stát cónaithe i gcomhréir le pointe 3(b), chomh maith lena mbaill teaghlaigh, tairbheoidh siad d'fhorálacha Airteagal 19 den Rialachán le linn dóibh fanacht san Eilvéis.
6. Chun Airteagail 18, 19, 20 agus 27 den Rialachán a chur i bhfeidhm san Eilvéis, íocfaidh an t-árachóir inniúil na costais shonrastha uile.
7. Tréimhsí árachais liúntais laethúil a chuirtear isteach faoi scéim árachais Stáit eile lena mbaineann an Comhaontú seo, cuirfear san áireamh iad chun cúlchiste féideartha in árachas liúntais laethúil a laghdú nó a chur i leataobh i gcás máithreachais nó breoiteachta ina bhfaigheann an duine árachas le hárachóir Eilvéiseach laistigh de 3 mhí tar éis di/dó scor de bheith cumhdaithe ag árachas i dtír eile.

8. Maidir le duine a bhí fostaithe nó féinfhostaithe go sochrach san Eilvéis agus a chumhdaigh a riachtanais rithábhachtacha, i gcás inar ghá dó scor dá ghníomhaíocht mar gheall ar thionóisc nó ar thinneas agus nach bhfuil sé faoi réir reachtaíocht na hEilvéise maidir le hárachas easláine a thuilleadh, measfar an duine sin a bheith cumhdaithe ag an árachas sin chun críoch incháilitheachta le haghaidh bearta athshlánúcháin go dtí go n-íocfar pinsean easláine agus le linn na tréimhse ar lena linn a thairbhíonn an duine de na bearta sin, ar choinníoll nach bhfuil gníomhaíocht nua á saothrú aige lasmuigh den Eilvéis.’.

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, léifear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 leis an oiriúnú seo a leanas:

In Airteagal 77(2) agus 78, an tagairt d’fhorálacha an Chomhphobail maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil agus saorghluaiseacht sonraí pearsanta, tuigfear í, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, mar thagairt don reachtaíocht náisiúnta ábhartha.

2. 32019 R 0500: Rialachán (AE) 2019/500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Márta 2019 lena mbunaítear bearta teagmhasacha i réimse chomhordú na slándála sóisialta tar éis tharraingt siar na Ríocht Aontaithe as an Aontas (IO L 85I, 27.3.2019, lch. 35).

3. 32009 R 0987: Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1), arna leasú le:
- 32010 R 1244: Rialachán (AE) Uimh. 1244/2010 ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2010 (IO L 338, 22.12.2010, lch. 35),
 - 32012 R 0465: Rialachán (AE) Uimh. 465/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 (IO L 149, 8.6.2012, lch. 4),
 - 32012 R 1224: Rialachán (AE) Uimh. 1224/2012 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2012 (IO L 349, 19.12.2012, lch. 45),
 - 32013 R 1372: Rialachán (AE) Uimh. 1372/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2013 (IO L 346, 20.12.2013, lch. 27),
 - 32014 R 1368: Rialachán (AE) Uimh. 1368/2014 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2014 (IO L 366, 20.12.2014, lch. 15), a ceartaíodh le IO L 288, 22.10.2016, lch. 58,
 - 32017 R 0492: Rialachán (AE) 2017/492 ón gCoimisiún an 21 Márta 2017 (IO L 76, 22.3.2017, lch. 13).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, déanfar Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 a oiriúnú mar a leanas:

Cuirtear an téacs seo a leanas le hIarscríbhinn 1:

‘Comhaontú idir an Eilvéis agus an Phortaingéil an 25 Bealtaine 2016 maidir le héilimh a fhritháireamh

Comhaontú idir an Eilvéis agus an Ghréig an 15 Samhain 2017 maidir le fritháireamh éileamh a bhaineann le sochair chomhchineáil de réir Rialacháin (CEE) Uimh. 1408/71 agus (CEE) Uimh. 574/72 agus Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004 agus (CE) Uimh. 987/2009

Comhaontú idir an Eilvéis agus an Iodáil an 27 Feabhra 2023 maidir le héilimh a fhritháireamh.

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, léifear Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 leis an oiriúnú seo a leanas:

In Airteagal 3(3), an tagairt d’fhorálacha an Chomhphobail maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil agus saorghluaiseacht sonraí pearsanta, tuigfear í, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, mar thagairt don reachtaíocht náisiúnta ábhartha.

4. 31971 R 1408: Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ón gComhairle an 14 Meitheamh 1971 maidir le cur i bhfeidhm na scéimeanna slándála sóisialta do dhaoine fostaithe, do dhaoine féinfhostaithe agus do na baill dá dteaghlaigh atá ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 149, 5.7.1971, lch. 2), arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 592/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 177, 4.7.2008, lch. 1), de réir mar is infheidhme idir an Eilvéis agus na Ballstáit roimh theacht i bhfeidhm Chinneadh 1/2012 ón gComhchoiste¹ an 31 Márta 2012 agus nuair a thagraítear dó sin i Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 nó Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 nó nuair a bhaineann sé le cásanna a tharla san am a chuaigh thart.
5. 31972 R 0574: Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 ón gComhairle an 21 Márta 1972 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 a chur chun feidhme maidir le scéimeanna leasa shóisialta a chur i bhfeidhm do dhaoine fostaithe, do dhaoine féinfhostaithe agus do bhaill dá dteaghlaigh a bheidh ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 74, 27.3.1972, lch. 1), arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 120/2009 ón gCoimisiún (IO L 39, 10.2.2009, lch. 2), de réir mar is infheidhme idir an Eilvéis agus na Ballstáit roimh theacht i bhfeidhm Chinneadh 1/2012 ón gComhchoiste² an 31 Márta 2012 agus nuair a thagraítear dó sin i Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 nó Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 nó nuair a bhaineann sé le cásanna a tharla san am a chuaigh thart.

¹ Cinneadh Uimh. 1/2012 ón gComhchoiste arna bhunú faoin gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, i ndáil le saorghluaiseacht daoine an 31 Márta 2012 a chuirtear in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú sin maidir le comhordú scéimeanna slándála sóisialta. (IO L 103, 13.4.2012, lch. 51).

² Cinneadh Uimh. 1/2012 ón gComhchoiste arna bhunú faoin gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, i ndáil le saorghluaiseacht daoine an 31 Márta 2012 a chuirtear in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú sin maidir le comhordú scéimeanna slándála sóisialta. (IO L 103, 13.4.2012, lch. 51).

A.2 GNÍOMHARTHA A THABHARFAIDH NA PÁIRTITHE CONARTHACHA DÁ nAIRE CHUÍ

1. 32010 D 0424(01): Cinneadh Uimh. A1 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 12 Meitheamh 2009 maidir le nós imeachta idirphlé agus idir-réitigh a bhunú i dtaca le bailíocht doiciméad, i dtaca leis an reachtaíocht is infheidhme a chinneadh agus i dtaca le sochair a sholáthar faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C 106, 24.4.2010, lch. 1).
2. 32010 D 0424(02): Cinneadh Uimh. A2 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 12 Meitheamh 2009 maidir le léirmhíniú Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca leis an reachtaíocht is infheidhme maidir le hoibrithe ar postú agus oibrithe féinfhostaithe atá ag obair go sealadach lasmuigh den Stát inniúil (IO C 106, 24.4.2010, lch. 5).
3. 32010 D 0608(01): Cinneadh Uimh. A3 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 17 Nollaig 2009 maidir le comhiomlánú na dtréimhsí ar postú gan bhriseadh arna gcur i gcrích faoi Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C 149, 8.6.2010, lch. 3).
4. 32014 D 0520(03): Cinneadh Uimh. E4 an 13 Márta 2014 maidir leis an idirthréimhse mar a shainmhínítear í in Airteagal 95 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C 152, 20.5.2014, lch. 21).

5. 32017 D 0719(01): Cinneadh Uimh. E5 an 16 Márta 2017 maidir leis na socruithe praiticiúla le haghaidh na hidirthréimhse i dtaca le malartú sonraí trí mheán leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C 233, 19.7.2017, lch. 3).
6. 32018 D 1004 (02): Cinneadh Uimh. E6 an 19 Deireadh Fómhair 2017 maidir le cinneadh cathain a mheastar teachtaireacht leictreonach a bheith seachadta go dleathach sa chóras um Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) (IO C 355, 4.10.2018, lch. 5).
7. 32020 D 0306 (01): Cinneadh Uimh. E7 an 27 Meitheamh 2019 a bhaineann leis na socruithe praiticiúla le haghaidh comhair agus malartú sonraí go dtí go gcuirfear an Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) chun feidhme go hiomlán sna Ballstáit (IO C 73, 6.3.2020, lch. 5).
8. 32024 D 06842: Cinneadh Uimh. E8 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 14 Márta 2024 Maidir le nós imeachta um bainistiú athruithe a bhunú a bhfuil feidhm aige maidir le mionsonraí na gcomhlachtaí a shainítear in Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a liostaítear san eolaire leictreonach ar dlúthchuid de EESSI é (IO C, C/2024/6842, 12.11.2024).
9. 32010 D 0424(04): Cinneadh Uimh. F1 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 12 Meitheamh 2009 maidir le léirmhíniú Airteagal 68 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha tosaíochta i gcás ina dtarlódh forluí idir sochair theaghlaigh (IO C 106, 24.4.2010, lch. 11).

10. 32016 D 0211(05): Cinneadh Uimh. F2 an 23 Meitheamh 2015 maidir le sonraí a mhalartú idir institiúidí chun críche sochair theaghlaigh a dheonú (IO C 52, 11.2.2016, lch. 11).
11. 32019 D 0626(01): Cinneadh Uimh. F3 an 19 Nollaig 2018 maidir le léirmhíniú Airteagal 68 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le modh ríofa an fhorlíonaidh dhifreálaigh (IO C 215, 26.6.2019, lch. 2).
12. 32010 D 0424(05): Cinneadh Uimh. H1 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 12 Meitheamh 2009 maidir leis an gcreat le haghaidh an aistrithe ó Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 ón gComhairle chuig Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus maidir le Cinntí agus Moltaí an Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta a chur i bhfeidhm (IO C 106, 24.4.2010, lch. 13).
13. 32010 D 0608(02): Cinneadh Uimh. H 5 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 18 Márta 2010 maidir le comhar i dtaca le calaois agus earráid a chomhrac faoi chuimsiú Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO C 149, 8.6.2010, lch. 5).
14. 32011 D 0212(01): Cinneadh Uimh. H6 an 16 Nollaig 2010 maidir le cur i bhfeidhm prionsabal áirithe i dtaca le comhiomlánú tréimhsí faoi Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO C 45, 12.2.2011, lch. 5).

15. 32021 D 0506 (01): Cinneadh Uimh. H11 an 9 Nollaig 2020 maidir le spriocdhátaí a chur siar dá dtagraítear in Airteagal 67 agus Airteagal 70 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 agus i gCinneadh Uimh. S9 de dheasca Phaindéim COVID-19 (IO C 170, 6.5.2021, lch. 4).
16. 32022 D 0228 (01): Cinneadh Uimh. H12 an 19 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an dáta atá le cur san áireamh chun na rátaí comhshó dá dtagraítear in Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chinneadh (IO C 93, 28.2.2022, lch. 6).
17. 32022 D 0810(01): Cinneadh Uimh. H13 an 30 Márta 2022 maidir le comhdhéanamh agus modhanna oibre Bhord Iniúchóireachta an Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta (Téacs atá ábhartha maidir le LEE agus maidir le Comhaontú CE/na hEilvéise) 2022/C 305/03 (IO C 305, 10.8.2022, lch. 4).
18. 32024 D 00594: Cinneadh Uimh. H14 an 21 Meitheamh 2023 maidir le foilsiú an Nóta threoraigh maidir le paindéim COVID-19, an nóta maidir le léirmhíniú chur i bhfeidhm Theideal II de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Airteagail 67 agus 70 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 le linn phaindéim COVID-19, an Nóta threoraigh maidir le teile-obair is infheidhme don tréimhse idir an 1 Iúil 2022 agus an 30 Meitheamh 2023 agus an Nóta threoraigh maidir le teile-obair is infheidhme ón 1 Iúil 2023 (IO C/2024/594, 11.1.2024).
19. 32024 D 06845: Cinneadh Uimh. H15 an 27 Meitheamh 2024 maidir le modhanna oibríochta agus comhdhéanamh an Choimisiúin Theicniúil um Próiseáil Sonraí de chuid an Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta (IO C, C/2024/6845, 14.11.2024).

20. 32010 D 0424(07): Cinneadh Uimh. P1 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 12 Meitheamh 2009 maidir le léirmhíniú Airteagal 50(4), Airteagal 58 agus Airteagal 87(5) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dámhachtain sochar i leith easláine, seanaoise nó cleithiúnaithe marthanacha (IO C 106, 24.4.2010, lch. 21).
21. 32013 D 0927(01): Cinneadh Uimh. R1 an 20 Meitheamh 2013 maidir le léirmhíniú Airteagal 85 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 (IO C 279, 27.9.2013, lch. 11).
22. 32010 D 0424(08): Cinneadh Uimh. S1 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 12 Meitheamh 2009 maidir leis an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte (IO C 106, 24.4.2010, lch. 23).
23. 32010 D 0424(09): Cinneadh Uimh. S2 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 12 Meitheamh 2009 maidir le sonraíochtaí teicniúla an Chárta Eorpaigh um Árachas Sláinte (IO C 106, 24.4.2010, lch. 26).
24. 32010 D 0424(10): Cinneadh Uimh. S3 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 12 Meitheamh 2009 lena sainmhínítear na sochair a chumhdaítear faoi Airteagal 19(1) agus Airteagal 27(1) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus faoi Airteagal 25(A) (3) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C 106, 24.4.2010, lch. 40).

25. 32010 D 0424(15): Cinneadh Uimh. S5 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 2 Deireadh Fómhair 2009 maidir le léirmhíniú an choincheapa ‘sochair chomhchineáil’ mar a shainmhínítear in Airteagal 1(va) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gcás breoiteachta nó máithreachais de bhun Airteagail 17, 19, 20, 22, Airteagal 24(1), Airteagail 25, 26, Airteagal 27(1, 3, 4 agus 5), Airteagal 28, 34 agus Airteagal 36(1 agus 2) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus maidir le ríomh na méideanna atá le haisíoc faoi Airteagail 62, 63 agus 64 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C 106, 24/04/2010, lch. 54).
26. 32010 D 0427(02): Cinneadh Uimh. S6 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 22 Nollaig 2009 maidir le clárú sa Bhallstát cónaithe faoi Airteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 agus maidir le tiomsú na bhfardal dá bhforáiltear in Airteagal 64(4) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 (IO C 107, 27/04/2010, lch. 6).
27. 32011 D 0906(01): Cinneadh Uimh. S8 an 15 Meitheamh 2011 maidir le próistéisí, príomhfhearais agus sochair chomhchineáil shubstaintiúla eile a dheonú dá bhforáiltear in Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO C 262, 6.9.2011, lch. 6).
28. 32014 D 0520(02): Cinneadh Uimh. S10 an 19 Nollaig 2013 maidir leis an aistriú ó Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 chuig Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 agus maidir le nósanna imeachta aisíocaíochta a chur i bhfeidhm (IO C 152, 20.5.2014, lch. 16).

29. 32021 D 0618(01): Cinneadh Uimh. S11 an 9 Nollaig 2020 maidir le nósanna imeachta aisíocaíochta ar mhaithe le hAirteagal 35 agus Airteagal 41 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a chur chun feidhme (IO C 236, 18.6.2021, lch. 4).
30. 32025 D 01598: Cinneadh Uimh. S12 an 16 Deireadh Fómhair 2024 a bhaineann le haisíoc cúraim sláinte maidir le haistriú othar go Ballstát eile i gcás líon mór taismeach tar éis tubaistí (IO C, C/2025/1598, 13.3.2025).
31. 32010 D 0424(11): Cinneadh Uimh. U1 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 12 Meitheamh 2009 maidir le hAirteagal 54(3) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le méaduithe ar shochar dífhostaíochta le haghaidh bhaill chleithiúnacha an teaghlaigh (IO C 106, 24.4.2010, lch. 26).
32. 32010 D 0424(12): Cinneadh Uimh. U2 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 12 Meitheamh 2009 maidir le raon feidhme Airteagal 65(2) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gceart chun sochar dífhostaíochta atá ag daoine atá go hiomlán dífhostaithe cé is moite d'oibrithe teorann a bhí ina gcónaí i gcríoch Ballstáit seachas an Ballstát inniúil le linn a dtréimhse fostaíochta nó féinfhostaíochta is déanaí (IO C 106, 24.4.2010, lch. 43).
33. 32010 D 0424(13): Cinneadh Uimh. U3 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 12 Meitheamh 2009 maidir le raon feidhme an choincheapa 'páirt-dífhostaíocht' is infheidhme maidir le daoine dífhostaithe dá dtagraítear in Airteagal 65(1) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C 106, 24.4.2010, lch. 45).

34. 32012 D 0225(01): Cinneadh Uimh. U4 an 13 Nollaig 2011 maidir leis na nósanna imeachta aisíocaíochta faoi Airteagal 65(6) agus Airteagal (7) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Airteagal 70 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 (IO C 57, 25.2.2012, lch. 4).

A.3 GNÍOMHARTHA A THABHARFAIDH NA PÁIRTITHE CONARTHACHA DÁ nAIRE

1. 32018 H 0529(01): Moladh Uimh. A1 an 18 Deireadh Fómhair 2017 i ndáil le heisiúint an fhianaithe dá dtagraítear in Airteagal 19(2) de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO C 183, 29.5.2018, lch. 5).
2. 32013 H 0927(01): Moladh Uimh. H1 an 19 Meitheamh 2013 maidir le breithiúnas Gottardo, nach foláir, dá réir, na buntáistí atá ag náisiúnaigh Stáit faoi choinbhinsiún déthaobhach maidir le slándáil shóisialta le tríú tír a dheonú freisin d'oibrithe ar náisiúnaigh de Bhallstáit eile iad (IO C 279, 27.9.2013, lch. 13).
3. 32019 H 0429(01): Moladh Uimh. H2 an 10 Deireadh Fómhair 2018 maidir le gnéithe fiordheimhnithe a chur san áireamh i gcás Doiciméid Iniompartha arna n-eisiúint ag institiúid Ballstáit agus ina léirítear staid an duine chun críche Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm (IO C 147, 29.4.2019, lch. 6).
4. 32012H0810(01) Moladh Uimh. S1 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 15 Márta 2012 maidir le gnéithe airgeadais a bhaineann le deonacháin orgán beo trasna teorainneacha (IO C 240, 10.8.2012, lch. 3).

5. 32014 H 0218(01): Moladh S2 an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an teidlíocht ar shochair chomhchineáil le haghaidh daoine árachaithe agus baill dá dteaghlaigh atá ag fanacht i dtríú tír faoi choinbhinsiún déthaobhach idir an Ballstát inniúil agus an tríú tír (IO C 46, 18.2.2014, lch. 8).
6. 32010 H 0424(02): Moladh Uimh. U1 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 12 Meitheamh 2009 maidir leis an reachtaíocht is infheidhme maidir le daoine dífhostaithe atá i mbun gníomhaíocht pháirtaimseartha phroifisiúnta nó trádála i mBallstát seachas an Stát cónaithe (IO C 106, 24.4.2010, lch. 49).
7. 32010 H 0424(03): Moladh Uimh. U2 ón gCoimisiún Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta an 12 Meitheamh 2009 maidir le hAirteagal 64(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm maidir le daoine dífhostaithe a thugann tionlacan dá gcéilí nó dá bpáirtnéirí agus iad ag tabhairt faoi ghníomhaíocht ghairmiúil nó trádála i mBallstát seachas an Stát inniúil (IO C 106, 24.4.2010, lch. 51).

B. CEARTA PINSIN FHORLÍONTAIGH A CHOSAINT

GNÍOMHARTHA DÁ dTAGRAÍTEAR

1. 31998 L 0049: Treoir 98/49/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 1998 maidir le cearta pinsin fhorlíontaigh a chosaint do dhaoine fostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe atá ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 209, 25.7.1998, lch. 46).

2. 32014 L 0050: Treoir 2014/50/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ceanglais íosta i leith soghluaisteacht oibrithe idir na Ballstáit a fheabhsú trí fháil agus coimeád ceart pinsin fhorlíontaigh a fheabhsú (IO L 128, 30.4.2014, lch. 1).

Léifear forálacha na Treorach, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Airteagal 6(5): ní bheidh feidhm ag an tagairt d’Airteagal 11 de Threoir 2003/41/CE maidir leis an Eilvéis.

Déanfaidh an Eilvéis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir 2014/50/AE faoin gcéad lá den naoú mí is ceathracha tar éis theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithe.

PRÓTACAL I

ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú

I. Árachas dífhostaíochta

Beidh feidhm ag na socruithe seo a leanas maidir le hoibrithe is náisiúnaigh de Phoblacht na Seice, de Phoblacht na hEastóine, de Phoblacht na Laitvia, de Phoblacht na Liotuáine, de Phoblacht na hUngáire, de Phoblacht na Polainne, de Phoblacht na Slóivéine agus de Phoblacht na Slóvaice go dtí an 30 Aibreán 2011 agus maidir le hoibrithe is náisiúnaigh de Phoblacht na Bulgáire agus den Rómáin go dtí an 31 Bealtaine 2016. Beidh feidhm aige maidir le hoibrithe ar náisiúnaigh iad de Phoblacht na Cróite go dtí deireadh an seachtú bliain tar éis theacht i bhfeidhm an Phrótacail maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cróite.

1. Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir le hárachas dífhostaíochta d'oibrithe a shealbhaíonn cead cónaithe a bhfuil tréimhse bhailíochta níos lú ná 1 bhliain amháin aige.

- 1.1. Ní bheidh ach oibrithe a d'íoc ranníocaíochtaí san Eilvéis don íostréimhse a cheanglaítear faoin Acht Cónaidhme um Árachas Dífhostaíochta agus Liúntais Dócmhainneachta(*loi fédérale sur l'assurance-chômage obligatoire et l'indemnité en cas d'insolvabilité* — LACI)¹ agus a chomhlíonann na coinníollacha eile incháilitheachta le haghaidh sochar dífhostaíochta freisin i dteideal an tsochair sin dá bhforáiltear leis an árachas dífhostaíochta faoi na coinníollacha a leagtar síos le dlí.

¹ 12 mhí faoi láthair.

- 1.2. Déanfar cuid de na ranníocaíochtaí arna dtobhach d'oibrithe a bhfuil a dtréimhse ranníocaíochta róghearr chun teidlíocht a thabhairt ar shochar dífhostaíochta san Eilvéis faoi 1.1 a aisíoc lena Stáit tionscnaimh i gcomhréir le forálacha 1.3. chun rannchuidiú le costas na sochar a sholáthraítear do na hoibrithe sin i gcás lán-dífhosaíochta; ní bheidh na hoibrithe sin i dteideal sochair ansin i gcás ina mbeidh siad dífhostaithe go hiomlán san Eilvéis. Beidh siad i dteideal, áfach, liúntais i leith drochaimsire agus i gcás ina dtiocfaidh an fostóir chun bheith dócmhainneach. Íocfaidh an Stát tionscnaimh sochair i gcás dífhosaíochta iomláine, ar choinníoll go gcuireann na hoibrithe lena mbaineann iad féin ar fáil don obair. Tréimhsí árachais a cuireadh isteach san Eilvéis, cuirfear san áireamh iad ar an mbealach céanna agus a chuirfí i gcrích iad sa Stát tionscnaimh.
- 1.3. Déanfar an chuid de na ranníocaíochtaí arna dtobhach d'oibrithe dá dtagraítear in 1.2 a aisíoc ar bhonn bliantúil i gcomhréir leis na forálacha seo a leanas:
- (a) Ríomhfar ranníocaíochtaí iomlána na n-oibrithe sin, de réir tíre, ar bhonn líon bliantúil na n-oibrithe atá fostaithe agus na meánranníocaíochtaí bliantúla arna n-íoc le haghaidh gach oibrí (ranníocaíochtaí fostóirí agus fostaithe).
 - (b) Den mhéid a ríomhtar ar an mbealach sin, déanfar cuid den mhéid a chomhfhreagraíonn don sciar coibhneasta a léirítear le sochar dífhosaíochta mar chéatadán de na liúntais uile dá dtagraítear in 1.2 a aisíoc le Stáit tionscnaimh na n-oibrithe, agus coinneoidh an Eilvéis cuid de mar chúlchiste le haghaidh sochair ina dhiaidh sin¹.

¹ Ranníocaíochtaí aisíochta le haghaidh oibrithe a fheidhmeoidh a gceart chun sochair dífhosaíochta san Eilvéis tar éis dóibh ranníocaíochtaí a íoc ar feadh 12 mhí ar a laghad – thar roinnt tréimhsí cónaithe – laistigh de thréimhse 2 bhliain.

(c) soláthróidh an Eilvéis, ar bhonn bliantúil, ráiteas ina léireofar na ranníocaíochtaí a aisíocadh. Má iarrann na Stáit tionscnaimh amhlaidh, sonróidh siad na boinn don ríomh agus na suimeanna a aisíocadh. Tabharfaidh na Stáit tionscnaimh fógra don Eilvéis gach bliain faoi líon fhaighteoirí an tsochair dífhostaíochta dá dtagraítear in 1.2.

2. Má bhíonn deacrachtaí ag Ballstát lena mbaineann an socrú seo deireadh a chur leis na socruithe chun ranníocaíochtaí a aisíoc, nó má bhíonn deacrachtaí ag an Eilvéis leis na socruithe maidir le comhiomlánú, féadfaidh aon cheann de na Páirtithe Conarthacha an t-ábhar a chur faoi bhráid an Chomhchoiste.

II. Liúntais do dhaoine anbhanna

Ní sholáthrófar liúntais do dhaoine anbhanna arna ndeonú faoi Dhlí Cónaidhme na hEilvéise an 19 Meitheamh 1959 maidir le hárachas easláine agus faoi Dhlí Cónaidhme an 20 Nollaig 1946 maidir le hárachas seanaoise agus cleithiúnaithe marthanacha, arna leasú an 8 Deireadh Fómhair 1999, ach amháin má tá cónaí ar an duine lena mbaineann san Eilvéis.

III. Cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir leis na sochair dhílsithe leathnaithe

Cuirfidh an Eilvéis Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 i bhfeidhm maidir leis an scéim leathnaithe faoi Dhlí Cónaidhme an 17 Nollaig 1993 maidir le saorghluaiseacht i measc pleananna sochair ceirde i ndáil le pinsin seanaoise, cleithiúnaithe marthanacha agus easláine faoin gcéad lá den naoú mí is ceathracha tar éis theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithe.

PRÓTACAL II

ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú

ÓS RUD É go luaitear in Airteagal 33 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar') go mbeidh feidhm ag Teideal III de Chuid a Dó den Chomhaontú um Tharraingt Siar maidir le náisiúnaigh den Íoslainn, de Phrionsacht Lichtinstéin, de Ríocht na hIorua agus de Chónaidhm na hEilvéise ar choinníoll go dtabharfaidh na tíortha sin i gcrích agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm comhaontuithe comhfhreagracha le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a mbeidh feidhm acu maidir le saoránaigh de chuid an Aontais, chomh maith le comhaontuithe leis an Aontas a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe,

I bhFIANAISE go luaitear in Airteagal 26b den Chomhaontú idir Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cearta na saoránach tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhaontú maidir le Saorghluaiseacht Daoine go mbeidh feidhm ag forálacha Chuid III den chomhaontú sin maidir le saoránaigh de chuid an Aontais, ar choinníoll go dtabharfaidh an tAontas i gcrích agus go gcuirfidh sé i bhfeidhm comhaontuithe comhfhreagracha le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh den Eilvéis, chomh maith le comhaontuithe comhfhreagracha leis an Eilvéis a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe,

AG AITHINT DÓIBH gur gá cosaint chómhalartach na gceart slándála sóisialta a sholáthar do náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a cleithiúnaithe marthanacha, daoine atá nó a bhí, faoi dheireadh na hidirthréimhse, ag maireachtáil i staid trasteorann lena mbaineann ceann amháin nó níos mó de na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú maidir leis Saorghluaiseacht Daoine, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann an tráth céanna,

AIRTEAGAL 1

Sainmhínithe agus tagairtí

1. Chun críocha an Phrótacail seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn ‘an Comhaontú um Tharraingt Siar’ an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach¹;
 - (b) ciallaíonn ‘Comhaontú um Chearta na Saoránach’ an Comhaontú idir Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cearta saoránach tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhaontú um Shaorghluaiseacht Daoine;
 - (c) ciallaíonn ‘Stáit atá cumhdaithe’ Ballstáit an Aontais agus an Eilvéis;
 - (d) ciallaíonn ‘idirthréimhse’ an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar;
 - (e) na sainmhínithe in Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² agus in Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³.

¹ IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

² Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1, a ceartaíodh le IO L 200, 7.6.2004, lch. 1).

³ Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1).

2. Chun críocha an Phrótacail seo, gach tagairt do na Ballstáit agus d'údaráis inniúla na mBallstát sna forálacha sin i ndlí an Aontais a dhéantar infheidhme leis an bPrótacal seo, tuigfear go n-áirítear iontu an Ríocht Aontaithe agus na húdaráis inniúla atá aici.

AIRTEAGAL 2

Daoine atá cumhdaithe

1. Beidh feidhm ag an bPrótacal seo maidir leis na daoine a leanas:
 - (a) náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe atá faoi réir reachtaíocht ceann de na Stáit atá cumhdaithe ag deireadh na hidirthréimhse, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a gcleithiúnaithe marthanacha;
 - (b) náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe atá ina gcónaí i gceann de na Stáit atá cumhdaithe, agus atá faoi réir reachtaíocht na Ríochta Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a gcleithiúnaithe marthanacha;
 - (c) daoine nach dtagann faoi phointe (a) ná (b) ach ar náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe iad a ghabhann do ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe i gceann amháin nó níos mó de na Stáit atá cumhdaithe ag deireadh na hidirthréimhse, agus, bunaithe ar Theideal II de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, atá faoi réir reachtaíocht na Ríochta Aontaithe, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a gcleithiúnaithe marthanacha;
 - (d) daoine gan stát agus dídeanaithe atá ina gcónaí i gceann de na Stáit atá cumhdaithe nó sa Ríocht Aontaithe, daoine a mbaineann ceann de na staideanna a thuairiscítear i bpointí (a) go (c) leo, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a gcleithiúnaithe marthanacha.

2. Déanfar na daoine dá dtagraítear i mír 1 a chumhdach chomh fada agus a leanfaidh siad orthu gan bhriseadh de bheith i gceann de na staideanna a leagtar amach sa mhír sin a bhaineann le ceann de na Stáit atá cumhdaithe agus leis an Ríocht Aontaithe araon san am céanna.
3. Beidh feidhm ag an bPrótacal seo freisin maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe nach dtagann, nó nach dtagann a thuilleadh, faoi cheann de na staideanna a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo ach a thagann faoi réim Airteagal 10 den Chomhaontú um Tharraingt Siar nó faoi réim Airteagal 10 den Chomhaontú um Chearta na Saoránach, mar aon lena mbaill teaghlaigh agus a gcleithiúnaithe marthanacha.
4. Déanfar na daoine dá dtagraítear i mír 3 a chumhdach fad agus a leanfaidh siad de cheart a bheith acu chun cónaí i gceann de na Stáit atá cumhdaithe faoi Airteagal 13 den Chomhaontú um Tharraingt Siar nó faoi Airteagal 12 den Chomhaontú um Chearta na Saoránach, nó ceart a bheith acu oibriú ina Stát oibre faoi Airteagal 24 nó 25 den Chomhaontú um Tharraingt Siar nó Airteagal 20 den Chomhaontú um Chearta na Saoránach.
5. Más do bhaill teaghlaigh agus do chleithiúnaithe marthanacha a thagraíonn an tAirteagal seo, ní chumhdófar na daoine sin leis an bPrótacal seo ach amháin a mhéid atá cearta ag dul dóibh, agus oibleagáidí sa cháil sin, faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004.

AIRTEAGAL 3

Rialacha maidir le slándáil shóisialta a chomhordú

1. Na rialacha agus na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 8 den Chomhaontú agus san Iarscríbhinn seo, Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009, beidh feidhm acu maidir leis na daoine a chumhdaítear leis an bPrótacal seo.

2. Tabharfaidh na Stáit a chumhdaítear aird chuí ar Chinntí agus ar Mholtaí an Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta atá ceangailte leis an gCoimisiún Eorpach a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ('an Coimisiún Riaracháin') a liostaítear i Roinn A den Iarscríbhinn seo.

AIRTEAGAL 4

Staideanna speisialta atá cumhdaithe

1. Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas sna staideanna seo a leanas a mhéid a leagtar amach san Airteagal seo, a mhéid a bhaineann siad le daoine nach gcumhdaítear, nó nach bhfuil cumhdaithe a thuilleadh le hAirteagal 2:

- (a) maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, chomh maith le daoine gan stát agus dídeanaithe atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe a bhí faoi réir reachtaíocht ceann de na Stáit atá cumhdaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a gcleithiúnaithe marthanacha, beidh siad cumhdaithe leis an bPrótacal seo chun críoch spleáchais ar thréimhsí árachais, fostaíochta, féinfhostaíochta nó cónaithe, agus chun críoch comhiomlánaithe tréimhsí árachais, fostaíochta, féinfhostaíochta nó cónaithe, lena n-áirítear cearta agus oibleagáidí a eascraíonn as na tréimhsí sin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004; chun críoch comhiomlánaithe tréimhsí, cuirfear san áireamh tréimhsí ar tháinig deireadh leo roimh agus tar éis dheireadh na hidirthréimhse i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004;

- (b) na rialacha a leagtar amach in Airteagail 20 agus 27 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, is rialacha iad a bheidh fós i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, chomh maith le daoine gan stát agus dídeanaithe atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe, náisiúnaigh a d'iarr údarú roimh dheireadh na hidirthréimhse do chúrsa réamhbheartaithe cóireála cúraim sláinte de bhun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, go dtí deireadh na cóireála. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta aisíocaíochta comhfhreagracha fiú tar éis dheireadh na cóireála. Beidh sé de cheart ag na daoine sin agus ag an lucht tionlacain teacht isteach i Stát na cóireála agus é a fhágáil i gcomhréir le hAirteagal 14 den Chomhaontú um Tharraingt Siar *mutatis mutandis* agus i gcomhréir le hAirteagal 13 den Chomhaontú um Chearta Saoránach *mutatis mutandis*;
- (c) beidh na rialacha a leagtar amach in Airteagail 19 agus 27 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 fós i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, chomh maith le daoine gan stát agus dídeanaithe atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe agus atá cumhdaithe ag Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus atá ar thréimhse fanachta ag deireadh na hidirthréimhse i gceann de na Stáit atá cumhdaithe nó sa Ríocht Aontaithe, go dtí deireadh a dtréimhse fanachta. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta aisíocaíochta comhfhreagracha fiú tar éis na tréimhse fanachta nó tar éis dheireadh na cóireála;
- (d) beidh na rialacha a leagtar amach in Airteagail 67, 68 agus 69 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 fós i bhfeidhm, fad a chomhlíonfar na coinníollacha, maidir le dámhachtainí sochar teaghlaigh a bhfuil teidlíocht ina leith ag deireadh na hidirthréimhse le haghaidh náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, chomh maith le daoine gan stát agus dídeanaithe atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe atá faoi réir reachtaíocht na Ríochta Aontaithe agus a bhfuil baill teaghlaigh acu ina gcónaí i gceann de na Stáit atá cumhdaithe ag deireadh na hidirthréimhse;
- (e) sna staidheanna a leagtar amach i bpointe (d) den mhír seo, maidir le haon duine a bhfuil cearta aige mar bhall teaghlaigh ag deireadh na hidirthréimhse faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, amhail cearta díorthaithe ar shochair bhreuiteachta chomhchineáil, leanfaidh an Rialachán sin agus na forálacha comhfhreagracha de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 d'fheidhm a bheith acu fad a chomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear ann.

2. Beidh feidhm ag forálacha Chaibidil 1 de Theideal III de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le sochair bhreuiteachta maidir le daoine a fhaigheann sochair faoi phointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo.

Beidh feidhm ag an mír seo *mutatis mutandis* maidir le sochair theaghlaigh atá bunaithe ar Airteagal 67, Airteagal 68 agus Airteagal 69 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004.

AIRTEAGAL 5

Aisíocaíocht, aisghabháil agus fritháireamh

Maidir leis na forálacha atá i Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 maidir le haisíocaíocht, aisghabháil agus fritháireamh, is forálacha iad a leanfaidh d'fheidhm a bheith acu maidir leis na teagmhais, a mhéid a bhaineann siad le daoine nach mbeidh cumhdaithe le hAirteagal 2, ar teagmhais iad:

- (a) a tharla roimh dheireadh na hidirthréimhse; nó
- (b) a tharla tar éis dheireadh na hidirthréimhse agus a bhfuil baint acu le daoine a bhí cumhdaithe le hAirteagail 2 nó 4 nuair a tharla an teagmhas.

AIRTEAGAL 6

Forbairt dlí agus oiriúnaithe

1. D'ainneoin mhír 3, tagairtí sa Phrótacal seo do Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004 agus (CE) Uimh. 987/2009 nó d'fhorálacha díobh, tuigfear gur tagairtí iad do na gníomhartha nó do na forálacha arna gcomhtháthú sa Chomhaontú, de réir mar is infheidhme ar lá deiridh na hidirthréimhse.
2. I gcás ina ndéanfar Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004 agus (CE) Uimh. 987/2009 a leasú nó a ionadú tar éis dheireadh na hidirthréimhse, maidir le tagairtí do na Rialacháin sin sa Phrótacal seo, tuigfear gur tagairtí iad do na Rialacháin sin arna leasú nó arna n-ionadú, i gcomhréir leis na gníomhartha a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, a mhéid a bhaineann leis an Aontas, agus i gCuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Chearta na Saoránach, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis.
3. Chun críocha an Phrótacail seo, tuigfear go gcuimsíonn Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 na hoiriúnuithe a liostaítear i gCuid III d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, a mhéid a bhaineann leis an Aontas, agus i gCuid III d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Chearta na Saoránach, maidir leis an Eilvéis.
4. Chun críocha an Phrótacail seo, tiocfaidh na leasuithe agus na hoiriúnuithe dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 i bhfeidhm ar an lá tar éis an lae a thiocfaidh na leasuithe agus na hoiriúnuithe comhfhreagracha ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar nó ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Chearta na Saoránach i bhfeidhm, cibé acu is déanaí.'.

IARSCRÍBHINN III

AITHEANTAS FRITHPHÁIRTEACH DO CHÁILÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA

Leasuithe ar Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú:

IARSCRÍBHINN III

AITHEANTAS FRITHPHÁIRTEACH DO CHÁILÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA

(Diplómaí, deimhnithe agus cruthúnas eile ar cháilíochtaí foirmiúla)

ROINN 1

RÉAMHRÁ

Chun críocha chur i bhfeidhm Airteagail 2 go 9 den Chomhaontú, beidh feidhm ag gníomhartha dlí an Aontais a liostaítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo faoi réir phrionsabal an ailínithe dhinimiciúil dá dtagraítear in Airteagal 5 den Phrótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú seo, agus faoi réir na n-eisceachtaí a liostaítear i mír 7 den Airteagal sin.

Mura bhforáiltear a mhalairt in oiriúnuithe teicniúla, na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear i ngníomhartha dlí an Aontais arna gcomhtháthú san Iarscríbhinn seo le haghaidh Bhallstáit an Aontais, tuigfear go ndéanfar foráil maidir leo don Eilvéis. Cuirfear an méid sin i bhfeidhm agus lánurraim á tabhairt don Phrótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú seo.

Gan dochar d’Airteagal 16 den Phrótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú seo, agus mura bhforáiltear a mhalairt in oiriúnuithe teicniúla, beidh forálacha sna gníomhartha a liostaítear i Roinn 2, lena gceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis a sholáthar do Bhallstáit eile nó don Choimisiún, infheidhme maidir leis an Eilvéis. I gcás ina mbaineann an fhaisnéis sin le faireachas nó le cur i bhfeidhm, cuirfidh an Eilvéis an fhaisnéis sin in iúl tríd an gComhchoiste.

ROINN 2

GNÍOMHARTHA DÁ dTAGRAÍTEAR

1. 32005 L 0036: Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22),

arna leasú le:

- Treoir 2006/100/CE ón gComhairle an 20 Samhain 2006 lena n-oiriúnaítear Treoracha áirithe i réimse na saoirse gluaiseachta, de bharr aontachas na Bulgáire agus na Rómáine (IO L 363, 20.12.2006, lch. 141),

- Rialachán (AE) Uimh. 213/2011 ón gCoimisiún an 3 Márta 2011 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 59, 4.3.2011, lch. 4),
- Teachtaireacht ón gCoimisiún – *Notification of the professional associations or organisations fulfilling the conditions of Article 3(2) listed under Annex I to Directive 2005/36/EC* [Fógra faoi na comhlachais ghairmiúla nó na heagraíochtaí gairmiúla a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 3(2) a liostaítear faoi Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2005/36/CE] (IO C 111, 15.5.2009, lch. 1),
- Teachtaireacht ón gCoimisiún – *Notification of the professional associations or organisations fulfilling the conditions of Article 3(2) listed under Annex I to Directive 2005/36/EC* [Fógra faoi na comhlachais ghairmiúla nó na heagraíochtaí gairmiúla a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 3(2) a liostaítear faoi Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2005/36/CE] (IO C 182, 23.6.2011, lch. 1),
- Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Cróite agus na n-oiriúnuithe ar an gConradh ar an Aontas Eorpach, ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 112, 24.4.2012, lch. 10),
- Treoir 2013/25/AE ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013 lena n-oiriúnaítear teoracha áirithe i réimse an chirt bunaíochta agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar, de bharr aontachas Phoblacht na Cróite (IO L 158, 10.6.2013, lch. 368),
- Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 lena leasaítear Treoir 2005/36/CE maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IO L 354, 28.12.2013, lch. 132),

- Cinneadh Tarmligthe (AE) 2016/790 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2016 lena leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna (IO L 134, 24.5.2016, lch. 135),
- Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/2113 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2017 lena leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna (IO L 317, 1.12.2017, lch. 119),
- Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/608 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2019 lena leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna (IO L 104, 15.4.2019, lch. 1),
- Cinneadh Tarmligthe (AE) 2020/548 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna (IO L 131, 24.4.2020, lch. 1),
- Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/2183 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna (IO L 444, 10.12.2021, lch. 16),
- Cinneadh Tarmligthe (AE) 2023/2383 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2023 lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna (IO L 2383, 9.10.2023, lch. 1),

- Treoir Tarmligthe (AE) 2024/782 ón gCoimisiún an 4 Márta 2024 lena leasaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na híoscheanglais oiliúna le haghaidh ghairm an altra atá freagrach as cúram ginearálta, ghairm an chleachtóra fiacloireachta agus ghairm an chógaiseora (IO L, 2024/782, 31.5.2024),
- Cinneadh Tarmligthe (AE) 2024/1395 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2024 lena leasaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna (IO L, 2024/1395, 31.5.2024).

a ceartaíodh le:

- Ceartúchán ar Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 93, 4.4.2008, lch. 28),
- Ceartúchán ar Threoir 2006/100/CE ón gComhairle an 20 Samhain 2006 lena n-oiriúnaítear Treoracha áirithe sa réimse saorghluaiseachta daoine, de bharr aontachas na Bulgáire agus na Rómáine (IO L 177, 8.7.2015, lch. 60).

Léifear forálacha na Treorach, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) cuirtear an téacs seo a leanas le pointe 5.1.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir:

'Tír	Cruthúnas ar cháilíochtaí foirmiúla	Comhlacht dámhachtana na gcáilíochtaí	Deimhniú a ghabhann leis na cáilíochtaí	Dáta tagartha
An Eilvéis	Eidgenössisches Arztdiplom Diplôme fédéral de médecin Diploma federale di medico	Eidgenössisches Departement des Innern Département fédéral de l'intérieur Dipartimento federale dell'interno		1 Meitheamh 2002'

- (b) cuirtear an téacs seo a leanas le pointe 5.1.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir:

'Tír	Cruthúnas ar cháilíochtaí foirmiúla	Comhlacht dámhachtana na gcáilíochtaí	Dáta tagartha
An Eilvéis	Diplom als Facharzt Diplôme de médecin spécialiste Diploma di medico specialista	Eidgenössisches Departement des Innern und Verbindung der Schweizer Ärztinnen und Ärzte (FMH) / Schweizerische Institut für ärztliche Weiter- und Fortbildung (SIWF) Département fédéral de l'intérieur et Fédération des médecins suisses (FMH) / Institut suisse pour la formation médicale postgraduée et continue (ISFM) Dipartimento federale dell'interno e Federazione dei medici svizzeri (FMH) / Istituto svizzero per la formazione medica (ISFM)	1 Meitheamh 2002'

- (c) cuirtear an téacs seo a leanas le pointe 5.1.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir:

‘Tír	Teideal
Ainéistéitic Íostréimhse oiliúna: 3 bliana	
An Eilvéis	Anästhesiologie Anesthésiologie Anesthesiologia

Tír	Teideal
An mháinliacht ghinearálta Íostréimhse oiliúna: 5 bliana	
An Eilvéis	Chirurgie Chirurgie Chirurgia

Tír	Teideal
An mháinliacht néareolaíoch Íostréimhse oiliúna: 5 bliana	
An Eilvéis	Neurochirurgie Neurochirurgie Neurochirurgia

Tír	Teideal
An obstatraic agus an ghíniceolaíocht Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Gynäkologie und Geburtshilfe Gynécologie et obstétrique Ginecologia e ostetricia

Tír	Teideal
An mhíochaine ghinearálta (inmheánach) Íostréimhse oiliúna: 5 bliana	
An Eilvéis	Allgemeine Innere Medizin Médecine interne générale Medicina interna generale

Tír	Teideal
An oftailmeolaíocht Íostréimhse oiliúna: 3 bliana	
An Eilvéis	Ophthalmologie Ophtalmologie Oftalmologia

Tír	Teideal
An otairinealaraingeolaíocht Íostréimhse oiliúna: 3 bliana	
An Eilvéis	Oto-Rhino-Laryngologie Oto-rhino-laryngologie Otorinolaringoiatria

Tír	Teideal
An péidiatraic Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Kinder- und Jugendmedizin Pédiatrie Pediatria

Tír	Teideal
An mhíochaine riospráide Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Pneumologie Pneumologie Pneumologia

Tír	Teideal
An úireolaíocht Íostréimhse oiliúna: 5 bliana	
An Eilvéis	Urologie Urologie Urologia

Tír	Teideal
An ortaipéidic Íostréimhse oiliúna: 5 bliana	
An Eilvéis	Orthopädische Chirurgie und Traumatologie des Bewegungsapparates Chirurgie orthopédique et traumatologie de l'appareil locomoteur Chirurgia ortopedica e traumatologia dell'apparato locomotore

Tír	Teideal
Anatamaíocht phaitheolaíoch Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Pathologie Pathologie Patologia

Tír	Teideal
An néareolaíocht Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Neurologie Neurologie Neurologia

Tír	Teideal
An tsíciatracht Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Psychiatrie und Psychotherapie Psychiatrie et psychothérapie Psichiatria e psicoterapia

Tír	Teideal
An raideolaíocht dhiagnóiseach Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Radiologie Radiologie Radiologia

Tír	Teideal
An radaiteiripe Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Radio-Onkologie/Strahlentherapie Radio-oncologie/radiothérapie Radio-oncologia/radioterapia

Tír	Teideal
An mháinliacht phlaisteach Íostréimhse oiliúna: 5 bliana	
An Eilvéis	Plastische, Rekonstruktive und Ästhetische Chirurgie Chirurgie plastique, reconstructive et esthétique Chirurgia plastica, ricostruttiva ed estetica

Tír	Teideal
An mháinliacht thóracasach Íostréimhse oiliúna: 5 bliana	
An Eilvéis	Thoraxchirurgie¹ Chirurgie thoracique Chirurgia toracica

Tír	Teideal
An mháinliacht chairdiach Íostréimhse oiliúna: 5 bliana	
An Eilvéis	Herz- und thorakale Gefässchirurgie; Chirurgie cardiaque et vasculaire thoracique Chirurgia del cuore e dei vasi toracici

¹ Creidiúnaíodh clár oiliúna an 1 Eanáir 2015 an 31 Lúnasa 2018. Faigheann sealbhóirí speisialtóireachta comhfhreagraí a eisíodh roimh dháta an chreidiúnaithe fianaise nua ar cháilíochtaí foirmiúla mar dhochtúir speisialaithe gan aon cheanglas breise lena ngabhann dáta eisiúna reatha.

Tír	Teideal
An mháinliacht shoithíoch Íostréimhse oiliúna: 5 bliana	
An Eilvéis	Gefässchirurgie ¹ Chirurgie vasculaire Chirurgia vascolare

Tír	Teideal
An mháinliacht péidiatraiceach Íostréimhse oiliúna: 5 bliana	
An Eilvéis	Kinderchirurgie Chirurgie pédiatrique Chirurgia pediatrica

Tír	Teideal
An chairdeolaíocht Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Kardiologie Cardiologie Cardiologia

Tír	Teideal
An ghaistreintreolaíocht Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Gastroenterologie Gastroentérologie Gastroenterologia

¹ Creidiúnaíodh clár oiliúna an 1 Eanáir 2015 an 31 Lúnasa 2018. Faigheann sealbhóirí speisialtóireachta comhfhreagraí a eisíodh roimh dháta an chreidiúnaithe fianaise nua ar cháilíochtaí foirmiúla mar dhochtúir speisialaithe gan aon cheanglas breise lena ngabhann dáta eisiúna reatha.

Tír	Teideal
An réamaiteolaíocht Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Rheumatologie Rhumatologie Reumatologia

Tír	Teideal
An haemaiteolaíocht ghinearálta Íostréimhse oiliúna: 3 bliana	
An Eilvéis	Hämatologie Hématologie Ematologia

Tír	Teideal
An inchríneolaíocht Íostréimhse oiliúna: 3 bliana	
An Eilvéis	Endokrinologie/Diabetologie Endocrinologie/diabétologie Endocrinologia/diabetologia

Tír	Teideal
An fisiteiripe Íostréimhse oiliúna: 3 bliana	
An Eilvéis	Physikalische Medizin und Rehabilitation Médecine physique et réadaptation Medicina fisica e riabilitazione

Tír	Teideal
An deirmivéinéireolaíocht Íostréimhse oiliúna: 3 bliana	
An Eilvéis	Dermatologie und Venerologie Dermatologie et vénéréologie Dermatologia e venerologia

Tír	Teideal
An mhíochaine thrópaiceach Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Tropen- und Reisemedizin Médecine tropicale et médecine des voyages Medicina tropicale e medicina di viaggio

Tír	Teideal
An tsíciatracht leanaí Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Kinder- und Jugendpsychiatrie und -psychotherapie Psychiatrie et psychothérapie d'enfants et d'adolescents Psichiatria e psicoterapia infantile e dell'adolescenza

Tír	Teideal
Galair dhuánacha Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Nephrologie Néphrologie Nefrologia

Tír	Teideal
Galair theagmhálacha Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Infektiologie Infectiologie Malattie infettive

Tír	Teideal
An mhíochaine phobail Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Prävention und Gesundheitswesen Prévention et santé publique Prevenzione e salute pubblica

Tír	Teideal
An chógaseolaíocht Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Klinische Pharmakologie und Toxikologie Pharmacologie et toxicologie cliniques Farmacologia e tossicologia clinica

Tír	Teideal
An mhíochaine shaothair Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Arbeitsmedizin Médecine du travail Medicina del lavoro

Tír	Teideal
An ailléirgeolaíocht Íostréimhse oiliúna: 3 bliana	
An Eilvéis	Allergologie und klinische Immunologie Allergologie et immunologie clinique Allergologia e immunologia clinica

Tír	Teideal
An mhíochaine núicléach Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Nuklearmedizin Médecine nucléaire Medicina nucleare

Tír	Teideal an dioplóma
An mháinliacht fiacla, béil agus mascaille agus béil (bunoiliúint leighis agus fiaclóireachta) Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Mund-, Kiefer- und Gesichtschirurgie Chirurgie orale et maxillo-faciale Chirurgia oro-maxillo-facciale

Tír	Teideal
An oinceolaíocht mhíochaine Íostréimhse oiliúna: 5 bliana	
An Eilvéis	Medizinische Onkologie Oncologie médicale Oncologia medica

Tír	Teideal
An ghéineolaíocht leighis Íostréimhse oiliúna: 4 bliana	
An Eilvéis	Medizinische Genetik Génétique médicale Genetica medica'

(d) cuirtear an téacs seo a leanas le pointe 5.1.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir:

'Tír	Cruthúnas ar cháilíochtaí foirmiúla	Teideal gairmiúil	Dáta tagartha
An Eilvéis	Diplom als praktischer Arzt/praktische Ärztin Diplôme de médecin praticien Diploma di medico generico	Praktischer Arzt/Praktische Ärztin Médecin praticien Medico generico	1 Meitheamh 2002'

(e) cuirtear an téacs seo a leanas le pointe 5.2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir:

'Tír	Cruthúnas ar cháilíochtaí foirmiúla	Comhlacht dámhachtana na fianaise ar cháilíochtaí	Teideal gairmiúil	Dáta tagartha
An Eilvéis	1. Diplomierte Pflegefachfrau, diplomierter Pflegefachmann Infirmière diplômée et infirmier diplômé Infermiera diplomata e infermiere diplomato	Schulen, die staatlich anerkannte Bildungsgänge durchführen Écoles qui proposent des filières de formation reconnues par l'État Scuole che propongono dei cicli di formazione riconosciuti dallo Stato	Pflegefachfrau, Pflegefachmann Infirmière, infirmier Infermiera, infermiere	1 Meitheamh 2002

'Tír	Cruthúnas ar cháilíochtaí foirmiúla	Comhlacht dámhachtana na fianaise ar cháilíochtaí	Teideal gairmiúil	Dáta tagartha
	2. Baitsiléir Eolaíochta san Altranas	Schulen, die staatlich anerkannte Bildungsgänge durchführen Écoles qui proposent des filières de formation reconnues par l'État Scuole che propongono dei cicli di formazione riconosciuti dallo Stato	Pflegefachfrau, Pflegefachmann Infirmière, infirmier Infermiera, infermiere	30 Meán Fómhair 2011
	3. Diplomierte Pflegefachfrau HF, diplomierter Pflegefachmann HF Infirmière diplômée ES, infirmier diplômé ES Infermiera diplomata SSS, infermiere diplomato SSS	Höhere Fachschulen, die staatlich anerkannte Bildungsgänge durchführen Écoles supérieures qui proposent des filières de formation reconnues par l'État Scuole specializzate superiori che propongono dei cicli di formazione riconosciuti dallo Stato	Pflegefachfrau, Pflegefachmann Infirmière, infirmier Infermiera, infermiere	1 Meitheamh 2002'

- (f) cuirtear an téacs seo a leanas le pointe 5.3.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir:

'Tír	Cruthúnas ar cháilíochtaí foirmiúla	Comhlacht dámhachtana na fianaise ar cháilíochtaí	Deimhniú a ghabhann leis an bhfianaise ar cháilíochtaí	Teideal gairmiúil	Dáta tagartha
An Eilvéis	Eidgenössisches Zahnarztdiplom Diplôme fédéral de médecin-dentiste Diploma federale di medico-dentista	Eidgenössisches Departement des Innern Département fédéral de l'intérieur Dipartimento federale dell'interno		Zahnarzt Médecin-dentiste Medico-dentista	1 Meitheamh 2002'

- (g) cuirtear an téacs seo a leanas le pointe 5.3.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir:

'Ortódóntaic				
Tír	Cruthúnas ar cháilíochtaí foirmiúla	Comhlacht dámhachtana na fianaise ar cháilíochtaí		Dáta tagartha
An Eilvéis	Diplom für Kieferorthopädie Diplôme fédéral d'orthodontiste Diploma di ortodontista	Eidgenössisches Departement des Innern und Schweizerische Zahnärzte-Gesellschaft (SSO) / Büro für zahnmedizinische Weiterbildung (BZW) Département fédéral de l'intérieur et Société suisse d'odonto-stomatologie (SSO) / Bureau pour la formation postgrade en médecine dentaire (BZW) Dipartimento federale dell'interno e Società Svizzera di Odontologia e Stomatologia (SSO) / Ufficio per la formazione post-laurea in odontoiatria (BZW)		1 Meitheamh 2002

An mháinliacht béil			
Tír	Cruthúnas ar cháilíochtaí foirmiúla	Comhlacht dámhachtana na fianaise ar cháilíochtaí	Dáta tagartha
An Eilvéis	Diplom für Oralchirurgie Diplôme fédéral de chirurgie orale Diploma di chirurgia orale	Eidgenössisches Departement des Innern und Schweizerische Zahnärzte-Gesellschaft (SSO) / Büro für zahnmedizinische Weiterbildung (BZW) Département fédéral de l'intérieur et Société suisse d'odonto-stomatologie (SSO) / Bureau pour la formation postgrade en médecine dentaire (BZW) Dipartimento federale dell'interno e Società Svizzera di Odontologia e Stomatologia (SSO) / Ufficio per la formazione post-laurea in odontoiatria (BZW)	30 Aibreán 2004'

(h) cuirtear an téacs seo a leanas le pointe 5.4.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir:

'Tír	Cruthúnas ar cháilíochtaí foirmiúla	Comhlacht dámhachtana na fianaise ar cháilíochtaí	Deimhniú a ghabhann leis an bhfianaise ar cháilíochtaí	Dáta tagartha
An Eilvéis	Eidgenössisches Tierarztdiplom Diplôme fédéral de vétérinaire Diploma federale di veterinario	Eidgenössisches Departement des Innern Département fédéral de l'intérieur Dipartimento federale dell'interno		1 Meitheamh 2002'

- (i) cuirtear an téacs seo a leanas le pointe 5.5.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir:

'Tír	Cruthúnas ar cháilíochtaí foirmiúla	Comhlacht dámhachtana na fianaise ar cháilíochtaí	Teideal gairmiúil	Dáta tagartha
An Eilvéis	1. Diplomierte Hebamme Sage-femme diplômée Levatrice diplomata	Schulen, die staatlich anerkannte Bildungsgänge durchführen Écoles qui proposent des filières de formation reconnues par l'État Scuole che propongono dei cicli di formazione riconosciuti dallo Stato	Hebamme Sage-femme Levatrice	1 Meitheamh 2002
	2. [Baitsiléir Eolaíochta [Ainm UAS] sa Chnáimhseachas] 'Baitsiléir Eolaíochta HES-SO de Sage-femme' (Baitsiléir Eolaíochta HES-SO sa Chnáimhseachas) 'Baitsiléir Eolaíochta BFH Hebamme' (Baitsiléir Eolaíochta BFH sa Chnáimhseachas) 'Baitsiléir Eolaíochta ZFH Hebamme' (Baitsiléir Eolaíochta ZHAW sa Chnáimhseachas)	Schulen, die staatlich anerkannte Bildungsgänge durchführen Écoles qui proposent des filières de formation reconnues par l'État Scuole che propongono dei cicli di formazione riconosciuti dallo Stato	Hebamme Sage-femme Levatrice	1 Meitheamh 2002'

- (j) cuirtear an téacs seo a leanas le pointe 5.6.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir:

'Tír	Cruthúnas ar cháilíochtaí foirmiúla	Comhlacht dámhachtana na fianaise ar cháilíochtaí	Deimhniú a ghabhann leis an bhfianaise ar cháilíochtaí	Dáta tagartha
An Eilvéis	Eidgenössisches Apothekerdiplom Diplôme fédéral de pharmacien Diploma federale di farmacista	Eidgenössisches Departement des Innern Département fédéral de l'intérieur Dipartimento federale dell'interno		1 Meitheamh 2002'

- (k) cuirtear an téacs seo a leanas le pointe 5.7.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir:

'Tír	Cruthúnas ar cháilíochtaí foirmiúla	Comhlacht dámhachtana na fianaise ar cháilíochtaí	Deimhniú a ghabhann leis an bhfianaise ar cháilíochtaí	Bliain acadúil thagartha
An Eilvéis	Máistreacht Eolaíochta san Ailtireacht - Diploma di Architetto (Arch. Diop. USI)	Accademia di Architettura dell'Università della Svizzera Italiana		2002-2003
	Máistreacht Ealaíon BFH/HES-SO en ailtireacht, Máistreacht Ealaíon BFH/HES-SO san Ailtireacht	Haute école spécialisée de Suisse occidentale (HES-SO) in éineacht le Berner Fachhochschule (BFH)		2007-2008
	Máistreacht Ealaíon BFH/HES-SO in Architektur, Máistreacht Ealaíon BFH/HES-SO san Ailtireacht	Haute école spécialisée de Suisse occidentale (HES-SO) in éineacht le Berner Fachhochschule (BFH)		2007-2008
	Máistir Ealaíon FHNW in Architektur	Fachhochschule Nordwestschweiz FHNW		2007-2008

‘Tír	Cruthúnas ar cháilíochtaí foirmiúla	Comhlacht dámhachtana na fianaise ar cháilíochtaí	Deimhniú a ghabhann leis an bhfianaise ar cháilíochtaí	Bliain acadúil thagartha
	Master of Arts FHZ in Architektur	Fachhochschule Zentralschweiz (FHZ)		2007-2008
	Master of Arts ZFH in Architektur	Zürcher Fachhochschule (ZFH), Zürcher Hochschule für Angewandte Wissenschaften (ZHAW), Departement Architektur, Gestaltung und Bauingenieurwesen		2007-2008
	Máistreacht Eolaíochta MSc san Ailtireacht, Architecte (arch. Dipl). EPF)	École Polytechnique Fédérale de Lausanne		2007-2008
	Master of Science ETH in Architektur, MSc ETH Arch	Eidgenössische Technische Hochschule Zurich		2007-2008’

(l) cuirtear an téacs seo a leanas le hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an Treoir:

‘Tír	Cruthúnas ar cháilíochtaí foirmiúla	Bliain acadúil thagartha
An Eilvéis	1. Diploma di Architetto	1996-1997
	2. Máistreacht Ealaíon/Eolaíochta san Ailtireacht - Diploma di Architetto	2000-2001
	3. Diop. Arch. ETH, arch. diopl. EPF, arch. diopl. PF	2004-2005
	4. Architecte diplômé EAUG	2004-2005
	5. Architekt REG A Architecte REG A Architetto REG A	2004-2005’

2. 31977 L 0249: Treoir 77/249/CEE ón gComhairle an 22 Márta 1977 chun feidhmiú éifeachtach dlíodóirí chun seirbhísí a sholáthar a éascú (IO L 78, 26.3.1977, lch. 17),

arna leasú le:

- 1 1979 H: An Ionstraim i dtaobh Coinníollacha Aontachais agus Oiriúnaithe ar na Conarthaí – Aontachas na Poblachta Heilléanaí (IO L 291, 19.11.1979, lch. 91),
- 1 1985 I: An Ionstraim i dtaobh Coinníollacha Aontachais agus Oiriúnuithe ar na Conarthaí – Aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile (IO L 302, 15.11.1985, lch. 23),
- Cinneadh 95/1/CE, Euratom, CEEG, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, an 1 Eanáir 1995 ag oiriúnú na n-ionstraimí i dtaobh aontachas Ballstát nua leis an Aontas Eorpach (IO L 1, 1.1.1995, lch. 1),
- 1 2003 T: An Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe arna glacadh an 16 Aibreán 2003 (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33),
- 32006 L 0100: Treoir 2006/100/CE ón gComhairle an 20 Samhain 2006 lena n-oiriúnaítear Treoracha áirithe i réimse na saoirse gluaiseachta, de bharr aontachas na Bulgáire agus na Rómáine (IO L 363, 20.12.2006, lch. 141),

- 32013 L 0025: Treoir 2013/25/AE ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013 lena ndéantar treoracha áirithe i réimse an chirt bunaíochta agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a oiriúnú, de bharr aontachas Phoblacht na Cróite (IO L 158, 10.6.2013, lch. 368).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, déanfar Treoir 77/249/CEE a oiriúnú mar a leanas:

Cuirtear an téacs seo a leanas le hAirteagal 1(2):

‘An Eilvéis:

Advokat, Rechtsanwalt, Anwalt, Fürsprecher, Fürsprech

Avocat

Avvocato’.

3. 31998 L 0005: Treoir 98/5/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 chun cleachtadh ghairm an dlíodóra ar bhonn buan i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuarthas an cháilíocht a éascú (IO L 77, 14.3.1998, lch. 36), arna leasú le:

- 1 2003 T: An Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe arna glacadh an 16 Aibreán 2003 (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33),

- 32006 L 0100: Treoir 2006/100/CE ón gComhairle an 20 Samhain 2006 lena n-oiriúnaítear Treoracha áirithe i réimse na saoirse gluaiseachta, de bharr aontachas na Bulgáire agus na Rómáine (IO L 363, 20.12.2006, lch. 141),
- 32013 L 0025: Treoir 2013/25/AE ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013 lena n-oiriúnaítear treoracha áirithe i réimse an chirt bunaíochta agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar, de bharr aontachas Phoblacht na Cróite (IO L 158, 10.6.2013, lch. 368).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, déantar Treoir 98/5/CE a oiriúnú mar a leanas:

Cuirtear an téacs seo a leanas le pointe (a) d’Airteagal 1(2):

‘An Eilvéis:

Advokat, Rechtsanwalt, Anwalt, Fürsprecher, Fürsprech

Avocat

Avvocato’.

4. 31974 L 0556: Treoir 74/556/CEE ón gComhairle an 4 Meitheamh 1974 lena leagtar síos forálacha mionsonraithe maidir le bearta idirthréimhseacha a bhaineann le gníomhaíochtaí, trádáil agus dáileadh táirgí tocsaineacha agus gníomhaíochtaí lena mbaineann úsáid ghairmiúil na dtáirgí sin lena n-áirítear gníomhaíochtaí idirghabhálaithe (IO L 307, 18.11.1974, lch. 1).

5. 319s74 L 0557: Treoir 74/557/CEE ón gComhairle an 4 Meitheamh 1974 maidir le saoirse bunaíochta agus saoirse chun seirbhísí a sholáthar a ghnóthú i leith gníomhaíochtaí oibrithe féinfhostaithe agus idirghabhálaithe ag gabháil do thrádáil agus imdháileadh táirgí tocsaineacha (IO L 307, 18.11.1974, lch. 5), arna leasú le:
- Cinneadh 95/1/CE, Euratom, CEEC, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, an 1 Eanáir 1995 ag oiriúnú na n-ionstraimí i dtaobh aontachas Ballstát nua leis an Aontas Eorpach (IO L 1, 1.1.1995, lch. 1),
 - 1 2003 T: An Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe arna glacadh an 16 Aibreán 2003 (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33),
 - 32006 L 0101: Treoir 2006/0101/CE ón gComhairle an 20 Samhain 2006 lena n-oiriúnaítear Treoracha 73/239/CEE, 74/557/CEE agus 2002/83/CE i réimse na saoirse chun seirbhísí a sholáthar, de bharr aontachas na Bulgáire agus na Rómáine (IO L 363, 20.12.2006, lch. 238),
 - 32013 L 0025: Treoir 2013/25/AE ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013 lena n-oiriúnaítear treoracha áirithe i réimse an chirt bunaíochta agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar, de bharr aontachas Phoblacht na Cróite (IO L 158, 10.6.2013, lch. 368).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, déantar Treoir 74/557/CEE a oiriúnú mar a leanas:

San Eilvéis:

Na táirgí agus na substaintí tocsaineacha go léir a leagtar amach sa Dlí Cónaidhme maidir le Cosaint ar Shubstaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha (tiomsú rúnaicmithe an dlí cónaidhme (CC 813.1), agus go háirithe na táirgí agus na substaintí tocsaineacha a bhaineann leis sin (CC 813) agus maidir leis na substaintí nimhiúla don chomhshaol (CC 814.812.31, 814.812.32 agus 814.812.33).

6. 31986 L 0653: Treoir 86/653/CEE ón gComhairle an 18 Nollaig 1986 maidir le comhordú dhlíthe na mBallstát i ndáil le gníomhairí tráchtála féinfhostaithe (IO L 382, 31.12.1986, lch. 17).
7. 32015 R 0983: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/983 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2015 maidir leis an nós imeachta chun an Cárta Eorpach Gairmiúil a eisiúint agus leis an sásra foláirimh a chur i bhfeidhm de bhun Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 159, 25.6.2015, lch. 27).
8. 32018 L 0958: Treoir (AE) 2018/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 maidir le tástáil chomhréireachta a dhéanamh sula nglacfar rialáil nua gairmeacha (IO L 173, 9.7.2018, lch. 25)
9. 32019 R 0907: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/907 ón gCoimisiún an 14 Márta 2019 lena mbunaítear an Triail Chomhchoiteann Oiliúna do theagascóirí sciála faoi Airteagal 49b de Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 145, 4.6.2019, lch. 7).

10. 32023 D 0423: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/423 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2023 maidir le treoirthionscadal chun na forálacha maidir le comhar riaracháin a bhaineann le gairmeacha rialaithe a leagtar amach i dTreoracha (AE) 2005/36/CE agus (AE) 2018/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme trí bhíthin Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus chun bunachar sonraí na ngairmeacha rialaithe a chomhtháthú sa chóras sin (IO L 61, 27.2.2023, lch. 62).
11. 32012 R 1024: Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún (IO L 316, 14.11.2012, lch. 1), arna leasú le:
- 32013 L 0055: Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 132),
 - 32014 L 0060: Treoir 2014/60/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 (IO L 159, 28.5.2014, lch. 1), a ceartaíodh le IO L 147, 12.6.2015, lch. 24,
 - 32014 L 0067: Treoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 (IO L 159, 28.5.2014, lch. 11),
 - 32016 R 1191: Rialachán (AE) 2016/1191 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 (IO L 200, 26.7.2016, lch. 1),
 - 32016 R 1628: Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 (IO L 252, 16.9.2016, lch. 53), a ceartaíodh le IO L 231, 6.9.2019, lch. 29,

- 32018 R 1724: Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1),
- 32020 L 1057: Treoir (AE) 2020/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 (IO L 249, 31.7.2020, lch. 49),
- 32020 R 1055: Rialachán (AE) 2020/1055 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 (IO L 249, 31.7.2020, lch. 17).

Úsáidfidh an Eilvéis Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) mar thríú tír le haghaidh malartuithe faisnéise, lena n-áirítear sonraí pearsanta, le gníomhaithe IMI laistigh den Aontas chun nósanna imeachta um chomhar riaracháin a chur chun feidhme i gcás inarb infheidhme chun críocha an Chomhaontaithe seo.

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, leanann an Coimisiún de bheith den tuairim go dtugann an Eilvéis cosaint leordhóthanach ar shonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 23(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 fad a fhanfaidh Cinneadh 2000/518/CE¹ i bhfeidhm.

Úsáidfidh an Eilvéis córas IMI chun nósanna imeachta um chomhar riaracháin a chur chun feidhme mar a shainmhínítear in Airteagail 4a go 4e, Airteagal 8, Airteagal 21a, Airteagal 50, Airteagal 56 agus Airteagal 56a de Threoir 2005/36/CE, arna leasú le Treoir 2013/55/AE, i gcomhréir le prionsabail agus módúlachtaí na malartuithe a leagtar amach sna hAirteagail sin.

¹ Cinneadh ón gCoimisiún an 26 Iúil 2000 de bhun Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta arna soláthar san Eilvéis, lena n-áirítear air aon leasú ina dhiaidh sin.

Léifear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) sa chéad abairt d’Airteagal 5, tuigfear an tagairt do Threoir 95/46/CE, a mhéid a bhaineann sé leis an Eilvéis, mar thagairt don reachtaíocht náisiúnta ábhartha;
- (b) ní bheidh feidhm ag Airteagal 8(1), pointe (e), maidir leis an Eilvéis;
- (c) in Airteagal 9(5), a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, cuirtear na focail ‘dlí an Aontais arna chomhtháthú sa Chomhaontú seo’ in ionad na bhfocal ‘dlí an Aontais’;
- (d) in Airteagal 10(1), a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, cuirtear na focail ‘i gcomhréir le reachtaíocht na hEilvéise’ in ionad na bhfocal ‘i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta nó le reachtaíocht an Aontais’;
- (e) in Airteagal 16(1) agus (2), tuigfear gur tagairtí don reachtaíocht náisiúnta ábhartha iad tagairtí do Threoir 95/46/CE, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis;
- (f) in Airteagal 17(4), tuigfear an tagairt do Threoir 95/46/CE, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, mar thagairt don reachtaíocht náisiúnta ábhartha;
- (g) in Airteagal 18(1), tuigfear an tagairt do Threoir 95/46/CE, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, mar thagairt don reachtaíocht náisiúnta ábhartha;
- (h) in Airteagal 20, tuigfear an tagairt do Threoir 95/46/CE, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, mar thagairt don reachtaíocht náisiúnta ábhartha;

(i) in Airteagal 21:

(i) i mír 1, tuigfear an tagairt do Threoir 95/46/CE, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, mar thagairt don reachtaíocht náisiúnta ábhartha;

(ii) ní bheidh feidhm ag mír 3;

(j) ní bheidh feidhm ag Airteagal 25;

(k) Léifear Airteagal 26(1) i gcomhréir le hAirteagal 13 den Phrótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú seo.’

PRÓTACAL
MAIDIR LE hÁITEANNA CÓNAITHE TÁNAISTEACHA SA DANMHAIRG

Maidir le Prótacal Uimh. 32 i ndáil le maoin a fháil sa Danmhairg, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha go mbeidh feidhm ag an bPrótacal sin freisin maidir leis an gComhaontú seo a bhaineann le náisiúnaigh na hEilvéise ag fáil an dara teach sa Danmhairg.

PRÓTACAL
MAIDIR LE MAOIN DHOCHORRAITHE A FHÁIL I MÁLTA

Rialaítear ceannach maoine ar oileáin Mhálta leis an Acht um Maoin Dochorraithe (Fáil ag Neamhchónaitheoirí) (Caibidil 246 de Dhlíthe Mhálta).

Foráiltear leis an Acht:

- (a) Féadfaidh náisiúnach Eilvéiseach maoin dhochorraithe a cheannach i Málta:
- (1) Má úsáidtear an mhaoin mar phríomháit chónaithe nó má tá cónaí ar an iarratasóir i Málta mar chónaitheoir ar feadh tréimhse níos mó ná 5 bliana nó má tá an mhaoin le húsáid chun críoch gnó, níl aon srian ann.
 - (2) Má úsáidtear an mhaoin mar áit chónaithe thánaisteach agus mura raibh cónaí ar an iarratasóir i Málta ar feadh tréimhse 5 bliana, tá gá le cead ar Éadail Maoine Dochorraithe (AIP) agus tá sé faoi réir coinníollacha mar a shonraítear san Acht um Maoin Dochorraithe (Éadálacha ag Neamhchónaitheoirí), lena n-áirítear praghas íosta EUR 174 274 le haghaidh árasán agus EUR 300 619 le haghaidh tithe (déantar praghsanna íosta a choigeartú go bliantúil de réir an innéacs maoine mar a leagtar amach san Fhógra maidir le hInnéacs Praghsanna Maoine Dochorraithe [Fo-Reachtaíocht 246.08 de Dhlíthe Mhálta]). Ní cheanglaítear le ceannacháin den sórt sin go mbeadh ceart cónaithe ag an duine i Málta.
- (b) féadfaidh náisiúnaigh na hEilvéise a bpríomháit chónaithe a bhunú i Málta tráth ar bith i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha. Ní bheidh aon oibleagáid i gceist le fágáil Mhálta chun aon mhaoin a fuarthas mar phríomháit chónaithe a dhiúscairt.

- (c) náisiúnaigh Eilvéiseacha a cheannaíonn maoin i limistéir ainmnithe speisialta a bhunaítear leis an Acht (limistéir ar cuid de thionscadail athghiniúna uirbí iad de ghnáth), ní éilíonn siad cead le haghaidh ceannacháin den sórt sin, ná níl siad teoranta ó thaobh líon, úsáid ná luach na maoin sin a fhéadfaidh siad a cheannach.

PRÓTACAL
MAIDIR LE CEADANNA CÓNAITHE FADTÉARMACHA

TÁ AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear ‘an tAontas’ anseo feasta,

agus

CÓNAIDHM NA hEILVÉISE, dá ngairtear ‘an Eilvéis’ anseo feasta;

tar éis comhaontú mar a leanas:

1. Is ceist faoi dhlí an Aontais i gcomhréir leis na Conarthaí agus dlí na hEilvéise é ceadanna cónaithe fadtéarmacha a dheonú agus ní thagann sé faoi raon feidhme an Chomhaontaithe maidir le Saorghluaiseacht Daoine (dá ngairtear an ‘Comhaontú’ anseo feasta). Dá bhrí sin, ní bheidh feidhm ag an bPrótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an bPrótacal seo.
2. I gcás ina ndeonóidh an Eilvéis agus Ballstáit an Aontais ceadanna cónaithe fadtéarmacha do náisiúnaigh a chéile faoi na dlíthe dá dtagraítear i mír 1, cuirfear na rialacha sin i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, go háirithe maidir leis an íosfhad 5 bliana réamhchónaithe a cheanglaítear.
3. Leanfaidh rialacha infheidhme an Aontais agus na hEilvéise de bheith inchomparáide i dtéarmaí coinníollacha agus ceanglas eile, ar an tuiscint go dtagann na coinníollacha agus na ceanglais faoi inniúlacht an Aontais i gcomhréir leis na Conarthaí agus na hEilvéise.

4. Beidh an méid thuasluaite gan dochar do na nithe seo a leanas:
- (a) na rialacha maidir le buanchónaí dá bhforáiltear i dTreoir 2004/38/CE¹ chomh maith le
 - (b) forálacha maidir le náisiúnaigh tríú tír atá i gcomhaontuithe déthaobhacha a tugadh i gcrích cheana idir Ballstát den Aontas agus an Eilvéis atá níos fabhraí ná na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais agus na hEilvéise.
5. D'ainneoin mhír 1, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 10(1), (2) agus (5) den Phrótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú maidir le díospóidí a eascraíonn as míreanna 2 agus 3 den Phrótacal seo. Sna cásanna sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 11 den Phrótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú freisin, ach amháin nach bhféadfar bearta cúiteacha comhréireacha a ghlacadh ach amháin faoi chuimsiú an Chomhaontaithe.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an bhFoscúbhinn a ghabhann leis an bPrótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an mBinse Eadrána, cé is moite d'Airteagal I.4 mír 4, Airteagal III.4 mír 3 an dara habairt, Airteagal III.5 mír 2 an tríú habairt, Airteagal III.9 agus Airteagal III.10 mír 5.

¹ Treoir 2004/38/CE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77), mar is infheidhme de réir Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú.

PRÓTACAL INSTITIÚIDEACH
A GHABHANN LEIS AN gCOMHAONTÚ
IDIR AN COMHPHOBAL EORPACH AGUS A BHALSTÁIT,
DE PHÁIRT,
AGUS CÓNAIDHM NA hEILVÉISE, DEN PHÁIRT EILE,
MAIDIR LE SAORGHLUAISEACHT DAOINE

TÁ AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear ‘an tAontas’ anseo feasta,

agus

CÓNAIDHM NA hEILVÉISE, dá ngairtear ‘an Eilvéis’ anseo feasta;

AG FÉACHAINT don Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 21 Meitheamh 1999, (dá ngairtear an ‘Comhaontú’ anseo feasta), a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2002;

AG FÉACHAINT don Phrótacal a ghabhann le Comhaontú an 21 Meitheamh 1999 idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine i ndáil le rannpháirtíocht, mar Pháirtithe Conarthacha, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cípire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice de bhun a n-aontachais leis an Aontas Eorpach, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 26 Deireadh Fómhair 2004, a tháinig i bhfeidhm an 1 Aibreán 2006;

AG FÉACHAINT don Phrótacal a ghabhann le Comhaontú an 21 Meitheamh 1999 idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine i ndáil le rannpháirtíocht, mar Pháirtithe Conarthacha, Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine de bhun a n-aontachais don Aontas Eorpach, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 27 Bealtaine 2008, a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2009;

AG FÉACHAINT don Phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine, i ndáil le rannpháirtíocht Phoblacht na Cróite mar Pháirtí Conarthach, tar éis a haontachais don Aontas Eorpach, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 4 Márta 2016, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017;

DE BHRÍ GO BHFUIL comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas ina gceangal ar institiúidí an Aontais agus ar a Bhallstáit; dá bhrí sin, tá feidhm ag an bPrótacal seo maidir leis na Páirtithe Conarthacha mar a leagtar amach sa Chomhaontú;

DE BHRÍ go bhfuil an tAontas agus an Eilvéis faoi cheangal ag an iliomad comhaontuithe déthaobhacha lena gcumhdaítear réimsí éagsúla, lena bhforáiltear do chearta agus oibleagáidí sonracha atá comhchosúil, ar bhealaí áirithe, leis na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear laistigh den Aontas;

AG MEABHRÚ DÓIBH gurb é is cuspóir do na comhaontuithe déthaobhacha sin iomaíochas na hEorpa a mhéadú agus naisc eacnamaíocha níos dlúithe a chruthú idir na Páirtithe Conarthacha, bunaithe ar chomhionannas, ar chómhálartacht agus ar chothromaíocht ghinearálta a mbuntáistí, a gceart agus a n-oibleagáidí;

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU rannpháirtíocht na hEilvéise i margadh inmheánach an Aontais a neartú agus a dhoimhniú, ar bhonn na rialacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir leis an margadh inmheánach, agus a neamhspleáchas agus neamhspleáchas a n-institiúidí á gcaomhnú ag an am céanna agus, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, urraim do na prionsabail a eascraíonn as an daonlathas díreach, as an bhfeidearálachas agus as cineál earnála a rannpháirtíochta sa mhargadh inmheánach;

Á nATHDHEARBHÚ dóibh go gcaomhnaítear inniúlacht Chúirt Uachtarach Fheidearálach na hEilvéise agus inniúlacht chúirteanna uile na hEilvéise chomh maith le hinniúlacht chúirteanna na mBallstát agus Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun an Comhaontú a léirmhíniú i gcásanna aonair;

ÓS FEASACH DÓIBH aonfhoirmeacht a áirithiú sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach, faoi láthair agus amach anseo,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

CAIBIDIL 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 1

Cuspóirí

1. Is é is cuspóir don Phrótacal seo deimhneacht dhlíthiúil níos fearr, cóir chomhionann agus cothrom iomaíochta sa réimse a bhaineann leis an margadh inmheánach a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe a ráthú do na Páirtithe Conarthacha, agus d'oibreoirí eacnamaíocha agus do dhaoine aonair.

2. Chuige sin, soláthraítear leis an bPrótacal seo réitigh institiúideacha nua lena n-éascaítear neartú leanúnach cothrom an chaidrimh eacnamaíoch idir na Páirtithe Conarthacha. Agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta á gcur san áireamh, leagtar síos leis an bPrótacal seo, go háirithe, réitigh institiúideacha le haghaidh an Chomhaontaithe ar réitigh iad is coiteann do na comhaontuithe déthaobhacha arna dtabhairt i gcrích nó atá le tabhairt i gcrích sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach, gan raon feidhme ná cuspóirí an Chomhaontaithe a athrú, go háirithe:

- (a) an nós imeachta chun an Comhaontú a ailíniú le gníomhartha dlí an Aontais atá ábhartha don Chomhaontú;
- (b) léirmhíniú agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Chomhaontaithe agus ghníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear sa Chomhaontú;
- (c) faireachas a dhéanamh ar an gComhaontú agus é a chur i bhfeidhm; agus
- (d) díospóidí a réiteach i gcomhthéacs an Chomhaontaithe.

AIRTEAGAL 2

Ceangal leis an gComhaontú

- 1. Is cuid dhílis den Chomhaontú iad an Prótacal seo, agus an Iarscríbhinn agus an Fhoscríbhinn a ghabhann leis.
- 2. Liostaítear thíos forálacha an Chomhaontaithe a aisghairtear leis an bPrótacal seo:
 - (a) Airteagal 16;

(b) Airteagal 17;

(c) Airteagal 19.

3. Déanfar tagairtí don ‘Chomhphobal Eorpach’ nó don ‘Chomhphobal’ sa Chomhaontú a fhorléiriú mar thagairtí don Aontas.

AIRTEAGAL 3

Comhaontuithe déthaobhacha sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach
ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach

1. Measfar comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo idir an tAontas agus an Eilvéis sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach a bheith comhleanúnach ina n-iomláine lena n-áirithítear cothromaíocht na gceart agus na n-oibleagáidí idir an tAontas agus an Eilvéis.

2. Is comhaontú déthaobhach é an Comhaontú i réimse a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach.

CAIBIDIL 2

AILÍNIÚ AN CHOMHAONTAITHE LE GNÍOMHARTHA DLÍ AN AONTAIS

AIRTEAGAL 4

Rannpháirtíocht i ndruchtú gníomhartha dlí an Aontais ('cinní a mhúnlú')

1. Agus togra le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais á dhruchtú aige i gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'CFAE' anseo feasta) sa réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú, cuirfidh an Coimisiún Eorpach (dá ngairtear an 'Coimisiún' anseo feasta) an Eilvéis ar an eolas faoi sin agus rachaidh sé i gcomhairle go neamhfhoirmiúil le saineolaithe na hEilvéise ar an gcaoi céanna a n-iarrann sé tuairimí ó shaineolaithe ó Bhallstáit an Aontais chun a thograí a dhruchtú.

Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí Conarthach, déanfar réamhmalartú tuairimí laistigh den Chomhchoiste.

Rachaidh na Páirtithe Conarthacha i gcomhairle le chéile arís, arna iarraidh sin do cheachtar acu, laistigh den Chomhchoiste ag tráthanna tábhachtacha den chéim sula nglacfaidh an tAontas an gníomh dlí, le linn próiseas leanúnach faisnéise agus comhairliúcháin.

2. Le linn don Choimisiún gníomhartha tarmhigthe a ullmhú, i gcomhréir le CFAE, a bhaineann le bunghníomhartha dhlí an Aontais sa réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú, áiritheoidh sé go mbeidh an rannpháirtíocht is leithne is féidir ag an Eilvéis in ullmhú na ndruchtai agus rachaidh sé i gcomhairle le saineolaithe na hEilvéise ar an mbonn céanna agus a rachaidh sé i gcomhairle le saineolaithe Bhallstáit an Aontais.

3. Le linn don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú, i gcomhréir le CFAE, a bhaineann le bunghníomhartha dhlí an Aontais sa réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú, áiritheoidh sé go mbeidh an rannpháirtíocht is leithne is féidir ag an Eilvéis in ullmhú na ndrachaí atá le cur, níos déanaí, faoi bhráid na gcoistí a thugann cúnamh don Choimisiún i bhfeidhmiú a chumhachtaí cur chun feidhme agus rachaidh sé i gcomhairle le saineolaithe na hEilvéise ar an mbonn céanna agus a rachaidh sé i gcomhairle le saineolaithe ó Bhallstáit an Aontais.
4. Beidh saineolaithe na hEilvéise rannpháirteach in obair na gcoistí nach gcumhdaítear le míreanna 2 agus 3 i gcás inar gá sin le haghaidh fheidhmiú cuí an Chomhaontaithe. Déanfaidh an Comhchoiste liosta de na coistí sin agus, i gcás inarb iomchuí, de choistí eile a bhfuil saintréithe comhchosúla acu, a tharraingt suas agus a thabhairt cothrom le dáta.
5. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le gníomhartha dlí de chuid an Aontais ná maidir le forálacha díobh a thagann faoi raon feidhme eisceachta dá dtagraítear in Airteagal 5(7).

AIRTEAGAL 5

Gníomhartha dlí an Aontais a chomhtháthú

1. Chun deimhneacht dhlíthiúil agus aonchineálacht an dlí a ráthú sa réimse a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach de bhua an Chomhaontaithe, áiritheoidh an Eilvéis agus an tAontas go ndéanfar gníomhartha dlí de chuid an Aontais arna nglacadh sa réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú a chomhtháthú sa Chomhaontú a luaithe is féidir tar éis a nglactha.

2. Gníomhartha dlí de chuid an Aontais arna gcomhtháthú sa Chomhaontú i gcomhréir le mír 4, beidh siad, trína gcomhtháthú sa Chomhaontú, ina gcuid de dhlíchóras na hEilvéise faoi réir, de réir mar a bheidh, na n-oiriúnuithe arna gcinneadh ag an gComhchoiste.
3. Nuair a ghlacfaidh an tAontas gníomh dlí sa réimse a chumhdaítear leis an gComhaontú, cuirfidh sé an Eilvéis ar an eolas faoi sin a luaithis is féidir tríd an gComhchoiste. Arna iarraidh sin do cheachtar de na Páirtithe Conarthacha, malartóidh an Comhchoiste tuairimí maidir leis an ábhar sin.
4. Gníomhóidh an Comhchoiste i gcomhréir le mír 1 trí chinneadh a ghlacadh a luaithis is féidir chun Iarscríbhinní I go III a ghabhann leis an gComhaontú a leasú, lena n-áirítear na hoiriúnuithe is gá.
5. Gan dochar do mhíreanna 1 agus 2, más gá chun comhleanúnachas an Chomhaontaithe leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis arna leasú de bhun mhír 4 a áirithiú, féadfaidh an Comhchoiste a mholadh, lena fhorghnóthas ag na Páirtithe Conarthacha de réir a nósanna imeachta inmheánacha, go ndéanfar an Comhaontú a athbhreithniú.
6. Tagairtí sa Chomhaontú do ghníomhartha dlí de chuid an Aontais nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh, forléireofar iad mar thagairtí don ghníomh dlí aisghairme de chuid an Aontais mar atá comhtháite san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú ó theacht i bhfeidhm chinneadh an Chomhchoiste maidir leis an leasú comhfhreagrach ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú de bhun mhír 4, mura bhforáiltear a mhalairt sa chinneadh sin.
7. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach i mír 1 maidir le gníomhartha dlí de chuid an Aontais, nó forálacha díobh, a thagann faoi raon feidhme eisceachta a liostaítear thíos:
 - Airteagal 5g [Tréimhse réamhfhógra agus rialuithe];

- Airteagal 5h [Ráthaíochtaí airgeadais agus smachtbhannaí airgeadais];
- Airteagal 5i [Cruthúnas ar fhéinfhostaíocht];
- Airteagal 5j [Neamh-chúlchéimniú];
- Airteagal 7b [Mic léinn];
- Airteagal 7e [Buanchónaí];
- Airteagal 7f [Maoin dhochorraithe a cheannach];
- Airteagal 7g [Cártaí aitheantais];
- Airteagal 7h [Díbirt].
- Iarscríbhinn II Scéimeanna Slándála Sóisialta a Chomhordú, Cuid II. Oiriúnuithe Earnála, Pointe 1. a-f.

8. Faoi réir Airteagal 6, tiocfaidh cinntí an Chomhchoiste de bhun mhír 4 i bhfeidhm láithreach, ach ní thiocfaidh siad i bhfeidhm i gcás ar bith roimh an dáta a thiocfaidh an gníomh dlí comhfhreagrach de chuid an Aontais chun bheith infheidhme san Aontas.

9. Oibreoidh na Páirtithe Conarthacha i gcomhar de mheon macánta le linn an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo chun an chinnteoireacht a éascú.

10. Tabharfaidh an tAontas agus an Eilvéis aird ar an bprionsabal ‘pá comhionann as obair chomhionann san áit chéanna’ agus ar chóras dé-fhorfheidhmiúcháin na hEilvéise.

AIRTEAGAL 6

Oibleagáidí bunreachtúla á gcomhlíonadh ag an Eilvéis

1. Le linn an mhalartaithe tuairimí dá dtagraítear in Airteagal 5(3), cuirfidh an Eilvéis in iúl don Aontas cé acu a cheanglaítear nó nach gceanglaítear le cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 5(4) go gcomhlíonfaidh an Eilvéis oibleagáidí bunreachtúla chun bheith ceangailteach.

2. I gcás ina gceanglaítear leis an gcinneadh dá dtagraítear in Airteagal 5(4) ar an Eilvéis oibleagáidí bunreachtúla a chomhlíonadh chun bheith ceangailteach, beidh teorainn ama 2 bhliain ar a mhéad ag an Eilvéis ó dháta na faisnéise dá bhforáiltear i mír 1, ach amháin i gcás ina seolfar nós imeachta reifrinn, agus sa chás sin cuirfear síneadh bliana leis an tréimhse sin.

3. Go dtí go bhfaighidh an Eilvéis an fhaisnéis go bhfuil a hoibleagáidí bunreachtúla comhlíonta aici, cuirfidh na Páirtithe Conarthacha an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 5(4) i bhfeidhm go sealadach, mura rud é go gcuirfidh an Eilvéis in iúl don Aontas nach féidir an cinneadh a chur i bhfeidhm go sealadach agus go soláthróidh siad na cúiseanna leis sin.

Ní féidir, i gcás ar bith, an cur i bhfeidhm sealadach a dhéanamh roimh an dáta a thiocfaidh gníomh dlí comhfhreagrach an Aontais chun bheith infheidhme san Aontas.

4. Tabharfaidh an Eilvéis fógra don Aontas gan mhoill tríd an gComhchoiste a luaithe a bheidh na hoibleagáidí bunreachtúla dá dtagraítear i mír 1 comhlíonta aici.

5. Tiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm an lá a thabharfar an fógra dá bhforáiltear i mír 4, ach ní thiocfaidh sé i bhfeidhm i gcás ar bith roimh an dáta a thiocfaidh an gníomh dlí comhfhreagrach de chuid an Aontais chun bheith infheidhme san Aontas.

CAIBIDIL 3

LÉIRMHÍNIÚ AGUS CUR I bhFEIDHM AN CHOMHAONTAITHE

AIRTEAGAL 7

Prionsabal an léirmhínithe aonfhoirmigh

1. Chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach agus i gcomhréir le prionsabail an dlí idirnáisiúnta phoiblí, déanfar na comhaontuithe déthaobhacha sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach agus gníomhartha dlí an Aontais dá ndéantar tagairt i gcomhaontuithe den sórt sin a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach.

2. Gníomhartha dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear sa Chomhaontú agus, a mhéid a bhaineann a gcur i bhfeidhm le coincheapa dhlí an Aontais, déanfar forálacha an Chomhaontaithe a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, sula síneofar an Comhaontú nó ina dhiaidh sin.

AIRTEAGAL 8

Prionsabal cur i bhfeidhm éifeachtach agus comhchuí

1. Rachaidh an Coimisiún agus údaráis inniúla na hEilvéise i gcomhar a chéile agus tabharfaidh siad cúnamh dá chéile chun a áirithiú go ndéanfar faireachas ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe. Féadfaidh siad faisnéis a mhalartú maidir le gníomhaíochtaí faireachais ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe. Féadfaidh siad tuairimí a mhalartú agus saincheisteanna leasa choitinn a phlé.
2. Déanfaidh gach Páirtí Conarthach bearta iomchuí chun cur i bhfeidhm éifeachtach comhchuí an Chomhaontaithe ar a chríoch a áirithiú.
3. Is iad na Páirtithe Conarthacha laistigh den Chomhchoiste a dhéanfaidh faireachas i gcomhpháirt ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

Má thagann an Coimisiún nó údaráis inniúla na hEilvéise ar an eolas faoi chás inar cuireadh i bhfeidhm go mícheart é, féadfar an t-ábhar a tharchur chuig an gComhchoiste d'fhonn teacht ar réiteach inghlactha.

4. Déanfaidh an Coimisiún agus údaráis inniúla na hEilvéise faireachán ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe ag an bPáirtí Conarthach eile. Tá feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 10.

Ós rud é go bhfuil gá le hinniúlachtaí faireachais áirithe de chuid institiúidí an Aontais a mhéid a bhaineann le Páirtí Conarthach amháin chun cur i bhfeidhm éifeachtach comhchuí an Chomhaontaithe a áirithiú, amhail cumhachtaí imscrúdaithe agus cinnteoireachta, ní mór foráil shonrach a dhéanamh sa Chomhaontú maidir leo.

AIRTEAGAL 9

Prionsabal an eisiachais

Gabhann na Páirtithe Conarthacha orthu féin nach gcuirfidh siad díospóid maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe agus ghníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear sa Chomhaontú nó, i gcás inarb infheidhme, maidir le cinneadh arna ghlacadh ag an gCoimisiún ar bhonn an Chomhaontaithe a bheith i gcomhréir leis an gComhaontú, faoi aon mhodh réitigh seachas na modhanna sin dá bhforáiltear sa Phrótacal seo.

AIRTEAGAL 10

Nós imeachta i gcás deacracht a bhaineann le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm

1. I gcás ina mbeidh deacracht ann an Comhaontú nó gníomh dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear sa Chomhaontú a léirmhíniú nó a chur i bhfeidhm, rachaidh na Páirtithe Conarthacha i gcomhairle le chéile laistigh den Chomhchoiste chun teacht ar réiteach a bheidh inghlactha ag an dá thaobh. Chuige sin, cuirfear na heilimintí úsáideacha faisnéise uile ar fáil don Chomhchoiste chun é a chur ar a chumas dó scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar an gcás. Scrúdóidh an Comhchoiste na féidearthachtaí uile lena bhféadfar feidhmiú cuí an Chomhaontaithe a choinneáil ar bun.
2. Mura mbeidh an Comhchoiste in ann teacht ar réiteach ar an deacracht dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 3 mhí ón dáta a cuireadh an deacracht faoina bhráid, féadfaidh ceachtar de na Páirtithe Conarthacha a iarraidh ar bhinse eadrána an díospóid a réiteach i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos san Fhoscríbhinn.

3. I gcás ina dtarraingeoidh an díospóid ceist anuas maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm forála dá dtagraítear in Airteagal 7(2), agus má tá léirmhíniú na forála sin ábhartha maidir leis an díospóid a shocrú agus más gá é chun a chumasú dó breith a thabhairt, déanfaidh an binse eadrána an cheist sin a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

I gcás ina dtarraingeoidh an díospóid ceist anuas maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm forála a thagann faoi raon feidhme eisceachta ón oibleagáid ailínithe dhinimiciúil dá dtagraítear in Airteagal 5(7), agus i gcás nach mbaineann an díospóid le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm coincheap de dhlí an Aontais, réiteoidh an binse eadrána an díospóid gan í a tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

4. I gcás ina dtarchuirfidh an binse eadrána ceist chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh de bhun mhír 3:

- (a) beidh an rialú ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina cheangal ar an mbinse eadrána; agus
- (b) Beidh na cearta céanna ag an Eilvéis agus atá ag na Ballstáit agus ag institiúidí an Aontais agus beidh sí faoi réir na nósanna imeachta céanna os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, *mutatis mutandis*.

5. Déanfaidh gach Páirtí Conarthach gach beart is gá chun cinneadh an bhinse eadrána a chomhlíonadh de mheon macánta.

An Páirtí Conarthach a gcinnfidh an binse eadrána nár chomhlíon sé an Comhaontú, cuirfidh sé an Páirtí Conarthach eile ar an eolas tríd an gComhchoiste faoi na bearta atá déanta aige chun cinneadh an bhinse eadrána a chomhlíonadh.

6. Na coimircí a leagtar amach sa Dearbhú Comhpháirteach maidir le cúnamh sóisialta a dhiúltú agus cónaí a fhoirceannadh sula bhfuarthas buanchónaí agus sa Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an bhfógra faoi dhul i mbun fostaíochta, atá i gceangal leis an gComhaontú, cuirfear san áireamh iad de mheon macánta i gcomhthéacs díospóidí a cuireadh faoi bhráid an Chomhchoiste a réiteach.

Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír fad a bheidh, agus a mhéid a bheidh, na coimircí fós comhoiriúnach le gníomhartha dlí ábhartha an Aontais mar atá siad comhtháite sa Chomhaontú. Ní dhéanfaidh na coimircí difear do chur i bhfeidhm Airteagal 5(1) den Phrótacal seo.

AIRTEAGAL 11

Bearta cúiteacha

1. Más rud é, maidir leis an bPáirtí Conarthach ar chinn an binse eadrána nár chomhlíon sé an Comhaontú, nach gcuirfidh sé an Páirtí Conarthach eile ar an eolas, laistigh de thréimhse ama réasúnta arna socrú i gcomhréir le hAirteagal IV.2(6) den Fhoscúbhinn, faoi na bearta a rinne sé chun cinneadh an bhinse eadrána a chomhlíonadh, nó má mheasann an Páirtí Conarthach eile nach gcomhlíonann na bearta a cuireadh in iúl cinneadh an bhinse eadrána, féadfaidh an Páirtí Conarthach eile sin bearta cúiteacha comhréireacha a ghlacadh faoi chuimsiú an Chomhaontaithe nó aon chomhaontaithe dhéthaobhaigh eile sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach (dá ngairtear ‘bearta cúiteacha’ anseo feasta) chun éagothroime a d’fhéadfadh a bheith ann a leigheas. Tabharfaidh sé fógra don Pháirtí Conarthach ar chinn an binse eadrána nár chomhlíon sé an Comhaontú maidir leis na bearta cúiteacha, a shonrófar san fhógra. Gabhfaidh éifeacht leis na bearta cúiteacha sin 3 mhí ó dháta an fhógra sin.

2. Más rud é, laistigh de mhí amháin ón dáta a dtabharfar fógra faoi na bearta cúiteacha atá beartaithe, nach mbeidh cinneadh déanta ag an gComhchoiste na bearta cúiteacha sin a chur ar fionraí, a leasú nó a neamhniú, féadfaidh ceachtar Páirtí Conarthach an cheist maidir le comhréireacht na mbeart cúiteach sin a chur chun eadrána, i gcomhréir leis an bhFoscúibhinn.
3. Déanfaidh an binse eadrána cinneadh laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal III.8(4) den Fhoscúibhinn.
4. Ní bheidh éifeacht chúlghabhálach ag bearta cúiteacha. Go háirithe, caomhnófar na cearta agus na hoibleagáidí a fuair daoine aonair agus oibreachí eacnamaíocha cheana féin sula ngabhfaidh éifeacht leis na bearta cúiteacha.

AIRTEAGAL 12

Comhar idir dlínsí

1. Chun an léirmhíniú aonchineálach a chur chun cinn, tiocfaidh Cúirt Uachtarach Chónaidhme na hEilvéise agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar chomhaontú maidir le hidirphlé agus módúlachtaí an idirphlé sin.
2. Beidh sé de cheart ag an Eilvéis ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn a thaisceadh le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás ina dtarchuirfidh cúirt de chuid Ballstáit den Aontas ceist chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le léirmhíniú an Chomhaontaithe nó forála de ghníomh dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear ann le haghaidh réamhrialú.

CAIBIDIL 4

FORÁLACHA EILE

AIRTEAGAL 13

Rannhuidiú airgeadais

1. Rannchuideoidh an Eilvéis le maoiniú ghníomhaíochtaí ghníomhaireachtaí an Aontais, na gcóras faisnéise agus na ngníomhaíochtaí eile a liostaítear in Airteagal 1 den Iarscríbhinn a bhfuil rochtain aici orthu, i gcomhréir leis an Airteagal seo agus leis an Iarscríbhinn.

Féadfaidh an Comhchoiste cinneadh a ghlacadh chun an Iarscríbhinn a leasú.

2. Féadfaidh an tAontas rannpháirtíocht na hEilvéise sna gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur ar fionraí tráth ar bith mura gcomhlíonann an Eilvéis an sprioc-am íocaíochta i gcomhréir leis na téarmaí íocaíochta a leagtar amach in Airteagal 2 den Iarscríbhinn.

I gcás nach gcomhlíonann an Eilvéis sprioc-am íocaíochta, seolfaidh an tAontas litir mheabhrúcháin fhoirmiúil chuig an Eilvéis. I gcás nach ndéanfar íocaíocht iomlán laistigh de 30 lá ón dáta a gheofar an litir mheabhrúcháin fhoirmiúil sin, féadfaidh an tAontas rannpháirtíocht na hEilvéise sa ghníomhaíocht ábhartha a chur ar fionraí.

3. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht airgeadais suim na méideanna seo a leanas:

(a) ranníocaíocht oibríochtúil; agus

(b) táille rannpháirtíochta.

4. Beidh an ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ranníocaíocht airgeadais bhliantúil agus beidh sí dlite ar na dátaí a shonraítear sna glaonna ar chistí arna n-eisiúint ag an gCoimisiún.

5. Beidh an ranníocaíocht oibríochtúil bunaithe ar threoir ranníoca arna sainiú mar an cóimheas idir olltáirgeacht intíre (dá ngairtear ‘OTI’ anseo feasta) na hEilvéise ag praghsanna an mhargaidh agus OTI an Aontais ag praghsanna an mhargaidh.

Chun na críche sin, is iad na figiúirí is déanaí a bheidh ar fáil amhail an 1 Eanáir den bhliain ina ndéantar an íocaíocht bhliantúil de réir mar a sholáthróidh Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh (EUROSTAT) iad na figiúirí a úsáidfear le haghaidh OTI na bPáirtithe Conarthacha ag praghsanna an mhargaidh, agus aird chuí á tabhairt ar an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhar i réimse an staidrimh, arna dhéanamh i Lucsamburg an 26 Deireadh Fómhair 2004. Má scoireann an comhaontú sin d’fheidhm a bheith aige, is é an figiúr a ghlacfar mar OTI na hEilvéise an figiúr a bhunófar ar bhonn na faisnéise arna cur ar fáil ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta.

6. Déanfar an ranníocaíocht oibríochtúil le haghaidh gach gníomhaireachta de chuid an Aontais a ríomh tríd an treoir ranníoca a chur i bhfeidhm ar a buiséad bliantúil arna vótáil atá inscríofa ar an líne/na línte fóirdheontais ábhartha de bhuiséad an Aontais den bhliain atá i gceist, agus aon ranníocaíocht oibríochtúil choigeartaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 1 den Iarscríbhinn á cur san áireamh le haghaidh gach gníomhaireachta.

Déanfar an ranníocaíocht oibríochtúil le haghaidh na gcóras faisnéise agus na ngníomhaíochtaí eile a ríomh tríd an treoir ranníoca a chur i bhfeidhm ar bhuiséad ábhartha na bliana atá i gceist mar a leagtar amach i ndoiciméid lena gcuirtear an buiséad chun feidhme, amhail cláir oibre nó conarthaí.

Beidh na méideanna tagartha uile bunaithe ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanais.

7. 4 % den ranníocaíocht oibríochtúil bhliantúil arna ríomh i gcomhréir le míreanna 5 agus 6 a bheidh sa táille rannpháirtíochta bhliantúil.

8. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis leordhóthanach don Eilvéis i ndáil lena ranníocaíocht airgeadais a ríomh. Soláthrófar an fhaisnéis sin agus aird chuí á tabhairt ar rialacha rúndachta agus cosanta sonraí an Aontais.

9. Is in euro a dhéanfar ranníocaíochtaí airgeadais uile na hEilvéise nó na híocaíochtaí uile ón Aontas agus is in euro a ríomhfar na méideanna a bheidh dlite nó le fáil.

10. I gcás nach mbeidh teacht i bhfeidhm an Phrótacail seo i gcomhthráth le tús bliana féilire, beidh ranníocaíocht oibríochtúil na hEilvéise le haghaidh na bliana i gceist faoi réir coigeartú, de réir na modheolaíochta agus na dtéarmaí íocaíochta a shainítear in Airteagal 5 den Iarscríbhinn.

11. Leagtar amach forálacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo san Iarscríbhinn.

12. 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú ar choinníollacha rannpháirtíochta na hEilvéise mar a shainmhínítear in Airteagal 1 den Iarscríbhinn agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé iad a oiriúnú.

AIRTEAGAL 14

Tagairtí do chríocha

Aon uair a bheidh tagairtí sna gníomhartha dlí de chuid an Aontais arna gcomhtháthú sa Chomhaontú do chríoch ‘an Aontais Eorpaigh’, ‘an Aontais’, an ‘cómhargaidh’ nó an ‘mhargaidh inmheánaigh’, tuigfear, chun críocha an Chomhaontaithe, gur tagairtí do na críocha dá dtagraítear in Airteagal 24 den Chomhaontú iad na tagairtí.

AIRTEAGAL 15

Tagairtí do náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais

Aon uair a bheidh tagairtí sna gníomhartha dlí de chuid an Aontais arna gcomhtháthú sa Chomhaontú do náisiúnaigh de chuid Bhallstáit an Aontais, tuigfear, chun críocha an Chomhaontaithe, gur tagairtí iad do náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais agus na hEilvéise.

AIRTEAGAL 16

Teacht i bhfeidhm agus cur chun feidhme ghníomhartha dlí an Aontais

Forálacha na ngníomhartha dlí de chuid an Aontais arna gcomhtháthú sa Chomhaontú maidir lena dteacht i bhfeidhm nó lena gcur chun feidhme, níl siad ábhartha chun críocha an Chomhaontaithe.

Eascraíonn na teorainneacha ama agus na dátaí don Eilvéis chun na cinntí lena gcomhtháthaítear gníomhartha dlí an Aontais sa Chomhaontú a thabhairt i bhfeidhm agus a chur chun feidhme as Airteagal 5(8) agus Airteagal 6(5), agus as forálacha maidir le socruithe idirthréimhseacha.

AIRTEAGAL 17

Seolaithe ghníomhartha dlí an Aontais

Forálacha na ngníomhartha dlí de chuid an Aontais arna gcomhtháthú sa Chomhaontú lena léirítear gur ar Bhallstáit an Aontais atá siad dírithe, níl siad ábhartha chun críocha an Chomhaontaithe.

CAIBIDIL 5

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 18

Cur chun feidhme

1. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha gach beart is iomchuí, bíodh sé ginearálta nó sonrach, chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an gComhaontú agus staonfaidh siad ó aon bheart a dhéanamh a d'fhéadfadh gnóthú chuspóirí an Chomhaontaithe a chur i mbaol.

2. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha na bearta uile is gá chun toradh beartaithe ghníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear sa Chomhaontú a ráthú agus staonfaidh siad ó aon bheart a dhéanamh a d'fhéadfadh gnóthú a n-aidhmeanna a chur i mbaol.

AIRTEAGAL 19

Teacht i bhfeidhm

1. Déanfaidh an tAontas agus an Eilvéis an Prótacal seo a dhaingniú nó a fhormheas i gcomhréir lena nósanna imeachta féin. Tabharfaidh an tAontas agus an Eilvéis fógra dá chéile faoi chur i gcrích na nósanna imeachta inmheánacha is gá do theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo.
2. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an fhógra dheireanaigh maidir leis na hionstraimí seo a leanas:
 - (a) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine;
 - (b) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar;
 - (c) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar;

- (d) Prótacal maidir le Státchabhair a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar;
- (e) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar;
- (f) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar;
- (g) Prótacal maidir le Státchabhair a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar;
- (h) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta;
- (i) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta;
- (j) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta;
- (k) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le ranníocaíocht tráthrialta airgeadais na hEilvéise chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta san Aontas Eorpach a laghdú;

- (l) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gclár de chuid an Aontais;
- (m) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis.

AIRTEAGAL 20

Leasú agus foirceannadh

1. Féadfar an Prótacal seo a leasú tráth ar bith trí chomhaontú frithpháirteach an Aontais agus na hEilvéise.
2. I gcás ina bhfoirceannfar an Comhaontú i gcomhréir le hAirteagal 25(3) den Chomhaontú, scoirfidh an Prótacal seo d'fheidhm a bheith aige ar an dáta dá dtagraítear in Airteagal 25(4) den Chomhaontú.
3. I gcás ina scoirfidh an Comhaontú de bheith i bhfeidhm, caomhnófar na cearta agus na hoibleagáidí a fuair daoine aonair agus oibreoirí eacnamaíocha cheana féin de bhua an Chomhaontaithe roimh dháta scoir an Chomhaontaithe. Socróidh an tAontas agus an Eilvéis trí chomhaontú frithpháirteach cén ghníomhaíocht a bheidh le déanamh i ndáil le cearta atá á bhfáil.

Arna dhéanamh [i/in/sa/san ...], an [...], i ndúblach, sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus tá gach téacs díobh barántúil.

Á FHIANÚ SIN, chuir na daoine thíos-sínithe, agus údar cuí acu chuige sin, a lámh leis an bPrótacal seo.

(Bloc na sínithe, amhail an méid seo a leanas, i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais: ‘Thar ceann an Aontais Eorpaigh’ agus ‘Thar ceann Chónaidhm na hEilvéise’)

IARSCRÍBHINN MAIDIR LE hAIRTEAGAL 13 DEN PHRÓTACAL A CHUR I BHFEIDHM

AIRTEAGAL 1

Liosta de ghníomhaíochtaí ghníomhaireachtaí, chórais faisnéise agus ghníomhaíochtaí eile an Aontais a bhfuil an Eilvéis le ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh leo

Déanfaidh an Eilvéis ranníocaíocht airgeadais i leith na nithe seo a leanas:

(a) gníomhaireachtaí:

ceann ar bith.

(b) córais faisnéise:

An líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta mar a bunaíodh le Rialachán (AE) 2016/589 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Aibreán 2016 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 107, 22.4.2016, lch. 1), mar is infheidhme de réir Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú;

Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1), a ceartaíodh le IO L 200, 7.6.2004, lch. 1 agus IO L 204, 4.8.2007, lch. 30) agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1), mar is infheidhme de réir Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú;

Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) mar a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún (IO L 316, 14.11.2012, lch. 1), mar is infheidhme de réir Iarscríbhinn I agus III a ghabhann leis an gComhaontú.

(c) gníomhaíochtaí eile:

ceann ar bith.

AIRTEAGAL 2

Téarmaí íocaíochta

1. Déanfar íocaíochtaí atá dlite de bhun Airteagal 13 den Phrótacal i gcomhréir leis an Airteagal seo.
2. Agus glao ar chistí na bliana airgeadais á eisiúint ag an gCoimisiún, cuirfidh sé an fhaisnéis seo a leanas in iúl don Eilvéis:

(a) méid na ranníocaíochta oibríochtúla; agus

(b) méid na táille rannpháirtíochta.

3. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis seo a leanas maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise in iúl don Eilvéis a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí an 16 Aibreán de gach bliain airgeadais:

(a) na méideanna i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais bhuiséad bliantúil an Aontais a vótáladh atá inscríofa ar línte fóirdheontais buiséid ábhartha an Aontais don bhliain i gceist le haghaidh gach gníomhaireachta de chuid an Aontais, agus aon ranníocaíocht oibríochtúil choigeartaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 1 á cur san áireamh le haghaidh gach gníomhaireachta, agus na méideanna i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais i ndáil le buiséad an Aontais a vótáladh don bhliain i gceist le haghaidh bhuiséad ábhartha na gcóras faisnéise agus gníomhaíochtaí eile, lena gcumhdaítear rannpháirtíocht na hEilvéise i gcomhréir le hAirteagal 1;

(b) méid na táille rannpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 13(7) den Phrótacal; agus

(c) a mhéid a bhaineann le gníomhaireachtaí, i mbliain $N+1$ na méideanna i ngealltanais bhuiséadacha a rinneadh maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais a údaráíodh i mbliain N ar na línte fóirdheontais buiséid ábhartha de chuid an Aontais i ndáil le buiséad bliantúil an Aontais atá inscríofa ar línte fóirdheontais buiséid ábhartha an Aontais le haghaidh bhliain N .

4. Ar bhonn a dhréachtbhuiséid, soláthróidh an Coimisiún meastachán ar an bhfaisnéis faoi phointí (a) agus (b) de mhír 3 a luaithe is féidir, agus, ar a dhéanaí, faoin 1 Meán Fómhair den bhliain airgeadais.

5. Eiseoidh an Coimisiún don Eilvéis, an 16 Aibreán ar a dhéanaí agus, más infheidhme maidir leis an ngníomhaireacht ábhartha, an córas faisnéise nó gníomhaíocht eile, an 22 Deireadh Fómhair ar a luaithe agus ar a dhéanaí an 31 Deireadh Fómhair gach bliain airgeadais, glao ar chistí a chomhfhreagraíonn do ranníocaíocht na hEilvéise faoin gComhaontú le haghaidh gach ceann de na gníomhaireachtaí, na córais faisnéise agus na gníomhaíochtaí eile ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach.

6. Déanfar an glao (nó na glaonna) ar chistí dá dtagraítear i mír 5 a struchtúró i dtráthchodanna mar a leanas:

- (a) an chéad tráthchuid de gach bliain, i ndáil leis an nglao ar chistí atá le heisiúint faoin 16 Aibreán, comhfhreagróidh sí do mhéid suas le coibhéis an mheastacháin ar ranníocaíocht bhliantúil airgeadais na gníomhaireachta, an chórais faisnéise nó na gníomhaíochta eile i gceist dá dtagraítear i mír 4;

Íocfaidh an Eilvéis an méid a shonrófar sa ghlaó ar chistí sin 60 lá ar a dhéanaí tar éis eisiúint an ghlaó ar chistí.

- (b) i gcás inarb infheidhme, an dara tráthchuid den bhliain, i ndáil leis an nglao ar chistí atá le heisiúint an 22 Deireadh Fómhair ar a luaithe agus an 31 Deireadh Fómhair ar a dhéanaí, comhfhreagróidh sí don difríocht idir an méid dá dtagraítear i mír 4 agus an méid dá dtagraítear i mír 5 i gcás ina mbeidh an méid dá dtagraítear i mír 5 níos airde.

Íocfaidh an Eilvéis an méid a shonrófar sa ghlaó sin ar chistí faoin 21 Nollaig ar a dhéanaí.

I gcás gach glao ar chistí, féadfaidh an Eilvéis íocaíochtaí ar leithligh a dhéanamh le haghaidh gach gníomhaireachta, córais faisnéise nó gníomhaíochta eile.

7. Don chéad bhliain de chur chun feidhme an Phrótacail, eiseoidh an Coimisiún aon ghlaio amháin ar chistí, laistigh de 90 lá tar éis theacht i bhfeidhm an Phrótacail.

Íocfaidh an Eilvéis an méid a shonrófar sa ghlaio ar chistí 60 lá ar a dhéanaí tar éis eisiúint an ghlaio ar chistí.

8. Is é an toradh a bheidh ar aon mhoill ar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais go n-íocfaidh an Eilvéis ús mainneachtana ar an méid atá gan íoc ón dáta dlite suas go dtí an lá a íocfar ina iomláine an méid sin gan íoc.

Is é an ráta úis ar mhéideanna is infhaighte nach n-íoctar ar an dáta dlite an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar a phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, mar a fhoilsítear i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den mhí ina mbeidh an dáta dlite, nó 0 %, cibé acu is airde, móide 3,5 pointe céatadáin.

AIRTEAGAL 3

Ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise le gníomhaireachtaí an Aontais a choigeartú
i bhfianaise an chur chun feidhme

Déanfar ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise le gníomhaireachtaí an Aontais a choigeartú i mbliain N+1, nuair a choigeartófar an ranníocaíocht oibríochtúil tosaigh suas nó síos de réir na difríochta idir an ranníocaíocht oibríochtúil tosaigh agus ranníocaíocht choigeartaithe arna ríomh trí threoir ranníoca bhliain N a chur i bhfeidhm maidir le méid na ngealltanais buiséadach a dhéantar ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanais a údaraítear i mbliain N faoi na línte buiséid ábhartha maidir le fóirdheontais an Aontais. I gcás inarb infheidhme, cuirfear san áireamh sa difríocht, i gcás gach gníomhaireachta, an ranníocaíocht oibríochtúil choigeartaithe bunaithe ar chéatadán mar a shainmhínítear in Airteagal 1.

AIRTEAGAL 4

Socruithe atá ann cheana

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 13 den Phrótacal ná ag an Iarscríbhinn seo maidir le socruithe sonracha idir an Eilvéis agus an tAontas lena n-áirítear ranníocaíochtaí airgeadais ón Eilvéis. Is iad seo a leanas na gníomhaireachtaí, na córais faisnéise agus na gníomhaíochtaí eile a chumhdaítear leis na socruithe sin:

- Córas Faisnéise Frithpháirteach maidir le Cosaint Shóisialta (MISSOC), de réir socruithe conarthacha na hEilvéise agus an Choimisiúin faoi seach le rúnaíocht MISSOC.

AIRTEAGAL 5

Socruithe idirthréimhseacha

I gcás nach é an 1 Eanáir dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail, beidh feidhm ag an Airteagal seo de mhaolú ar Airteagal 2.

I gcás na chéad bhliana de chur chun feidhme an Phrótacail, i ndáil leis an ranníocaíocht oibríochtúil atá dlite le haghaidh na bliana i gceist is infheidhme maidir leis an ngníomhaireacht ábhartha, leis an gcóras faisnéise ábhartha nó le gníomhaíocht ábhartha eile, mar a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 13 den Phrótacal agus le hAirteagail 1 go 3 den Iarscríbhinn seo, laghdófar an ranníocaíocht oibríochtúil ar bhonn *pro rata temporis* trí mhéid na ranníocaíochta oibríochtúla bliantúla atá dlite a iolrú faoi chóimheas na nithe seo a leanas:

- (a) an líon laethanta féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Phrótacail go dtí an 31 Nollaig den bhliain i gceist; agus
- (b) an líon iomlán laethanta féilire den bhliain i gceist.

FOSCRÍBHINN MAIDIR LEIS AN mBINSE EADRÁNA

CAIBIDIL I

RÉAMHFHORÁLACHA

AIRTEAGAL I.1

Raon feidhme

Má chuireann ceann de na Páirtithe Conarthacha (dá ngairtear ‘páirtithe’ anseo feasta) díospóid isteach le haghaidh eadrána i gcomhréir le hAirteagal 10(2) nó Airteagal 11(2) den Phrótacal nó má thugann sé cás chun eadrána i gcomhréir le hAirteagal 14a(2) nó (4) den Chomhaontú, beidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach san Fhoscríbhinn seo.

AIRTEAGAL I.2

Seirbhísí clárlainne agus rúnaíochta

Comhlíonfaidh Biúró Idirnáisiúnta na Buanchúirte Eadrána sa Háig (dá ngairtear ‘an Biúró Idirnáisiúnta’ anseo feasta) feidhmeanna na clárlainne agus soláthróidh sé na seirbhísí rúnaíochta is gá.

AIRTEAGAL I.3

Fógraí agus teorainneacha ama a ríomh

1. Féadfar fógraí, lena n-áirítear teachtaireachtaí nó tograí, a sheoladh trí aon mhodh cumarsáide lena ndeimhnítear a dtarchur, nó lena gcumasaítear iad a dheimhniú.
2. Ní fhéadfar fógraí den sórt sin a sheoladh go leictreonach ach amháin má tá seoladh ainmnithe nó údaraithe ag páirtí go sonrach chun na críche sin.
3. Seolfar fógraí den sórt sin a sheirbheálfar ar na páirtithe, i gcás na hEilvéise, chuig Rannán Eorpach Roinn Cónaidhme Gnóthaí Eachtracha na hEilvéise agus, i gcás an Aontais, chuig Seirbhís Dlí an Choimisiúin.

4. Rithfidh aon teorainn ama a leagtar síos san Fhoscríbhinn seo ón lá tar éis tarlú teagmhais nó déanamh birt. Más rud é gur lá nach lá oibre ag institiúidí an Aontais nó rialtas na hEilvéise an lá deireanach chun doiciméad a sheachadadh, tiocfaidh deireadh le tréimhse seachadta an doiciméid ar an gcéad lá oibre ina dhiaidh sin. Déanfar laethanta neamhoibre a thagann faoi réim na tréimhse ama a chomhaireamh.

AIRTEAGAL I.4

Fógra eadrána

1. An páirtí a chuirfidh chuige eadráin a úsáid (dá ngairtear ‘iarratasóir’ anseo feasta), seolfaidh sé fógra eadrána chuig an bpáirtí eile (dá ngairtear ‘cosantóir’ anseo feasta) agus chuig an mBiúró Idirnáisiúnta.
2. Measfar imeachtaí eadrána a bheith tosaithe ar an lá tar éis an lae a gheobhaidh an cosantóir an fógra eadrána.
3. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san fhógra eadrána:
 - (a) an t-éileamh go ndéanfar an díospóid a tharchur chun eadrána;
 - (b) ainmneacha agus sonraí teagmhála na bpáirtithe;
 - (c) ainm agus seoladh ghníomhaire nó ghníomhairí an iarratasóra;

- (d) bunús dlí na n-imeachtaí (Airteagal 10(2) nó Airteagal 11(2) den Phrótacal) agus:
- (i) sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Phrótacal, an cheist is cúis leis an díospóid mar a iontráladh go hoifigiúil í, lena réiteach, ar chlár oibre an Chomhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 10(1) den Phrótacal; agus
 - (ii) sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 11(2) den Phrótacal, cinneadh an bhinse eadrána, aon bheart cur chun feidhme a luaitear in Airteagal 10(5) den Phrótacal agus na bearta cúiteacha is ábhar díospóide;
 - (iii) sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 14a (2) agus (4) den Chomhaontú, na deacrachtaí líomhainte i gcomhréir le hAirteagal 14a (2) den Chomhaontú;
- (e) aon riail is cúis leis an díospóid nó a bhaineann léi a ainmniú;
- (f) tuairisc ghairid ar an díospóid; agus
- (g) ainmniú eadránaí nó, má tá cúigear eadránaithe le ceapadh, ainmniú beirt eadránaithe.

4. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 10(3) den Phrótacal, féadfaidh faisnéis a bheith san fhógra eadrána freisin maidir leis an ngá atá le tarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

5. Ní chuirfidh aon éileamh ar leordhóthanacht an fhógra eadrána cosc ar chomhdhéanamh an bhinse eadrána. Déanfaidh an binse eadrána an díospóid a chinneadh go cinntitheach.

AIRTEAGAL I.5

Freagairt ar an bhfógra eadrána

1. Laistigh de 60 lá ón bhfógra eadrána a fháil, seolfaidh an cosantóir freagra ar an bhfógra eadrána chuig an iarratasóir agus chuig an mBiúró Idirnáisiúnta, ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas:
 - (a) ainmneacha agus sonraí teagmhála na bpáirtithe;
 - (b) ainm agus seoladh ghníomhaire nó ghníomhairí an chosantóra;
 - (c) freagra ar an bhfaisnéis a thugtar san fhógra eadrána i gcomhréir le pointí (d) go (f) d’Airteagal I.4(3); agus
 - (d) ainmniú eadránaí nó, má tá cúigear eadránaithe le ceapadh, ainmniú beirt eadránaithe.
2. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 10(3) den Phrótacal, féadfaidh freagra ar an bhfaisnéis a thugtar san fhógra eadrána i gcomhréir le hAirteagal I.4(4) den Fhoscríbhinn seo agus faisnéis maidir leis an ngá atá le tarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bheith sa fhreagra ar an bhfógra eadrána.
3. Ní chuirfidh easpa freagartha, nó freagra neamhiomlán nó déanach ón gcosantóir ar an bhfógra eadrána cosc ar bhunú binse eadrána. Déanfaidh an binse eadrána an díospóid a chinneadh go cinntitheach.

4. Má iarrann an cosantóir go mbeadh cúigear eadránaithe ar an mbinse eadrána ina fhreagra ar an bhfógra eadrána, ainmneoidh an t-iarratasóir eadránaí breise laistigh de 30 lá ón bhfreagra ar an bhfógra eadrána a fháil.

AIRTEAGAL I.6

Ionadaíocht agus cúnamh

1. Déanfaidh gníomhaire amháin nó níos mó ionadaíocht ar na páirtithe os comhair an bhinse eadrána. Féadfaidh na gníomhairí cúnamh a fháil ó chomhairleoirí nó ó dhlíodóirí.
2. Cuirfear aon athrú ar na gníomhairí nó ar a seoltaí in iúl don pháirtí eile, don Bhiúró Idirnáisiúnta agus don bhinse eadrána. Féadfaidh an binse eadrána, tráth ar bith, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó pháirtí, fianaise ar na cumhachtaí a thugtar do ghníomhairí na bpáirtithe a iarraidh.

CAIBIDIL II

COMHDHÉANAMH AN BHINSE EADRÁNA

AIRTEAGAL II.1

An líon eadránaithe

Triúr eadránaithe a bheidh ar an mbinse eadrána. Má iarrann an t-iarratasóir ina fhógra eadrána nó an cosantóir ina fhreagra ar an bhfógra eadrána amhlaidh, beidh cúigear eadránaithe ar an mbinse eadrána.

AIRTEAGAL II.2

Na headránaithe a cheapadh

1. Má tá triúr eadránaithe le ceapadh, ainmneoidh gach ceann de na páirtithe duine acu. Roghnóidh an bheirt eadránaithe arna gceapadh ag na páirtithe an tríú headránaí, a bheidh ina chathaoirleach ar an mbinse eadrána.
2. Má tá cúigear eadránaithe le ceapadh, ainmneoidh gach páirtí beirt díobh. Roghnóidh an ceathrar eadránaithe arna gceapadh ag na páirtithe an cúigiú headránaí, a bheidh ina chathaoirleach ar an mbinse eadrána.

3. Más rud é, laistigh de 30 lá tar éis ainmniú an eadránaí deiridh arna cheapadh ag na páirtithe, nach mbeidh na headránaithe tar éis teacht ar chomhaontú maidir le cathaoirleach an bhinse eadrána a roghnú, is é Ardrúnaí na Buanchúirte Eadrána a cheapfaidh an cathaoirleach.

4. Chun cúnamh a thabhairt eadránaithe a roghnú chun an binse eadrána a chomhdhéanamh, déanfar liosta táscach de dhaoine ag a bhfuil na cáilíochtaí dá dtagraítear i mír 6 a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta nuair is gá, ar liosta é a bheidh i gcoiteann ag gach comhaontú déthaobhach sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach chomh maith leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le sláinte, arna dhéanamh [i/in/sa/san ...] an [...] (dá ngairtear ‘an Comhaontú maidir le Sláinte’ anseo feasta), an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta, arna dhéanamh i Lucsamburg an 21 Meitheamh 1999 (dá ngairtear ‘an Comhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta’ anseo feasta) agus an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le ranníocaíocht tráthrialta airgeadais na hEilvéise chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta san Aontas Eorpach a laghdú, arna dhéanamh [i/in/sa/san ...] an [...] (dá ngairtear ‘an Comhaontú maidir le ranníocaíocht tráthrialta airgeadais na hEilvéise’ anseo feasta). Déanfaidh an Comhchoiste an liosta sin a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta le cinneadh chun críocha an Chomhaontaithe.

5. I gcás nach n-ainmneoidh páirtí eadránaí, ceapfaidh Ardrúnaí na Buanchúirte Eadrána an t-eadránaí sin ón liosta dá dtagraítear i mír 4. In éagmais liosta den sórt sin, déanfaidh Ard-Rúnaí na Buanchúirte Eadrána an t-eadránaí a cheapadh trí chranncur ó na pearsana aonair a mhol páirtí amháin nó an dá pháirtí go foirmiúil chun críocha mhír 4.

6. Is daoine ardcháilithe iad na daoine a chomhdhéanann an binse eadrána, bíodh nó ná bíodh ceangail acu leis na páirtithe, a ráthaítear a neamhspleáchas agus a n-easpa coinbhleachtaí leasa, mar aon le raon leathan taithí. Go háirithe, beidh saineolas léirithe acu ar an dlí agus ar na hábhair a chumhdaítear leis an gComhaontú seo; ní ghlacfaidh siad teoracha ó cheachtar páirtí; agus feidhmeoidh siad ina gcáil phearsanta, agus ní ghlacfaidh siad le teoracha ó aon eagraíocht ná aon rialtas maidir le hábhair a bhaineann leis an díospóid. Beidh taithí ag cathaoirleach an bhinse eadrána freisin ar nósanna imeachta um réiteach díospóidí.

AIRTEAGAL II.3

Dearbhuithe eadránaithe

1. Le linn do dhuine a bheith á mheas lena cheapadh mar eadránaí, tuairisceoidh an duine sin na himthosca uile is dóigh a bheidh ina gcúis le hamhras dlisteanach maidir lena neamhchlaontacht nó lena neamhspleáchas. Ón gceapachán agus le linn na n-imeachtaí eadrána ar fad, tuairisceoidh eadránaí na himthosca sin do na páirtithe agus do na headránaithe eile gan mhoill, mura ndearna an t-eadránaí amhlaidh cheana féin.
2. Féadfar aon eadránaí a bhriseadh as a phost más ann d'imthosca a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hamhras dlisteanach faoina neamhchlaontacht nó faoina neamhspleáchas.
3. Ní fhéadfaidh páirtí a iarraidh go mbrisfí eadránaí as a phost ach amháin ar chúis a thagann chun cinn dó tar éis an cheapacháin sin.
4. Mura ngníomhaíonn eadránaí nó mura féidir le headránaí *de jure* nó *de facto* a ról a chomhlíonadh, beidh feidhm ag an nós imeachta chun eadránaithe a bhriseadh as a bpost a leagtar síos in Airteagal II.4.

AIRTEAGAL II.4

Eadránaithe a bhriseadh as a bpost

1. Aon pháirtí ar mian leis eadránaí a bhriseadh as a phost, déanfaidh sé iarraidh ar dhífhostú laistigh de 30 lá ón dáta a thugtar fógra dó faoi cheapadh an eadránaí sin nó laistigh de 30 lá ón dáta a thagann sé le bheith ar an eolas faoi na himthosca dá dtagraítear in Airteagal II.3.
2. Seolfar an iarraidh ar dhífhostú chuig an bpáirtí eile, chuig an eadránaí dífhostaithe, chuig na headránaithe eile agus chuig an mBiúró Idirnáisiúnta. Leagfar amach ann na cúiseanna atá leis an iarraidh ar dhífhostú.
3. Nuair a bheidh iarraidh ar dhífhostú déanta, féadfaidh an páirtí eile glacadh leis an iarraidh ar dhífhostú. Féadfaidh an t-eadránaí i gceist éirí as freisin. Ní thugtar le tuiscint leis an nglacadh nó leis an éirí as go n-aithnítear na cúiseanna atá leis an iarraidh ar dhífhostú.
4. Más rud é, laistigh de 15 lá ón dáta ar tugadh fógra faoin iarraidh ar dhífhostú, nach nglacfaidh an páirtí eile leis an iarraidh ar dhífhostú nó nach n-éireoidh an t-eadránaí i gceist as, féadfaidh an páirtí a d'iarr an dífhostú a iarraidh ar Ard-Rúnaí na Buanchúirte Eadrána cinneadh a dhéanamh maidir leis an dífhostú.
5. Mura gcomhaontóidh na páirtithe a mhalairt, léireofar sa chinneadh dá dtagraítear i mír 4 na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin.

AIRTEAGAL II.5

Eadránaí a ionadú

1. Faoi réir mhír 2 den Airteagal seo, más gá eadránaí a ionadú le linn na n-imeachtaí eadrána, ceapfar nó roghnófar ionadaí i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal II.2 is infheidhme maidir le ceapadh nó roghnú an eadránaí a bheidh le hionadú. Beidh feidhm ag an nós imeachta sin fiú murar fheidhmigh páirtí amháin a cheart chun an t-eadránaí atá le hionadú a cheapadh nó chun páirt a ghlacadh i gceapadh an eadránaí sin.
2. I gcás eadránaí a ionadú, atosófar ar an nós imeachta ag an gcéim inar scoir an t-eadránaí ar cuireadh eadránaí eile ina ionad dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna a chomhlíonadh, mura gcinnfidh an binse eadrána a mhalairt.

AIRTEAGAL II.6

Eisiamh dliteanais

Ach amháin i gcásanna ina ndéantar éagóir d'aon ghnó nó mórfhaillí, diúltaíonn na páirtithe, a mhéid is féidir a cheadaítear leis an dlí is infheidhme, aon chaingean i gcoinne na n-eadránaithe maidir le haon ghníomh nó neamhghníomh a bhaineann leis an eadráin.

CAIBIDIL III

IMEACHTAÍ EADRÁNA

AIRTEAGAL III.1

Forálacha ginearálta

1. Is é an dáta ar ghlac an t-eadránaí deiridh lena cheapachán nó lena ceapachán dáta bunaithe an bhinse eadrána.
2. Áiritheoidh an binse eadrána go gcaithfear go cothrom leis na páirtithe agus, ag céim chuí de na himeachtaí, go mbeidh deis leordhóthanach ag gach ceann acu a gcearta a dhearbhu agus a gcás a chur i láthair. Seolfaidh an binse eadrána na himeachtaí ar shlí a sheachnóidh moilleanna agus caiteachas nach bhfuil gá leis agus a áiritheoidh go socrófar an díospóid idir na páirtithe.
3. Eagrófar éisteacht, mura gcinnfidh an binse eadrána a mhalairt, tar éis na páirtithe a éisteacht.
4. Nuair a chuirfidh páirtí teachtaireacht chuig an mbinse eadrána, déanfaidh sé amhlaidh tríd an mBiúró Idirnáisiúnta agus cuirfidh sé cóip chuig an bpáirtí eile an tráth céanna. Seolfaidh an Biúró Idirnáisiúnta cóip den teachtaireacht sin chuig gach duine de na headránaithe.

AIRTEAGAL III.2

Áit eadrána

Is í an Háig an áit eadrána. Féadfaidh an binse eadrána, más gá sin in imthosca eisceachtúla, teacht le chéile in aon áit eile is cuí leis dá chuid pléití.

AIRTEAGAL III.3

Teanga

1. Is iad an Fhraincis agus an Béarla teangacha na n-imeachtaí.
2. Féadfaidh an binse eadrána a ordú go mbeidh aistriúchán go ceann de theangacha na n-imeachtaí ag gabháil leis na doiciméid uile atá i gceangal leis an ráiteas éilimh nó leis an ráiteas cosanta agus leis na doiciméid bhreise uile a tháirgtear le linn na n-imeachtaí, arna gcur isteach ina dteanga bhunaidh.

AIRTEAGAL III.4

Ráiteas éilimh

1. Seolfaidh an t-iarratasóir a ráiteas éilimh i scríbhinn chuig an gcosantóir agus chuig an mbinse eadrána tríd an mBiúró Idirnáisiúnta, laistigh den teorainn ama arna socrú ag an mbinse eadrána. Féadfaidh an t-iarratasóir a chinneadh a fhógra eadrána dá dtagraítear in Airteagal I.4 a mheas mar ráiteas éilimh, ar choinníoll go gcomhlíonann sé na coinníollacha i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo freisin.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa ráiteas éilimh:

(a) an fhaisnéis a leagtar amach i bpointí (b) go (f) d'Airteagal I.4(3);

(b) ráiteas fíoras a cuireadh isteach mar thaca leis an éileamh; agus

(c) na hargóintí dlíthiúla a cuireadh chun cinn mar thaca leis an éileamh.

3. Beidh ag gabháil leis an ráiteas éilimh, a mhéid is féidir, aon doiciméad agus aon fhianaise eile a luaigh an t-iarratasóir nó ba cheart tagairt a dhéanamh dóibh ann. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 10(3) den Phrótacal, beidh faisnéis sa ráiteas éilimh freisin, a mhéid is féidir, maidir leis an ngá atá le tarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

AIRTEAGAL III.5

Ráiteas cosanta

1. Seolfaidh an cosantóir an ráiteas cosanta i scríbhinn chuig an iarratasóir agus chuig an mbinse eadrána tríd an mBiúró Idirnáisiúnta, laistigh den teorainn ama arna socrú ag an mbinse eadrána. Féadfaidh an cosantóir a chinneadh an freagra ar an bhfógra eadrána dá dtagraítear in Airteagal I.5 a mheas mar ráiteas cosanta, ar choinníoll go gcomhlíonann an freagra ar an bhfógra eadrána na coinníollacha i mír 2 den Airteagal seo freisin.

2. Freagróidh an ráiteas cosanta do na pointí sa ráiteas éilimh a shonraítear i gcomhréir le pointí (a) go (c) d'Airteagal III.4(2) den Fhoscríbhinn seo. Beidh ag gabháil leis, a mhéid is féidir, aon doiciméad agus aon fhianaise eile a bheidh luaite ag an gcosantóir nó ba cheart tagairt a dhéanamh dóibh ann. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 10(3) den Phrótacal, beidh faisnéis sa ráiteas cosanta freisin, a mhéid is féidir, maidir leis an ngá atá le tarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
3. Sa ráiteas cosanta, nó ag céim níos déanaí sna himeachtaí eadrána má chinneann an binse eadrána go bhfuil údar le moill de bharr imthosca, féadfaidh an cosantóir frithéileamh a dhéanamh ar choinníoll go bhfuil dlínse ag an mbinse eadrána ina leith.
4. Beidh feidhm ag Airteagal III.4(2) agus (3) maidir le frithéileamh.

AIRTEAGAL III.6

Dlínse eadrána

1. Rialóidh an binse eadrána an bhfuil dlínse aige ar bhonn Airteagal 10(2) nó Airteagal 11(2) den Phrótacal nó ar bhonn Airteagal 14a(2) nó (4) den Chomhaontú.
2. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Phrótacal, beidh sainordú ag an mbinse eadrána scrúdú a dhéanamh ar an gceist is cúis leis an díospóid arna hiontráil go hoifigiúil, lena réiteach, ar chlár oibre an Chomhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 10(1) den Phrótacal.

3. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 11(2) den Phrótacal, beidh sainordú ag an mbinse eadrána a d'éist leis an bpríomhchás scrúdú a dhéanamh ar chomhréireacht na mbeart cúiteach is ábhar díospóide, lena n-áirítear i gcás ina ndearnadh na bearta sin go hiomlán nó go páirteach i gcomhaontú déthaobhach eile sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach.
4. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 14a (2) agus (4) den Chomhaontú, beidh sainordú ag an mbinse eadrána scrúdú a dhéanamh cé acu ar cruthaíodh na deacrachtaí líomhainte nó nár cruthaíodh agus an é cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe is cúis leo.
5. Déanfar réamhagóid maidir le heaspa dlínse an bhinse eadrána ar a dhéanaí sa ráiteas cosanta nó, i gcás frithéilimh, sa fhreagra. Má tá páirtí tar éis eadránaí a cheapadh nó má ghlac sé páirt ina cheapachán, ní bhainfear an ceart de réamhagóid den sórt sin a dhéanamh. Déanfar an réamhagóid go rachadh an díospóid thar chumhachtaí an bhinse eadrána a luaithe a tharraingeofar an cheist anuas a líomhnaítear a théann thar a cumhachtaí le linn na n-imeachtaí eadrána. In aon chás, féadfaidh an binse eadrána réamhagóid a cheadú a dhéanfar tar éis don teorainn ama atá leagtha síos dul in éag má chreideann sé go raibh cúis bhailí leis an moill.
6. Féadfaidh an binse eadrána rialú a thabhairt ar an réamhagóid dá dtagraítear i mír 4 trí dhéileáil léi mar réamhcheist nó sa chinneadh ar shubstaint an cháis.

AIRTEAGAL III.7

Aighneachtaí eile i scríbhinn

Déanfaidh an binse eadrána, tar éis dó dul i gcomhairle leis na páirtithe, breith a thabhairt ar na haighneachtaí eile i scríbhinn, i dteannta an ráitis éilimh agus an ráitis cosanta, a dhéanfaidh nó a fhéadfaidh na páirtithe a chur isteach agus socróidh sé an teorainn ama lena gcur isteach.

AIRTEAGAL III.8

Teorainneacha ama

1. Ní rachaidh na teorainneacha ama arna socrú ag an mbinse eadrána chun na doiciméid i scríbhinn a chur in iúl, lena n-áirítear an ráiteas éilimh agus an ráiteas cosanta, thar 90 lá, mura gcomhaontóidh na páirtithe a mhalairt.
2. Déanfaidh an binse eadrána a chinneadh críochnaitheach laistigh de 12 mhí ó dháta a bhunaithe. In imthosca eisceachtúla a bhfuil deacracht ar leith ag baint leo, féadfaidh an binse eadrána síneadh suas le 3 mhí bhreise a chur leis an tréimhse sin.
3. Déanfar na teorainneacha ama a leagtar síos i míreanna 1 agus 2 a laghdú faoina leath:
 - (a) arna iarraidh sin don iarratasóir nó don chosantóir, más rud é, laistigh de 30 lá tar éis an iarraidh sin a fháil, go rialaíonn an binse eadrána, tar éis an páirtí eile a éisteacht, go bhfuil práinn leis an gcás; nó
 - (b) má chomhaontaíonn na páirtithe amhlaidh.

4. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 11(2) den Phrótacal, déanfaidh an binse eadrána a chinneadh críochnaitheach laistigh de 6 mhí ón dáta ar tugadh fógra faoi na bearta cúiteacha i gcomhréir le hAirteagal 11(1) den Phrótacal.

5. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 14a (2) agus (4) den Chomhaontú, tabharfaidh an binse eadrána a chinneadh críochnaitheach laistigh de 6 mhí ó dháta a bhunaithe.

AIRTEAGAL III.9

Cásanna arna dtarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

1. Le linn Airteagal 7 agus Airteagal 10(3) den Phrótacal a chur i bhfeidhm, déanfaidh an binse eadrána tarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

2. Féadfaidh an binse eadrána tarchur a dhéanamh chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh tráth ar bith sna himeachtaí, ar choinníoll go bhfuil an binse eadrána in ann cúlra dlíthiúil agus fíorasach an cháis a shainiú beacht go leor, mar aon leis na ceisteanna dlí a tharraingítear anuas ann.

Cuirfear na himeachtaí os comhair an bhinse eadrána ar fionraí go dtí go mbeidh a rialú tugtha ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

3. Féadfaidh gach páirtí iarraidh réasúnaithe a chur chuig an mbinse eadrána chun tarchur a dhéanamh chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Diúltóidh an binse eadrána d'iarraidh den sórt sin má mheasann sé nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le tarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear i mír 1. Má dhiúltaíonn an binse eadrána d'iarraidh páirtí ar tharchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tabharfaidh sé cúiseanna lena chinneadh sa bhreith ar shubstaint an cháis.

4. Déanfaidh an binse eadrána tarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh trí bhíthin fógra. Beidh an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, san fhógra:

- (a) tuairisc ghairid ar an díospóid;
- (b) an gníomh dlí nó gníomhartha dlí de chuid an Aontais agus/nó an foráil nó na forálacha den Chomhaontú atá i gceist; agus
- (c) an coincheap de dhlí an Aontais atá le léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Phrótacal.

Tabharfaidh an binse eadrána fógra faoin tarchur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chuig na páirtithe.

5. Cuirfidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm, *mutatis mutandis*, na rialacha nós imeachta inmheánacha is infheidhme maidir le feidhmiú a dlínse chun réamhrialú a dhéanamh ar léirmhíniú na gConarthaí agus na ngníomhartha arna ndéanamh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

6. Na gníomhairí agus na dlíodóirí atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh do na páirtithe os comhair an bhinse eadrána de bhun Airteagail I.4, I.5, III.4 agus III.5, údarófar dóibh ionadaíocht a dhéanamh ar na páirtithe os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

AIRTEAGAL III.10

Bearta idirlinne

1. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 11(2) den Phrótacal, féadfaidh ceachtar páirtí, ag céim ar bith den nós imeachta eadrána, iarratas a dhéanamh ar bhearta eatramhacha arb é atá iontu na bearta cúiteacha a chur ar fionraí.
2. Sonrófar in iarratas de bhun mhír 1 ábhar na n-imeachtaí, na himthosca is cúis le práinn agus na saincheistanna fíorais agus dlí lena mbunaítear cás *prima facie* le haghaidh na mbeart eatramhach arna n-iarraidh. Beidh ann an fhianaise agus na tairiscintí fianaise uile atá ar fáil chun údar a thabhairt le deonú na mbeart eatramhach.
3. Déanfaidh an páirtí a iarrann na bearta eatramhacha a iarratas a sheoladh i scríbhinn chuig an bpáirtí eile agus chuig an mbinse eadrána tríd an mBiúró Idirnáisiúnta. Socróidh an binse eadrána teorainn ama ghearr ar laistigh di a fhéadfaidh an páirtí eile sin barúlacha i scríbhinn nó ó bhéal a chur isteach.
4. Glacfaidh an binse eadrána, laistigh de 1 mhí amháin tar éis an t-iarratas dá dtagraítear i mír 1 a bheith curtha isteach, cinneadh maidir leis na bearta cúiteacha atá á gconspóid a chur ar fionraí má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) gur deimhin leis an mbinse eadrána *prima facie* fiúntas an cháis arna chur isteach ag an bpáirtí a d'iarr na bearta eatramhacha ina iarratas;
 - (b) go measann an binse eadrána, ar feitheamh a chinnidh chríochnaithigh, go ndéanfaí díobháil thromchúiseach dholeasaithe don pháirtí a iarrann na bearta eatramhacha in éagmais na mbeart cúiteach a chur ar fionraí; agus

- (c) gur mó an díobháil a rinneadh don pháirtí a d'iarr na bearta eatramhacha trí na bearta cúiteacha atá faoi chonspóid a chur i bhfeidhm láithreach ná an leas i gcur i bhfeidhm láithreach agus éifeachtach na mbeart sin.
5. Ní bheidh feidhm ag fionraí na n-imeachtaí dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal III.9(2) in imeachtaí de bhun an Airteagail seo.
6. Ní bheidh ach éifeacht eatramhach ag cinneadh a ghlacfaidh an binse eadrána de réir mhír 4 agus beidh sé gan dochar do chinneadh an bhinse eadrána ar shubstaint an cháis.
7. Mura rud é go socrófar leis an gcinneadh a ghlacfaidh an binse eadrána i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo dáta is luaithe le haghaidh dheireadh na fionraí, rachaidh an fhionraí in éag nuair a ghlacfar an cinneadh críochnaitheach de bhun Airteagal 11(2) den Phrótacal.
8. Chun amhras a sheachaint, chun críocha an Airteagail seo, tuigtear, le linn don bhinse eadrána leasanna an pháirtí a iarrann na bearta eatramhacha agus an pháirtí eile a bhreithniú, go gcuirfidh sé san áireamh leasanna daoine aonair agus oibreoirí eacnamaíocha na bpáirtithe, ach nach é an toradh a bheidh orthu siúd a chur san áireamh aon seasamh a dheonú do dhaoine aonair nó d'oibreoirí eacnamaíocha den sórt sin os comhair an bhinse eadrána.

AIRTEAGAL III.11

Fianaise

1. Soláthróidh gach páirtí fianaise ar na fíorais arb iad forais a éilimh nó a chosanta iad.

2. Ar iarraidh ó pháirtí, nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an binse eadrána faisnéis ábhartha a mheasann sé a bheith riachtanach agus iomchuí a lorg ó na Páirtithe. Socróidh an binse eadrána teorainn ama do na páirtithe chun freagra a thabhairt ar a iarraidh.
3. Ar iarraidh ó pháirtí, nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an binse eadrána aon fhaisnéis is iomchuí leis a lorg ó aon fhoinsé. Tá sé de cheart ag an mbinse eadrána freisin tuairim saineolaithe a lorg de réir mar is iomchuí leis agus faoi réir téarmaí agus coinníollacha a chomhaontóidh na páirtithe, i gcás inarb infheidhme.
4. Aon fhaisnéis a gheobhaidh binse eadrána faoin Airteagal seo cuirfear ar fáil í do na páirtithe agus féadfaidh na páirtithe tuairimí faoin bhfaisnéis sin a chur faoi bhráid an bhinse eadrána.
5. Tar éis don bhinse eadrána tuairimí an pháirtí eile a lorg, glacfaidh sé bearta iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar aon cheist a tharraingeoidh páirtí anuas maidir le cosaint sonraí pearsanta, rúndacht ghairmiúil agus leasanna dlisteanacha rúndachta.
6. Is é an binse eadrána a thabharfaidh breithiúnas ar inghlacthacht, ábharthacht agus neart na fianaise a tiolacadh.

AIRTEAGAL III.12

Éisteachtaí

1. Nuair nach mór éisteacht a bheith ann, déanfaidh an binse eadrána, tar éis dó dul i gcomhairle leis na páirtithe, fógra a thabhairt do na páirtithe fada go leor roimh ré maidir le dáta, am agus áit na héisteachta.

2. Is éisteacht phoiblí a bheidh ann, mura rud é go ndéanfaidh an binse eadrána, uaidh féin nó ar iarratas ó na páirtithe, a mhalairt a chinneadh ar chúiseanna tromaí.
3. Déanfaidh cathaoirleach an bhinse eadrána miontuairiscí gach éisteachta a tharraingt suas agus a shíniú. Is iad na miontuairiscí sin amháin a bheidh barántúil.
4. Féadfaidh an binse eadrána cinneadh a dhéanamh an éisteacht a thionól go fíorúil de réir chleachtas an Bhiúró Idirnáisiúnta. Cuirfear na páirtithe ar an eolas faoin gcleachtas sin go tráthúil. I gcásanna den sórt sin, beidh feidhm ag mír 1, *mutatis mutandis*, agus ag mír 3.

AIRTEAGAL III.13

Réamhshocrú

1. Más rud é, laistigh den teorainn ama a leagtar síos leis an bhFoscúibhinn seo nó a leagann an binse eadrána síos, nach mbeidh a ráiteas éilimh curtha isteach ag an iarratasóir, gan cúis leordhóthanach a thabhairt, ordóidh an binse eadrána go ndúnfar na himeachtaí eadrána, mura mbeidh ceisteanna gan réiteach ann a bhféadfadh gá a bheith le rialú ina leith agus más cuí leis an mbinse eadrána déanamh amhlaidh.

Más rud é, laistigh den teorainn ama a leagtar síos leis an bhFoscúibhinn seo nó ag an mbinse eadrána, nach mbeidh a fhreagra ar an bhfógra eadrána nó a ráiteas cosanta curtha isteach ag an gcosantóir, gan cúis leordhóthanach a thaispeáint, ordóidh an binse eadrána go leanfar leis na himeachtaí, gan a mheas gurb ionann an mhainneachtain féin agus glacadh líomhaintí an iarratasóra.

Tá feidhm ag an dara fomhír freisin i gcás nach gcuireann an t-iarratasóir freagra ar fhrithéileamh isteach.

2. Mura dtiocfaidh páirtí, a chomórfar go cuí i gcomhréir le hAirteagal III.12(1), i láthair ag éisteacht agus mura léireoidh sé cúis leordhóthanach gan déanamh amhlaidh, féadfaidh an binse eadrána leanúint den eadráin.

3. Páirtí ar iarr an binse eadrána air go cuí tuilleadh fianaise a thabhairt ar aird, mura ndéanfaidh sé amhlaidh laistigh de na teorainneacha ama a shocraítear gan cúis leordhóthanach a thaispeáint gan déanamh amhlaidh, féadfaidh an binse eadrána rialú a thabhairt ar bhonn na fianaise a bheidh ar fáil aige.

AIRTEAGAL III.14

Dúnadh an nós imeachta

1. I gcás ina léirítear go raibh deis réasúnach ag na páirtithe a n-argóintí a chur i láthair, féadfaidh an binse eadrána dúnadh na n-imeachtaí a dhearbhuí.

2. Féadfaidh an binse eadrána, má mheasann sé gur gá sin mar gheall ar imthosca eisceachtúla, cinneadh a dhéanamh ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó pháirtí na himeachtaí a athoscailt tráth ar bith sula mbeidh a chinneadh déanta aige.

CAIBIDIL IV

CINNEADH

AIRTEAGAL IV.1

Cinntí

Féachfaidh an binse eadrána lena chinntí a dhéanamh de chomhthoil. Más rud é, áfach, nach féidir cinneadh a dhéanamh de chomhthoil, is é tromlach na n-eadránaithe a dhéanfaidh cinneadh an bhinse eadrána.

AIRTEAGAL IV.2

Foirm agus éifeacht chinneadh an bhinse eadrána

1. Féadfaidh an binse eadrána cinntí ar leithligh a dhéanamh ar cheisteanna éagsúla ag tráthanna éagsúla.
2. Eiseofar gach cinneadh i scríbhinn agus luafar iontu na cúiseanna ar a bhfuil siad bunaithe. Beidh siad críochnaitheach agus ina gceangal ar na páirtithe.
3. Síneoidh na headránaithe cinneadh an bhinse eadrána, beidh ann an dáta a rinneadh é agus luafar ann an áit eadrána. Cuirfidh an Biúró Idirnáisiúnta cóip den chinneadh arna shíniú ag na headránaithe in iúl do na páirtithe.

4. Déanfaidh an Biúró Idirnáisiúnta cinneadh an bhinse eadrána a phoibliú.

Le linn don Bhiúró Idirnáisiúnta cinneadh an bhinse eadrána a phoibliú, urramóidh sé na rialacha ábhartha maidir le cosaint sonraí pearsanta, rúndacht ghairmiúil agus leasanna dlisteanacha rúndachta.

Beidh na rialacha dá dtagraítear sa dara fomhír comhionann le haghaidh na gcomhaontuithe déthaobhacha uile i réimsí an mhargaidh inmheánaigh ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach, agus le haghaidh an Chomhaontaithe maidir le sláinte, an Chomhaontaithe maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta agus an Chomhaontaithe maidir le ranníocaíocht tráthrialta airgeadais na hEilvéise. Déanfaidh an Comhchoiste na rialacha sin a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta le cinneadh chun críocha an Chomhaontaithe.

5. Comhlíonfaidh na páirtithe cinntí uile an bhinse eadrána gan mhoill.

6. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Phrótacal, tar éis don bhinse eadrána tuairim na bpáirtithe a fháil, socróidh sé teorainn ama réasúnta sa chinneadh ar shubstaint an cháis chun a chinneadh a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 10(5) den Phrótacal agus nósanna imeachta inmheánacha na bpáirtithe á gcur san áireamh.

AIRTEAGAL IV.3

An dlí is infheidhme, rialacha maidir le léiriú, idirghabhálaí

1. Is éard atá sa dlí is infheidhme an Comhaontú, na gníomhartha dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear ann, chomh maith le haon riail eile den dlí idirnáisiúnta atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm na n-ionstraimí sin.

2. Déanfaidh an binse eadrána cinneadh i gcomhréir leis na rialacha maidir le léiriú dá dtagraítear in Airteagal 7 den Phrótacal.
3. Cinntí roimh ré arna nglacadh ag comhlacht um réiteach díospóidí maidir le comhréireacht beart cúiteach faoi chomhaontú déthaobhach eile i measc na gcinntí sin dá dtagraítear in Airteagal 11(1) den Phrótacal, beidh siad ina gceangal ar an mbinse eadrána.
4. Ní cheadófar don bhinse eadrána cinneadh a dhéanamh mar idirghabhálaí ná *ex aequo et bono*.

AIRTEAGAL IV.4

Réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach nó cúiseanna eile chun an nós imeachta a dhúnadh

1. Féadfaidh na páirtithe, tráth ar bith, réiteach ar a ndíospóid a chomhaontú go frithpháirteach. Cuirfidh siad aon réiteach den sórt sin in iúl go comhpháirteach don bhinse eadrána. Má éilítear formheas leis an réiteach de bhun nósanna imeachta intíre ábhartha ceachtar páirtí, déanfar tagairt san fhógra don cheanglas sin, agus cuirfear an nós imeachta eadrána ar fionraí. Mura gá formheas den sórt sin, nó nuair a bheidh fógra tugtha faoi thabhairt chun críche aon nós imeachta intíre den sórt sin, déanfar an nós imeachta eadrána a dhúnadh.
2. Más rud é, le linn imeachtaí, go gcuirfidh an t-iarratasóir in iúl i scríbhinn don bhinse eadrána nach mian leis na himeachtaí a shaothrú a thuilleadh, agus más rud é, ar an dáta a gheobhaidh an binse eadrána an chumarsáid sin, nach bhfuil aon bheart déanta fós ag an gcosantóir sna himeachtaí, eiseoidh an binse eadrána ordú ina dtaifeadfar go hoifigiúil dúnadh na n-imeachtaí. Déanfaidh an binse eadrána cinneadh maidir leis na costais, a íocfaidh an t-iarratasóir, má dhealraíonn sé go bhfuil údar leis sin de bharr iompar an pháirtí sin.

3. Más rud é, sula ndéantar cinneadh an bhinse eadrána, go dtagann an binse eadrána ar an gconclúid go bhfuil sé gan chiall nó dodhéanta leanúint de na himeachtaí ar aon chúis seachas na cúiseanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, cuirfidh an binse eadrána in iúl do na páirtithe go bhfuil sé ar intinn aige ordú a eisiúint lena ndúnfar na himeachtaí.

Níl feidhm ag an gcéad fhomhír i gcás ina bhfuil ceisteanna gan réiteach ann ar féidir gur gá rialú ina leith agus más cuí leis an mbinse eadrána déanamh amhlaidh.

4. Cuirfidh an binse eadrána in iúl do na páirtithe cóip den ordú lena ndúntar na himeachtaí eadrána nó den chinneadh a rinneadh trí chomhaontú idir na páirtithe, agus í sínithe ag na headránaithe. Beidh feidhm ag Airteagal IV.2(2) go (5) maidir le cinntí eadrána a ghlacfar trí chomhaontú idir na páirtithe.

AIRTEAGAL IV.5

Cinneadh an bhinse eadrána a cheartú

1. Laistigh de 30 lá tar éis cinneadh an bhinse eadrána a fháil, féadfaidh páirtí, trí fhógra a thabhairt don pháirtí eile agus don bhinse eadrána tríd an mBiúró Idirnáisiúnta, a iarraidh ar an mbinse eadrána aon earráid sa ríomh, aon earráid chléireachais nó chló, nó aon earráid nó easnamh dá samhail a cheartú i dtéacs chinneadh an bhinse eadrána. I gcás ina measfaidh sé go bhfuil údar cuí leis an iarraidh, déanfaidh an binse eadrána an ceartú laistigh de 45 lá tar éis dó an iarraidh a fháil. Ní bheidh éifeacht fionraíochta ag an iarraidh ar an teorainn ama dá bhforáiltear in Airteagal IV.2(6).

2. Féadfaidh an binse eadrána, laistigh de 30 lá tar éis dó a chinneadh a chur in iúl, na ceartúcháin dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh ar a thionscnamh féin.
3. Déanfar na ceartúcháin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i scríbhinn agus beidh siad ina gcuid dhílis den chinneadh. Beidh feidhm ag Airteagal IV.2(2) go (5).

AIRTEAGAL IV.6

Táillí eadránaithe

1. Beidh na táillí dá dtagraítear in Airteagal IV.7 réasúnta, agus castacht an cháis, an t-am a chaitheann na headránaithe air agus na cúinsí ábhartha eile go léir á gcur san áireamh.
2. Déanfar liosta de chúiteamh laethúil agus de na huaireanta uasta agus íosta, a bheidh i gcoiteann ag gach comhaontú déthaobhach sna réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach chomh maith leis an gComhaontú maidir le sláinte, an Comhaontú maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta agus an Comhaontú maidir le ranníocaíocht tráthrialta airgeadais na hEilvéise, a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta nuair is gá. Déanfaidh an Comhchoiste an liosta sin a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta le cinneadh chun críocha an Chomhaontaithe.

AIRTEAGAL IV.7

Costais

1. Iompróidh gach páirtí a chostais féin agus leath de chostais an bhinse eadrána.

2. Socróidh an binse eadrána a chostais ina chinneadh ar shubstaint an cháis. Ní áireofar ar na costais sin ach an méid seo a leanas:

- (a) táillí na n-eadránaithe, a luafar ar leithligh le haghaidh gach eadránaí agus a shocróidh an binse eadrána féin i gcomhréir le hAirteagal IV.6;
- (b) costais taistil agus costais eile arna dtabhú ag na headránaithe; agus
- (c) táillí agus costais an Bhiúró Idirnáisiúnta.

3. Beidh na costais dá dtagraítear i mír 2 réasúnta, agus an méid atá faoi dhíospóid, castacht na díospóide, an t-am a chaith na headránaithe agus aon saineolaí arna cheapadh ag an mbinse eadrána uirthi agus aon toisc ábhartha eile á gcur san áireamh.

AIRTEAGAL IV.8

Costais a thaisceadh

1. Ag tús na headrána, féadfaidh an Biúró Idirnáisiúnta a iarraidh ar na páirtithe méid comhionann a thaisceadh mar réamhíocaíocht le haghaidh na gcostas dá dtagraítear in Airteagal IV.7(2).

2. Le linn na n-imeachtaí eadrána, féadfaidh an Biúró Idirnáisiúnta taiscí atá forlíontach leo siúd dá dtagraítear i mír 1 a iarraidh ar na páirtithe.

Déanfar na méideanna uile arna dtaisceadh ag na páirtithe i gcur i bhfeidhm an Airteagail seo a íoc leis an mBiúró Idirnáisiúnta agus íocfaidh sé amach iad chun na costais a tabhaíodh iarbhír a chumhdach, lena n-áirítear, go háirithe, na táillí arna n-íoc leis na headránaithe agus leis an mBiúró Idirnáisiúnta.

CAIBIDIL V

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL V.1

Leasuithe

Féadfaidh an Comhchoiste, le cinneadh, leasuithe ar an bhFoscúbhinn seo a ghlacadh.
